- (30) Baineann Airteagal 101 den Chonradh le comhaontuithe idir dhá ghnóthas nó níos mó. In imthosca áirithe, féadfar tuairisc a thabhairt ar an gcaidreamh idir gníomhaire agus a phríomhaí mar chaidreamh nach ngníomhaíonn an gníomhaire mar oibreoir eacnamaíoch neamhspleách ann a thuilleadh. Tá feidhm aige seo i gcás nach mbeidh aon rioscaí suntasacha airgeadais ná tráchtála ag an gníomhaire i ndáil leis na conarthaí arna dtabhairt i gcrích nó arna gcaibidliú thar ceann an phríomhaí, mar a mhínítear tuilleadh i míreanna (31) go (34) <sup>(38)</sup>. Sa chás sin, tá an comhaontú gníomhaireachta go hiomlán nó go páirteach lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh <sup>(39)</sup>. Ós rud é gur eisceacht é sin ar infheidhmeacht ghinearálta Airteagal 101 den Chonradh maidir le comhaontuithe idir gnóthais, ba cheart na coinníollacha maidir le comhaontú a aicmiú mar chomhaontú gníomhaireachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh a léirmhíniú go cúng. Mar shampla, is lú seans go ndéanfar comhaontú gníomhaireachta a aicmiú mar chomhaontú atá lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh i gcás ina ndéanann an gníomhaire conarthaí a chaibidliú agus/nó a thabhairt i gcrích thar ceann líon mór príomhaithe <sup>(40)</sup>. Ní rud ábhartha le haghaidh an mheasúnaithe é an cáiliú a thugann na páirtithe nó an dlí náisiúnta don aicmiú sin.

<sup>(34)</sup> Féach Cás C-226/11 – *Expedia*, mír 37.

<sup>(35)</sup> Féach mír 8 den Fhógra De Minimis.

<sup>(36)</sup> Féach mír 3 den Fhógra De Minimis. Féach an breithiúnas an 8 Meitheamh 1995, *Langnese-Iglo v An Coimisiún*, Cás T-7/93, EU:T:1995:98, mír 98.

<sup>(37)</sup> Mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

<sup>(38)</sup> Féach breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2005, *DaimlerChrysler v an Coimisiún*, Cás T-325/01, EU:T:2005:322 (dá ngairtear “Cás T-325/01 – *DaimlerChrysler v An Coimisiún*” anseo feasta); An 14 Nollaig 2006, *Confederación Española de Empresarios de Estaciones de Servicio v CEPSA*, Cás C-217/05, AE:C:2006:784; agus an 11 Meán Fómhair 2008, *CEPSA Estaciones de Servicio SA v LV Tobar e Hijos SL*, Cás C-279/06, AE:C:2008:485.

<sup>(39)</sup> Féach Roinn 3.2.2. de na Treoirí seo maidir le forálacha an chomhaontaithe gníomhaireachta a d’fhéadfadh teacht fós faoi Airteagal 101(1) den Chonradh.

<sup>(40)</sup> Féach breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 1987, *ASBL Vereniging van Vlaamse Reisbureaus contre ASBL Sociale Dienst van de Plaatselijke en Gewestelijke Overheidsdiensten*, Cás 311/85, EU:C:1987:418, mír 20.

- (31) Tá trí chineál riosca airgeadais nó tráchtála ann is ábhartha d'aicmiú comhaontaithe mar chomhaontú gníomhaireachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh:
- (a) rioscaí a bhaineann go sonrach le conradh, a bhaineann go díreach leis na conarthaí a thugann an gníomhaire i gcrích agus/nó a ndéanann sé idirbheartaíocht orthu thar ceann an phríomhaí, amhail stoic a mhaoiniú;
  - (b) ar an dara dul síos, tá rioscaí ann a bhaineann le hinfheistíochtaí margadh-shonracha. Ceanglaítear na hinfheistíochtaí sin go sonrach le haghaidh an chineáil gníomhaíochta ar cheap an príomhaí an gníomhaire lena aghaidh, is é sin, infheistíochtaí a cheanglaítear chun é a chur ar a chumas don gníomhaire cineál sonrach conartha a thabhairt i gcrích agus/nó idirbheartaíocht a dhéanamh air. Infheistíochtaí báite a bhíonn in infheistíochtaí den sórt sin de ghnáth, rud a chiallaíonn nach féidir an infheistíocht a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí eile nó í a dhíol seachas ar phraghas lena mbaineann caillteanas suntasach agus ar an bpraghas sin amháin, nuair a imítear as an réimse gníomhaíochta áirithe sin;
  - (c) rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí eile a dhéantar ar mhargadh an táirge céanna, a mhéid a cheanglaíonn an príomhaí mar chuid den chaidreamh gníomhaireachta ar an ngníomhaire gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh, ní mar ghníomhaire thar ceann an phríomhaí, ach ar riosca an ghníomhaire féin.
- (32) Déanfar comhaontú a aicmiú mar chomhaontú gníomhaireachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh nuair nach mbeidh aon cheann de na cineálacha riosca a liostaítear i mír (31) ar an ngníomhaire nó má iompraíonn sé na rioscaí sin go suntasach. Bíonn suntasacht aon riosca den sórt sin a ghlacann an gníomhaire le measúnú trí thagairt don luach saothair a thuilleann an gníomhaire as na seirbhísí gníomhaireachta a sholáthar, mar shampla a choimisiún, seachas trí thagairt do na n-ioncam a ghintear trí dhíol na n-earraí nó na seirbhísí a chumhdaítear leis an gcomhaontú gníomhaireachta. Mar sin féin, maidir le rioscaí a bhaineann leis an ngníomhaíocht i leith seirbhísí gníomhaireachta a sholáthar i gcoitinne, amhail an riosca go mbeidh ioncam an ghníomhaire spleách ar a rath mar ghníomhaire nó ar infheistíochtaí gearálta in áitreabh nó i bpearsanra mar shampla a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh aon chineáil gníomhaíochta, ní rioscaí iad sin is ábhartha don mheasúnú.
- (33) I bhfianaise a bhfuil thuas, déanfar comhaontú a aicmiú go gearálta mar chomhaontú gníomhaireachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh i gcás:
- (a) nach bhfaigheann sé an mhaoin sna hearraí a cheannaítear nó a dhíoltar faoin gcomhaontú gníomhaireachta agus nach soláthraíonn féin na seirbhísí a cheannaítear nó a dhíoltar faoin gcomhaontú gníomhaireachta. Ní choisctear comhaontú gníomhaireachta atá lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh i ngeall go bhféadfaidh an gníomhaire maoin earraí an chonartha a fháil mar éadail go sealadach, ar feadh tréimhse an-ghearr, agus é á ndíol thar ceann an phríomhaí, ar choinníoll nach dtabhóidh an gníomhaire aon chostas ná riosca a bhaineann le haistriú sin na maoin;
  - (b) nach rannchuideoidh an gníomhaire leis na costais a bhaineann le soláthar nó ceannach earraí nó seirbhísí an chonartha, lena n-áirítear na costais chun na hearraí a iompar. Ní choisctear leis sin ar an ngníomhaire an tseirbhís iompair a dhéanamh, ar choinníoll go gcumhdóidh an príomhaí na costais;
  - (c) nach gcoimeádann sé stoic earraí an chonartha ar a chostas féin nó ar a costas féin, lena n-áirítear an costas a bhaineann leis an stoc a mhaoiniú agus an costas a bhaineann le stoic a cailleadh. Ba cheart go mbeadh an gníomhaire in ann earraí nár díoladh a thabhairt ar ais don phríomhaí gan mhúirear, mura bhfuil locht ar an ngníomhaire, mar shampla, toisc nach gcomhlíonann sé nó sí bearta réasúnacha slándála nó frithghoidte chun caillteanais stoic a sheachaint;
  - (d) nach nglacann an gníomhaire freagracht as neamhfheidhmiú an chonartha ag custaiméir, cé is moite de chailleadh choimisiún an ghníomhaire, mura rud é go bhfuil an locht ar an ngníomhaire (mar shampla, trí mhainneachtain bearta slándála nó frithghoidte réasúnacha a chomhlíonadh nó trí mhainneachtain bearta réasúnacha a chomhlíonadh chun goid a thuairisciú don phríomhaí nó do na póilíní nó trí mhainneachtain an fhaisnéis uile is gá agus dá bhfuil ar fáil dó maidir le hiontaofacht airgeadais an chustaiméara a chur in iúl don phríomhaí);
  - (e) nach nglacann an gníomhaire freagracht i leith custaiméirí nó tríú páirtithe eile as caillteanas nó as damáiste de thoradh sholáthar earraí nó seirbhísí an chonartha, ach amháin más ar an ngníomhaire atá an locht;
  - (f) nach bhfuil an gníomhaire, go díreach nó go hindíreach, faoi oibleagáid infheistiú i dtionscnamh díolacháin, lena n-áirítear trí ranníocaíochtaí le buiséad fógraíochta an phríomhaí nó le gníomhaíochtaí fógraíochta nó cur chun cinn a bhaineann go sonrach le hearraí nó le seirbhísí an chonartha, ach amháin i gcás ina n-aisíocfaidh an príomhaí na costais sin go hiomlán;

- (g) nach ndéanann an gníomhaire infheistíochtaí a bhaineann le margadh sonrach i dtrealamh, áitreabh, oiliúint pearsanra nó fógraíocht, amhail an t-umar stórála peitрил i gcás miondíol peitрил, bogearraí sonracha chun polasaithe árachais a dhíol i gcás gníomhairí árachais, nó fógraíocht a bhaineann le bealaí nó le cinn scríbe i gcás gníomhairí taistil a dhíolann eitiltí nó cóiríocht óstáin ach amháin i gcás ina n-aisíocfaidh an príomhaí na costais sin go hiomlán;
- (h) nach ndéanann an gníomhaire gníomhaíochtaí eile laistigh de mhargadh an táirge céanna a cheanglaíonn an príomhaí faoin gcaidreamh gníomhaireachta air (mar shampla, na hearraí a sheachadadh), ach amháin i gcás ina n-aisíocfaidh an príomhaí costais na gníomhaíochtaí sin go hiomlán.
- (34) Cé go bhfuil an liosta a leagtar amach i mír (33) neamh-uileghabhálach, i gcás ina dtabhóidh an gníomhaire ceann amháin nó níos mó de na rioscaí nó na costais a luaitear i míreanna (31) go (33) de na Treoirlínte seo, ní dhéanfar an comhaontú idir an gníomhaire agus an príomhaí a aicmiú mar chomhaontú gníomhaireachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh <sup>(41)</sup>. Ní mór measúnú a dhéanamh ar cheist an riosca ar bhonn cás ar chás, agus maidir le réaltacht eacnamaíoch an cháis seachas maidir leis an bhfoirm dlíthiúil an chomhaontaithe. Ar chúiseanna praiticiúla, féadfar tosú ar an anailís riosca leis an measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an gconradh go sonrach. Má thabhaíonn an gníomhaire rioscaí a bhaineann leis an gconradh go sonrach, nach rioscaí neamhshuntasacha iad, beidh sé sin leordhóthanach chun teacht ar an gconclúid gur dáileoir neamhspleách é an gníomhaire. Mura dtabhaíonn an gníomhaire rioscaí a bhaineann leis an gconradh go sonrach, is gá ansin leanúint den anailís trí mheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le hinfeistíochtaí i margáí sonracha. Ar deireadh, mura dtabhaíonn an gníomhaire aon riosca a bhaineann le conradh sonrach ná aon riosca a bhaineann le hinfeistíochtaí i margáí sonracha, féadfaidh sé, maidir leis na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí eile a cheanglaítear mar chuid den chaidreamh gníomhaireachta laistigh de mhargadh an táirge céanna, gur gá iad a bhreithniú.
- (35) Féadfaidh príomhaí modhanna éagsúla a úsáid chun na priacail iomchuí a aisíoc, fad a chinntíonn modhanna den sórt sin nach mbainfidh rioscaí suntasacha ar bith leis an ngníomhaire de na cineálacha atá leagtha amach i míreanna (31) go (33). Mar shampla, féadfaidh príomhaí roghnú na costais bheachta a tabhaíodh a aisíoc, nó féadfaidh sé na costais a chumhdach trí chnapshuim sheasta, nó féadfaidh sé céatadán seasta de na hioncain a ghintear ó na hearraí nó ó na seirbhísí, a dhíoltar faoin gcomhaontú gníomhaireachta, a íoc leis an ngníomhaire. D'fhonn a áirithiú go gclúdófar na rioscaí ábhartha go léir, ba cheart go ligfeadh an modh don oibreán idirdhealú a dhéanamh go héasca idir an tsuim/na suimeanna atá beartaithe chun na rioscaí agus na costais ábhartha a chlúdach agus aon mhéid/meideanna eile a íoctar leis an ngníomhaire, mar shampla, chun luach saothair a thabhairt don ghníomhaire as na seirbhísí gníomhaireachta a sholáthar. In aon chás eile, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an gníomhaire in ann a fhíorú an gclúdaíonn an modh a roghnaigh an príomhaí a chostais. Féadfaidh sé gur gá modh simplí a sholáthar don ghníomhaire chun aon chostas, ar mó ná an chnapshuim chomhaontaithe nó ná an céatadán seasta é, a dhearbhu agus aisíoc na gcostas sin a iarraidh. Féadfaidh sé freisin gur gá don phríomhaí faireachán córasach a dhéanamh ar aon athrú ar na costais ábhartha agus an chnapshuim nó an céatadán seasta a oiriúnu dá réir. I gcás ina n-aisíocfar na costais ábhartha trí chéatadán de phraghas na dtáirgí a dhíoltar faoin gcomhaontú gníomhaireachta, ba cheart don phríomhaí a chur san áireamh freisin go bhféadfaidh an gníomhaire costais ábhartha a bhaineann le hinfeistíochtaí i margáí sonracha a thabhu fiú i gcás nach ndéanfaidh sé ach líon teoranta díolachán nó nach ndéanfaidh sé aon díolachán ar feadh tréimhse áirithe. Caithfidh an príomhaí costais den sórt sin a aisíoc.
- (36) Féadfaidh dáileoir neamhspleách roinnt earraí nó seirbhísí de chuid soláthróra gníomhú mar ghníomhaire le haghaidh earraí nó seirbhísí eile de chuid an tsoláthróra céanna freisin, ar choinníoll gur féidir na gníomhaíochtaí agus na rioscaí a chumhdaítear leis an gcomhaontú gníomhaireachta a idirdhealú go héifeachtach, mar shampla toisc go mbaineann siad le hearraí nó le seirbhísí ag a bhfuil feidhmiúlachtaí breise nó géithe nua. D'fhonn an comhaontú a aicmiú mar chomhaontú gníomhaireachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh, ní mór go mbeadh sé de shaoirse i ndáiríre ag an dáileoir neamhspleách comhaontú gníomhaireachta a dhéanamh (mar shampla, ní féidir leis an bpríomhaí an caidreamh gníomhaireachta a fhorchur de facto trí bhagairt go ndéanfaí téarmaí an chaidrimh dáileacháin a fhoirceannadh nó a dhéanamh níos measa). Ar an gcaoi chéanna, ní fhéadfaidh an príomhaí gníomhaíocht mar dháileoir neamhspleách a fhorchur go díreach nó go hindíreach ar an ngníomhaire, mura ndéanann an príomhaí na gníomhaíochtaí sin a aisíoc go hiomlán, mar atá leagtha amach i mír (33), pointe (h). Ina theannta sin, mar a luaitear i míreanna (31) go (33) de na Treoirlínte seo, ní mór gur ar an bpríomhshuim a thitfidh gach riosca ábhartha a bhaineann le díol na n-earraí nó na seirbhísí a chumhdaítear leis an gcomhaontú gníomhaireachta, lena n-áirítear infheistíochtaí margadh-shonracha.
- (37) I gcás ina ndéanfaidh gníomhaire gníomhaíochtaí eile le haghaidh an tsoláthróra céanna, nach bhfuil á n-éileamh ag an soláthróir sin, ar a riosca féin, is ann don fhéidearthacht go rachaidh na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar an ngníomhaire maidir lena gníomhaíochtaí gníomhaireachta i bhfeidhm ar a údair spreagtha agus go dteorannófar a neamhspleáchas cinnteoireachta leo nuair a dhíolann sé táirgí mar ghníomhaíocht neamhspleách. Go háirithe, is ann don fhéidearthacht maidir le polasáí praghsála an phríomhaí le haghaidh na

<sup>(41)</sup> Féach freisin mír (192). Go háirithe, faoi chomhaontú gníomhaireachta a thagann faoi réim Airteagal 101(1) den Chonradh, ní mór don ghníomhaire a bheith saor i gcónaí chun an praghas éifeachtach a íocann an custaiméir a laghdú, trína luach saothair a roinnt leis an gcustaiméir.

dtáirgí a dhíoltar faoin gcomhaontú gníomhaireachta, go rachaidh an polasaí sin i bhfeidhm ar údair spreagtha an ghníomhaire/dáileora chun na táirgí a dhíolann sé mar dháileoir neamhspleách a phraghsáil go neamhspleách. Ina theannta sin, eascraíonn deacrachtaí as an dáileadh gníomhaireachta a chomhcheangal le dáileadh neamhspleách le haghaidh an tsoláthróra céanna, maidir le hidirdhealú a dhéanamh idir infheistíochtaí agus costais a bhaineann leis an bhfeidhm gníomhaireachta, lena n-áirítear infheistíochtaí i margaí sonracha, agus na costais agus na hinfeistíochtaí sin nach mbaineann ach leis an ngníomhaíocht neamhspleách amháin. Sna cásanna sin, féadfaidh an measúnú ar cibé acu a chomhlíonann caidreamh gníomhaireachta na coinníollacha a leagtar amach i míreanna (30) go (33) de na Treoirí, nó nach gcomhlíonann, a bheith an-chasta dá bhrí sin <sup>(42)</sup>.

- (38) Is ábhar imní ar leith iad na rioscaí a thuiriscítear i mír (37) de na Treoirí seo má thugann an gníomhaire faoi gníomhaíochtaí eile mar dháileoir neamhspleách don phríomhaí céanna sa mhargadh ábhartha céanna. Os a choinne sin, is lú an dóchúlacht go n-eascróidh na rioscaí sin más rud é go mbaineann na gníomhaíochtaí eile a dhéanann an gníomhaire ina cháil mar dháileoir neamhspleách le margadh ábhartha eile <sup>(43)</sup>. Go ginearálta, ní bhíonn na táirgí a dhíoltar faoin gcomhaontú gníomhaireachta agus na táirgí a dhíolann an t-oibreán go neamhspleách chomh hidirmhalartaíthe céanna, agus is lú seans go dtarlóidh na rioscaí sin. I gcás táirgí ina bhfuil aon difríochtaí oibiachtúla idir saintréithe na dtáirgí (mar shampla, cáilíocht níos airde, gnéithe núíosacha nó feidhmeanna breise) neamhshuntasach, is cosúil go bhfuil an dealú sin níos deacra agus dá bhrí sin d'fhéadfadh baol suntasach a bheith ann go mbeadh tionchar ag téarmaí an chomhaontaithe gníomhaireachta, go háirithe maidir le socrú praghsanna, ar na táirgí a dháileann sé go neamhspleách.
- (39) Chun na hinfeistíochtaí i margaí sonracha a shainnigh, a bheidh le haisíoc nuair a dhéanfar comhaontú gníomhaireachta le ceann dá dháileoirí neamhspleácha atá gníomhach ar an margadh ábhartha cheana féin, ba cheart don phríomhaí an chás hipitéiseach a bhreithniú a bhainfeadh le gníomhaire nach mbeadh gníomhach sa mhargadh ábhartha fós chun measúnú a dhéanamh ar na hinfeistíochtaí is ábhartha don chineál gníomhaíochta dá bhfuil an gníomhaire ceaptha. Bheadh ar an bpríomhghnó infheistíochtaí margadh-shonracha a chumhdach, infheistíochtaí is gá chun oibriú sa mhargadh ábhartha, lena n-áirítear i gcás ina mbaineann na hinfeistíochtaí sin freisin le táirgí difreáilte a dháiltear lasmuigh de raon feidhme an chomhaontaithe gníomhaireachta ach nach mbaineann go heisiach le díol táirgí difreáilte den sórt sin. Is é an t-aon chás amháin nach mbeadh ar an bpríomhaí infheistíochtaí margadh-shonracha sa mhargadh ábhartha a chumhdach ná nuair a bhaineann siad sin go heisiach le díol táirgí difreáilte nach ndíoltar faoin gcomhaontú gníomhaireachta, ach a dháiltear go neamhspleách. Is amhlaidh atá toisc go dtabhóidh an gníomhaire na costais uile a bhaineann go sonrach leis an margadh a fheidhmiú ar an margadh, ach nach dtabhóidh sé na costais a bhaineann go sonrach leis an margadh go heisiach a bhaineann go heisiach le díol na dtáirgí difreáilte mura ngníomhódh sé mar dháileoir neamhspleách do na táirgí sin (ar choinníoll gur féidir leis an ngníomhaire feidhmiú ar an margadh ábhartha gan na táirgí difreáilte atá i gceist a dhíol). Sa mhéid go bhfuil dímhéas déanta cheana féin ar na hinfeistíochtaí ábhartha (mar shampla, infheistíochtaí i dtrealamh a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht), féadfar an aisiocaíocht a choigeartú go comhréireach. Ar an gcaoi chéanna, féadfar an aisiocaíocht a choigeartú freisin má sháraíonn na hinfeistíochtaí margadh-shonracha a rinne an dáileoir neamhspleách go suntasach na hinfeistíochtaí margadh-shonracha atá riachtanach le go bhféadfaidh gníomhaire tosú ag oibriú ar an margadh ábhartha, mar thoradh ar a gníomhaíocht mar dháileoir neamhspleách.
- (40) Sampla den bhealach gur féidir na costais a leithdháileadh i gcás dáileoir a ghníomhaíonn mar gníomhaire le haghaidh táirgí áirithe don soláthróir céanna freisin.

Is iondúil go ndíolann an dáileoir/na dáileoirí céanna táirgí A, B agus C. Baineann táirgí A agus B leis an táirge céanna agus leis an margadh geografach céanna, ach déantar idirdhealú eatarthu agus cuirtear saintréithe atá difriúil go hoibiachtúil iontu. Baineann táirge C le margadh táirge difriúil.

Is mian le soláthróir a dhéanann a tháirgí a dháileadh trí úsáid a bhaint as dáileoirí neamhspleácha comhaontú gníomhaireachta a úsáid chun a táirge A a dháileadh, ar comhaontú é a bhfuil feidhmiúlacht nua ag baint leis. Cuireann sé an comhaontú gníomhaireachta sin ar fáil dá dáileoirí neamhspleácha (i gcás táirge B) atá ag feidhmiú cheana féin sa táirge céanna agus sa mhargadh geografach céanna, gan ceangal dlíthiúil ná fíorasach a chur orthu an comhaontú sin a dhéanamh.

<sup>(42)</sup> Féach breithiúnas na Cúirte an 16 Nollaig 1975, “Suiker Unie” v an Coimisiún, Cásanna uamtha 40 go 48, 50, 54 go 56, 111, 113 agus 114/73, AE:C:1975:174., míreanna 537 go 557.

<sup>(43)</sup> Féach Cás T-325/01 – DaimlerChrysler v An Coimisiún, míreanna 100 agus 113.

I gcás an chomhaontaithe gníomhaireachta gan teacht faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh agus coinníollacha mhíreanna (30) go (33) a chomhlíonadh, ní mór don phríomhtháirge gach infheistíocht a bhaineann leis an ngníomhaíocht chun táirgí A agus B a dhíol (agus ní hamháin táirge A) a chumhdach toisc go mbaineann an dá tháirge leis an táirge céanna agus leis an margadh geografach céanna. Mar shampla, maidir leis na costais a tabhaíodh chun siopa a oiriúnú nó a fhearastú chun táirgí A agus B a thaispeáint agus a dhíol, is dócha gur costais iad sin a bhaineann le margadh sonracha. Ar an gcaoi chéanna, maidir leis na costais chun oiliúint a chur ar phearsanra chun táirgí A agus B a dhíol agus maidir le costais a bhaineann le trealamh stórála sonracha a bhfuil gá leis le haghaidh tháirgí A agus B, is dócha go mbainfidh na costais sin le margadh sonracha freisin. Maidir leis na hinfeistíochtaí ábhartha sin, a cheanglófaí ar ghníomhaire de ghnáth chun dul isteach sa mhargadh agus tosú ar tháirgí A agus B a dhíol, ba cheart gur ar an bpríomhaí a bheidh siad fiú más amhlaidh go bhfuil an ghníomhaire sonracha bunaithe ar an margadh ábhartha cheana mar dháileoir neamhspleách.

Ní bheadh ar an bpríomhaí infheistíochtaí a chumhdach chun táirge C a dhíol, áfach, ar táirge é nach mbaineann le margadh an táirge céanna agus a bhaineann le táirgí A agus B. Thairis sin, i gcás ina gceanglófar infheistíochtaí sonracha chun táirge B a dhíol nach gá chun táirge A a dhíol, mar shampla trí infheistíochtaí i dtrealamh aonfheidhme nó oiliúint foirne, ní bheadh infheistíochtaí den sórt sin ábhartha agus ní bheadh ar an bpríomhaí iad a chumhdach dá bhrí sin, ar choinníoll gur féidir le dáileoir oibriú ar an margadh ábhartha ina gcuimsítear táirgí A agus B gan ach táirge A á dhíol aige.

A mhéid a bhaineann le fógraíocht, maidir le hinfeistíochtaí i bhfógraíocht le haghaidh shiopa an ghníomhaire sa chái sin seachas fógraíocht a bhaineann le táirge A go sonracha, rachadh siad chun tairbhe do shiopa an ghníomhaire i gcoitinne mar aon le díolacháin tháirgí A, B agus C, cé nach ndíoltar ach táirge A faoin gcomhaontú gníomhaireachta. Dá bhrí sin, bheadh na costais sin ábhartha go páirteach chun measúnú a dhéanamh ar chomhaontú na gníomhaireachta, a mhéid a bhaineann siad le díol táirge A a dhíoltar faoin gcomhaontú gníomhaireachta. Ní bheadh costas feachtais fógraíochta a bhaineann go heisiach le táirgí B nó C ábhartha, áfach, agus dá bhrí sin ní chaithfí é a chumhdach faoin bpríomhaí, ar choinníoll gur féidir le dáileoir feidhmiú ar an margadh ábhartha trí tháirge A amháin a dhíol.

Tá feidhm ag na príonsabail chéanna le hinfeistíochtaí i suíomh gréasáin nó i siopa ar líne, toisc nárbh ábhartha cuid de na hinfeistíochtaí sin, toisc go gcaithfí iad a dhéanamh gan beann ar na táirgí a dhíoltar faoin gcomhaontú gníomhaireachta. Dá bhrí sin, ní bheadh ar an bpríomhaí aisíoc a dhéanamh ar infheistíochtaí ginearálta i ndearadh shuíomh gréasáin an ghníomhaire, a mhéid a d'fhéadfaí an suíomh gréasáin féin a úsáid chun táirgí a dhíol seachas na táirgí sin a bhaineann leis an margadh táirgí ábhartha, mar shampla táirge C nó, ar bhonn níos ginearálta, táirgí seachas A agus B). Mar sin féin, bheadh infheistíochtaí a bhaineann le gníomhaíocht fógraíochta nó díolacháin ar an láithreán gréasáin ábhartha ábhartha táirgí, is é sin le rá táirgí A agus B araon, ábhartha. Dá bhrí sin, ag brath ar an leibhéal infheistíochta a cheanglaítear chun fógraíocht a dhéanamh i leith tháirgí A agus B agus iad a dhíol ar an suíomh gréasáin, bheadh ar an bpríomhaí cuid de na costais a chumhdach a bhaineann leis an suíomh gréasáin nó an siopa ar líne a chur ar bun agus/nó a oibriú. Aon infheistíocht a bhaineann go sonracha le fógraíocht nó díolachán tháirge B, níorbh éigean í a chumhdach, ar choinníoll gur féidir le dáileoir oibriú ar an margadh ábhartha gan ach táirge A á dhíol aige.

### 3.2.2. *Infheidhmeacht Airteagal 101(1) den Chonradh maidir le comhaontuithe ingearacha*

- (41) I gcás ina gcomhlíonfaidh comhaontú na coinníollacha chun go ndéanfar é a aicmiú mar chomhaontú gníomhaireachta atá lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh, déanfaidh feidhm dhíola nó cheannaigh an ghníomhaire cuid de ghníomhaíochtaí an phríomhaí. Ós rud é gurb ar an bpríomhaí a bhíonn na rioscaí tráchtála agus airgeadais a bhaineann le díol agus ceannach earraí nó seirbhísí an chonartha, is lasmuigh d'Airteagal 101(1) den Chonradh a thagann gach oibleagáid a fhorchuirtear ar an ngníomhaire i ndáil leis na conarthaí a thugtar i gcrích agus/nó a ndéantar idirbheartaíocht orthu thar ceann an phríomhaí. Maidir le glacadh na n-oibleagáidí a liostaítear sa mhír seo ag an ngníomhaire, meastar go ndéanfaidh sé sin dlúthchuid de chomhaontú gníomhaireachta, toisc go mbaineann na hoibleagáidí sin le cumas an phríomhaí raon feidhme ghníomhaíocht an ghníomhaire i ndáil le hearraí nó le seirbhísí an chonartha a chinneadh. Tá sé sin fíorriachtanach más rud é go bhfuil an príomhaí leis na rioscaí a ghlacadh i leith na gconarthaí a thugann an ghníomhaire i gcrích agus/nó a ndéanann an ghníomhaire idirbheartaíocht orthu thar ceann an phríomhaí. Dá bhrí sin, bíonn an príomhaí in ann an straitéis tráchtála a chinneadh i ndáil leis an méid seo a leanas:

- (a) teorainneacha ar an gcríoch ina bhféadfaidh an gníomhaire earraí nó seirbhísí an chonartha a dhíol;
- (b) teorainneacha ar na custaiméirí lena bhféadfaidh an gníomhaire earraí nó seirbhísí an chonartha a dhíol;
- (c) na praghsanna agus na coinníollacha ar nach mór don ghníomhaire earraí nó seirbhísí an chonartha a dhíol nó a cheannach.

- (42) I gcodarsnacht leis sin, i gcás ina mbeidh ceann amháin nó níos mó de na prícaíl ábhartha a thuairiscítear i míreanna (31) go (33) ar an ngníomhaire, ní hionann an comhaontú idir gníomhaire agus príomhaí agus comhaontú gníomhaireachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh. Sa chás sin, láimhseálfar an gníomhaire mar ghnóthas neamhspleách agus beidh an comhaontú idir gníomhaire agus príomhaí faoi réir Airteagal 101(1) den Chonradh, cosúil le haon chomhaontú ingearach eile. Ar an ábhar sin, soiléirítear le hAirteagal 1(1), pointe (k) de Rialachán (AE) 2022/720, gur ceannaitheoir é gnóthas a dhíolann, faoi chomhaontú a thagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh, earraí nó seirbhísí thar ceann gnóthas eile.
- (43) Fiú más rud é nach bhfuil ar an ngníomhaire aon riosca suntasach den chineál ar a dtugtar tuairisc i míreanna (31) go (33), is gnóthas ar leithligh ón bpríomhaí fós é agus dá bhrí sin, féadfaidh na forálacha a bhaineann leis an gcaidreamh idir an gníomhaire agus an príomhaí teacht faoi réim Airteagal 101(1) den Chonradh, gan beann ar cibé acu atá siad mar chuid den chomhaontú lena rialaítear díol nó ceannach earraí nó seirbhísí nó comhaontú ar leithligh. Féadfaidh na forálacha sin tairbhiú den díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720, go háirithe nuair a chomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán. Lasmuigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2022/720, ceanglaítear leis na forálacha sin measúnú aonair faoi Airteagal 101 den Chonradh, mar a thuairiscítear i roinn 8.1, chun a chinneadh, go háirithe, an bhfuil éifeachtaí sriantacha acu de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh agus, más amhlaidh go gcomhlíonann, an gcomhlíonann siad coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh. Mar shampla, féadfaidh foráil a bheith i gcomhaontuithe gníomhaireachta lena gcoisctear ar an bpríomhaí gníomhairí eile a cheapadh i leith cineál idirbhirt, custaiméara nó críche áirithe (forálacha maidir le gníomhaireacht eisiach) nó foráil lena gcoisctear ar an ngníomhaire gníomhú mar ghníomhaire nó mar dháileoir ag gnóthais a théann in iomaíocht leis an bpríomhaí (forálacha maidir le ceangal aonbhranda). Ní eascróidh éifeachtaí frithiomaíocha as forálacha maidir le gníomhaireacht eisiach i gcoitinne. Mar sin féin, d'fhéadfadh forálacha brandála aonair agus forálacha neamhiomaíochta iarthéarma, a bhaineann le hiomaíocht idirbhrendaí, srian a chur ar iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh más rud é, ina aonar nó mar éifeachtaí carnacha, go mbíonn foriamh ar an margadh ábhartha mar thoradh orthu ina ndíoltar nó ina gceannaítear earraí nó seirbhísí an chonartha (féach go háirithe ranna 6.2.2 agus 8.2.1).
- (44) Féadfaidh comhaontú gníomhaireachta teacht faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh freisin, fiú más ar an bpríomhaí a bheidh na rioscaí airgeadais agus tráchtála ábhartha uile, i gcás ina n-éascóidh an comhaontú claonpháirteachas. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, nuair a úsáideann roinnt príomhaithe na gníomhairí céanna agus iad ag gníomhú le chéile chun príomhaithe eile a eisiáil maidir le húsáid a bhaint as na gníomhairí sin, nó nuair a úsáideann príomhaithe na gníomhairí chun dul i mbun claonpháirteachais maidir le straitéis margaíochta nó chun faisnéis íogair faoin margadh a mhalartú.
- (45) I gcás dáileoir neamhspleách a ghníomhaíonn mar ghníomhaire le haghaidh earraí nó seirbhísí áirithe de chuid an tsoláthróra céanna, ní mór measúnú grinn a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i míreanna (36) go (39). Is gá sin chun mí-úsáid shamhail na gníomhaireachta a sheachaint i gcásanna nach dtiocfaidh an soláthróir chun bheith gníomhach iarbhir ar an leibhéal miondíola, agus gach cinneadh atá bainteach le dáileadh á dhéanamh agus gach riosca gaolmhar á ghlacadh aige i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i míreanna (30) go (33), ach ina gcuirfidh sé bealach éasca ar bun chun praghsanna miondíola a rialú le haghaidh na dtáirgí sin a fhágann gurb indéanta ardchorrúlaigh athdhíola. Ós rud é gur cruashrian faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/720 é cothabháil an phraghais athdhíola (dá ngairtear "RPM" anseo feasta), mar atá leagtha amach i roinn 6.1.1, agus toisc go bhfuil srian le rud faoi Airteagal 101(1) den Chonradh, níor cheart do sholáthróirí mí-úsáid a bhaint as an gcaidreamh gníomhaireachta chun teacht timpeall ar chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) den Chonradh.

### 3.2.3. *Gníomhaireacht agus geilleagar na n-ardán ar líne*

- (46) Go ginearálta, ní chomhlíonann comhaontuithe arna ndéanamh ag gnóthais atá gníomhach i ngeilleagar na n-ardán ar líne na coinníollacha atá le haicmiú mar chomhaontuithe gníomhaireachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh. Go ginearálta, gníomhaíonn gnóthais den sórt sin mar oibreoirí eacnamaíocha neamhspleácha seachas mar chuid de na gnóthais dá soláthraíonn siad seirbhísí. Go háirithe, is minic a fhreastalaíonn gnóthais atá gníomhach i ngeilleagar na n-ardán ar líne ar líon an-mhór díoltóirí, rud a

chuireann cosc orthu a bheith mar chuid d'aon cheann de ghnóthais na ndíoltóirí. Ina theannta sin, féadfaidh éifeachtaí láidre gréasáin agus gnéithe eile de gheilleagar na n-ardán ar líne rannchuidiú le míchothromaíocht shuntasach i méid agus i gcumhacht mhargála na bpáirtithe conarthacha. D'fhéadfadh sé gurb é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin go gcinneann an gnóthas atá gníomhach i ngeilleagar na n-ardán ar líne na coinníollacha faoina ndíoltar earraí nó seirbhísí agus nach é díoltóirí na n-earraí nó na seirbhísí a chinneann iad. Ina theannta sin, is iondúil go ndéanann gnóthais atá gníomhach i ngeilleagar na n-ardán ar líne infheistíochtaí suntasacha a bhaineann go sonrach leis an margadh, mar shampla, i mbogearraí, i bhfógraíocht agus i seirbhísí iardhíola, rud a thugann le fios go n-íompraíonn na gnóthais sin rioscaí suntasacha airgeadais nó tráchtála a bhaineann leis na hidirbhearta idir eatarthu féin.

### 3.3. Comhaontuithe fochonraitheoireachta

- (47) San Fhógra Fochonraitheoireachta<sup>(44)</sup> sainmhínítear comhaontuithe fochonraitheoireachta mar chomhaontuithe faoina gcuireann gnólacht amháin, ar a dtugtar “an conraitheoir”, cibé acu mar iarmhairt ar ordú ó thríú páirtí roimhe nó a mhalairt, monarú na n-earraí, soláthar na seirbhísí nó feidhmiú na hoibre faoi orduithe an chonraitheora ar iontaoibh gnólachta eile, ar a dtugtar “an fochonraitheoir”, agus an monarú, soláthar nó feidhmiú sin le soláthar don chonraitheoir nó le feidhmiú thar a cheann. Mar riail láimhe ghinearálta, ní thagann comhaontuithe fochonraitheoireachta faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh. Is infheidhme an Fógra Fochonraitheoireachta fós agus áirítear ann tuilleadh treoraíochta maidir leis an riail ghinearálta sin a chur i bhfeidhm. Go háirithe, luaitear san Fhógra Fochonraitheoireachta nach bhfuil feidhm ag Airteagal 101(1) den Chonradh maidir le clásail lena gcuirtear teorainn le húsáid teicneolaíochta nó trealamh a sholáthraíonn an conraitheoir d'fhochonraitheoir, ar choinníoll go bhfuil gá leis an teicneolaíocht nó leis an trealamh chun a chumasú don fhochonraitheoir na táirgí lena mbaineann a tháirgeadh<sup>(45)</sup>. Soiléirítear freisin leis an bhFógra raon feidhme chur i bhfeidhm na rialach ginearálta sin, go háirithe go dtagann srianta eile a fhorchuirtear ar an bhfochonraitheoir faoi raon feidhme Airteagal 101 den Chonradh go hiondúil, amhail an oibleagáid gan a thaighde ná a fhorbairt féin a dhéanamh nó leas a bhaint astu ná táirgeadh le haghaidh tríú páirtithe<sup>(46)</sup>.

## 4. RAON FEIDHME RIALACHÁN (AE) 2022/720

### 4.1. Foráil tearmainn arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/720

- (48) Leis an mblocdhíolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720 bunaítear foráil tearmainn le haghaidh comhaontuithe ingearacha de réir bhrí an Rialacháin, ar choinníoll nach dtéann na scaireanna sa mhargadh atá i seilbh an tsoláthraí agus an cheannaitheora ar na margáí ábhartha thar na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán (féach alt 5.2 de na Treoirlínte seo) agus nach n-áirítear sa chomhaontú aon cheann de na srianta crua-lárnacha in Airteagal 4 den Rialachán (féach roinn 6.1 de na Treoirlínte seo)<sup>(47)</sup>. Tá feidhm ag an bhforáil tearmainn fad is nach bhfuil tairbhe na bloodhíolúine tarraingthe siar i gcás ar leith ag an gCoimisiún nó ag údarás iomaíochta Ballstáit (“NCA” anseo feasta) de bhun Airteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 (féach roinn 7.1 de na Treoirlínte seo). Ní chiallaíonn comhaontú ingearach a bheith lasmuigh den fhoráil tearmainn go dtagann an comhaontú faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh nó go mainníonn sé coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh a chomhlíonadh.
- (49) I gcás ina n-úsáideann soláthraí an comhaontú céanna chun roinnt cineálacha earraí nó seirbhísí a dháileadh, féadfaidh feidhm a bheith ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2022/720, go háirithe i bhfianaise sciarthairseach an mhargaidh a leagtar amach in Airteagal 2(1) den Rialachán, maidir le roinnt earraí nó seirbhísí ach ní fhéadfaidh feidhm a bheith aici maidir le hearraí nó seirbhísí eile. I ndáil leis na hearraí nó seirbhísí nach bhfuil feidhm ag Airteagal 2(1) den Rialachán maidir leo, tá gá le measúnú aonair faoi Airteagal 101 den Chonradh.

<sup>(44)</sup> Fógra ón gCoimisiún an 18 Nollaig 1978 maidir le measúnú ar chomhaontuithe fochonraitheoireachta áirithe i ndáil le hAirteagal 85(1) de Chonradh CEE (IO C 1, 3.1.1979, lch. 2).

<sup>(45)</sup> Féach mír 2 den Fhógra Fochonraitheoireachta, lena dtugtar tuilleadh soiléirithe go háirithe maidir le húsáid cearta maoiné tionsclaíche agus fios gnó tionsclaíoch.

<sup>(46)</sup> Féach mír 3 den Fhógra Fochonraitheoireachta.

<sup>(47)</sup> A mhéid a bhaineann le srianta eisiata agus le brí Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/720, féach roinn 6.2. de na Treoirlínte seo.

#### 4.2. Sainmhíniú ar chomhaontú ingearach

- (50) Tagraíonn Airteagal 101(1) den Chonradh do chomhaontuithe idir gnóthais. Ní dhéantar aon idirdhealú leis maidir le cibé acu a oibríonn na gnóthais sin ar an leibhéal céanna nó ar leibhéal dhifriúla den slabhra táirgthe nó dáilte. Dá bhrí sin, tá feidhm ag Airteagal 101(1) den Chonradh maidir le comhaontuithe cothrománacha agus ingearacha araon <sup>(48)</sup>.
- (51) De bhun na cumhachta a thugtar don Choimisiún le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 19/65/CEE chun a dhearbhu le rialachán nach mbeidh feidhm ag Airteagal 101(1) den Chonradh maidir le hearnálacha áirithe comhaontuithe idir gnóthais, sainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720 comhaontú ingearach mar 'comhaontú nó cleachtas comhbheartaithe arna dhéanamh idir dhá ghnóthas nó níos mó, a n-oibríonn gach ceann acu, chun críocha an chomhaontaithe nó an chleachtais comhbheartaithe, ar leibhéal éagsúil den slabhra táirgthe nó dáilte, agus a bhaineann leis na coinníollacha faoina bhféadfaidh na páirtithe earraí a cheannach nó a dhíol nó a dhíol <sup>(49)</sup>.

##### 4.2.1. Tagann iompar aontaobhach lasmuigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2022/720

- (52) Níl feidhm aige maidir le hiompar aontaobhach ag gnóthais. Féadfaidh iompar aontaobhach den sórt sin teacht faoi raon feidhme Airteagal 102 den Chonradh, a chuireann cosc ar mhí-úsáid ceannasachta <sup>(50)</sup>.
- (53) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontuithe ingearacha. Chun go mbeidh comhaontú ann de réir bhrí Airteagal 101 den Chonradh, is leor go mbeidh sé curtha in iúl ag na páirtithe go mbeartaíonn siad go comhpháirteach iad féin a iompar ar an margadh ar bhealach sonrath (comhthoilíú mar a thugtar orthu). Is cuma cén fhoirm ina gcuirfead é sin in iúl a fhad gur léiriú dílis ar a bhfuil beartaithe ag na páirtithe é <sup>(51)</sup>.
- (54) Mura bhfuil aon chomhaontú sainráite ann a chuireann comhthoilíú uachtanna na bpáirtithe in iúl, ní mór do pháirtí nó údarás a líomhnaíonn sárú ar Airteagal 101 den Chonradh a chruthú go bhfaigheann beartas aontaobhach páirtí amháin aontú an pháirtí eile. Maidir le comhaontuithe ingearacha, d'fhéadfadh aontú do bheartas aontaobhach sonrath a bheith sainráite nó intuigthe:
- (a) féadtar toiliú sainráite a dhéanamh amach ó na cumhachtaí a thugtar do na páirtithe i gcomhaontú ginearálta a tharraingítear suas roimh ré. Más rud é le clásail chomhaontú ginearálta den sórt sin go ndéantar foráil maidir le páirtí beartas aontaobhach sonrath a ghlacadh dá éis sin nó má údaraítear amhlaidh leis na clásail sin, ar beartas é a bheidh ceangailteach ar an bpáirtí eile, is féidir toiliú an pháirtí eile leis an mbeartas sin a shuíomh ar an mbonn sin <sup>(52)</sup>.
- (b) maidir le toiliú intuigthe is gá a léiriú, ar dtús, go gceanglaíonn aon pháirtí amháin comhar an pháirtí eile go sainráite nó go hintuigthe chun a bheartas aontaobhach a chur chun feidhme agus, ina dhiaidh sin, go bhfuil an páirtí eile tar éis an ceanglas sin a chomhlíonadh tríd an mbeartas aontaobhach sin a chur chun feidhme sa chleachtas <sup>(53)</sup>. Mar shampla, más amhlaidh tar éis fógra ó sholáthróir maidir le laghdú aontaobhach ar sholáthairt chun trádáil chomhthreomhar a chosc, go laghdaíonn dáileoirí a gcuid orduithe láithreach agus go scoireann siad de bheith ag gabháil do thrádáil chomhthreomhar, toilíonn na dáileoirí sin go hintuigthe ansin le beartas aontaobhach an tsoláthóra. Mar sin féin, ní féidir é sin a thabhairt i gcrích má leanann na dáileoirí de bheith ag gabháil do thrádáil chomhthreomhar nó má dhéanann siad iarracht bealaí nua a aimsiú chun a bheith ag gabháil do thrádáil chomhthreomhar.

<sup>(48)</sup> Féach breithiúnas i gCás C-56/65 – *Société Technique Minière v Maschinenbau Ulm*, leathanach 249.

<sup>(49)</sup> Áirítear leis an téarma “comhaontú ingearach” cleachtais chomhbheartaithe ingearacha, mar a dhéantar in Airteagal 1(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720, mura luaitear a mhalairt.

<sup>(50)</sup> Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil comhaontú ingearach ann de réir bhrí Airteagal 101 den Chonradh, tá cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/720 agus na Treoirí seo gan dochar d'fheidhmiú comhthreomhar Airteagal 102 den Chonradh ar an gcomhaontú ingearach.

<sup>(51)</sup> Féach breithiúnas an 14 Eanáir 2021, Cás C-450/19, *Kilpailu- ja kuluttajavirasto*, EU:C:2021:10, mír 21.

<sup>(52)</sup> Féach breithiúnas an 13 Iúil 2006, *An Coimisiún v Volkswagen AG*, Cás C-74/04 P, EU:C:2006:460, míreanna 39 go 42.

<sup>(53)</sup> Féach an breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2000, *Bayer AG v An Coimisiún*, Cás T-41/96, AE:T:2000:242, mír 120.

(55) I bhfianaise a bhfuil thuas, nuair a d'fhorchuir páirtí amháin téarmaí agus coinníollacha ginearálta is ionann é agus comhaontú de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh i gcás inar ghlac páirtí eile leis na téarmaí agus na coinníollacha sin go sainráite nó go hintuigthe <sup>(54)</sup>.

4.2.2. *Oibríonn na gnóthais ar leibhéal dhifriúla den slabhra táirgthe nó dáilte.*

(56) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontuithe idir dhá ghnóthas nó níos mó beag beann ar a samhail ghnó. Níl feidhm ag an Rialachán maidir le comhaontuithe a dhéantar le daoine nádúrtha atá ag gníomhú chun críocha atá lasmuigh dá dtrádáil, dá ngnó, dá gceird nó dá ngairm, toisc nach gnóthais iad na daoine sin.

(57) Thairis sin, chun teacht faoi shainmhíniú Airteagal 1(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720, ní mór comhaontú a dhéanamh idir gnóthais, ar gnóthais iad a oibríonn ar leibhéal dhifriúla den slabhra táirgthe nó dáilte, chun críocha an chomhaontaithe. Mar shampla, tá comhaontú ingearach ann i gcás ina dtáirgeann gnóthas amháin amháibhar nó ina soláthraíonn sé seirbhís agus go ndíolann sé le gnóthas eile é a úsáideann é mar ionchur, nó i gcás ina ndíolann monaróir táirge le mórdhíoltóir a resells é le miondhíoltóir. Ar an gcaoi chéanna, tá comhaontú ingearach ann ina ndíolann gnóthas amháin earraí nó seirbhísí le gnóthas eile arb é úsáideoir deiridh na n-earraí nó na seirbhísí é.

(58) Ós rud é go dtagraítear do chuspóir an chomhaontaithe shonraigh leis an sainmhíniú in Airteagal 1(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720, ní chuirfear bac ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/720 i gcás ina ndéantar comhaontú ingearach idir gnóthais iomaíocha, toisc go bhfuil páirtí amháin sa chomhaontú gníomhach ag leibhéal amháin nó níos mó den slabhra soláthair nó dáilte. I gcás, áfach, ina dtugtar faoi chomhaontú ingearach idir gnóthais iomaíocha, ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720, ach amháin má chomhlíontar coinníollacha Airteagal 2(4) den Rialachán (féach ranna 4.4.3. and 4.4.4.).

4.2.3. *Baineann na comhaontuithe le hearraí nó le seirbhísí a cheannach, a dhíol nó a athdhíol.*

(59) Chun cáiliú mar chomhaontú ingearach de réir bhrí Airteagal 1(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720, ní mór baint a bheith ag an gcomhaontú leis na coinníollacha faoina bhféadfaidh an soláthróir agus an ceannaitheoir “earraí nó seirbhísí áirithe a cheannach, a dhíol nó a athdhíol”. I gcomhréir le cuspóir ilfhóinteach rialacháin bhlocdhíolúine, arb é sin deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar, ní mór Airteagal 1(1), point (a) de Rialachán (AE) 2022/720 a léiriú go leathan mar Airteagal ag a bhfuil feidhm maidir le gach comhaontú ingearach, gan beann ar cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann siad le hearraí nó le seirbhísí idirmheánacha nó le hearraí nó le seirbhísí deiridh. Chun críche an Rialachán a chur i bhfeidhm maidir le comhaontú ar leith, meastar gur earraí nó seirbhísí conartha iad na hearraí nó na seirbhísí arna soláthar agus, i gcás earraí nó seirbhísí idirmheánacha, na hearraí nó na seirbhísí deiridh a eascraíonn astu.

(60) Déantar comhaontuithe ingearacha i ngeilleagar na n-ardán ar líne, lena n-áirítear iad siúd a dhéantar le soláthraithe seirbhísí idirmheánaithe ar líne dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (d) de Rialachán (AE) 2022/720, a chumhdach le hAirteagal 1(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720. I gcás comhaontuithe ingearacha a bhaineann le soláthar seirbhísí idirmheánaithe ar líne, meastar gur earraí nó seirbhísí conartha iad na seirbhísí idirghabhála ar líne agus na hearraí nó na seirbhísí a dhéantar trí úsáid a bhaint as na seirbhísí idirghabhála ar líne sin chun críche Rialachán (AE) 2022/720 a chur i bhfeidhm.

(61) Ní chumhdaítear le Rialachán (AE) 2022/720 srianta ingearacha nach mbaineann leis na coinníollacha ceannaigh, díola nó athdhíola earraí nó seirbhísí conartha. Ní mór measúnú leithleach a dhéanamh ar shrianta den sórt sin, eadhon a chinneadh an dtagann siad, sa chás aonair, faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh agus, más amhlaidh go bhfuil, an gcomhlíonann siad coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh. Mar shampla, níl feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir le hoibleagáid lena gcoiscítear ar na páirtithe

<sup>(54)</sup> Féach an Cinneadh ón gCoimisiún in AT.40428 – Guess, mír 97, le tagairt do bhreithiúnas an 11 Eanáir 1990, *Sandoz Prodotti Farmaceutici v an Coimisiún*, Cás C-277/87, EU:C:1990:6, mír 2, agus breithiúnas an 9 Iúil 2009, *Peugeot agus Peugeot Nederland v an Coimisiún*, Cás T-450/05, AE:T:2009:262, míreanna 168 go 209.

taighde agus forbairt neamhspleách a dhéanamh, a fhéadfaidh a bheith áirithe ina gcomhaontú ingearach ag na páirtithe. Baineann sampla eile le comhaontuithe maidir le cíós agus léas. Cé go bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir le hearraí arna ndíol agus arna gceannach chun críche iad a ligean ar cíós le tríú páirtithe, níl comhaontuithe cíosa agus léasa iontu féin cumhdaithe toisc sa chás sin nach ndíoltar nó nach gceannaítear earraí.

#### 4.3. Comhaontuithe ingearacha i ngeilleagar na n-ardán ar líne

- (62) An ról atá ag geilleagar na n-ardán ar líne maidir le dáileadh earraí agus seirbhísí, is ról é atá ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile. Cumasaíonn siad bealaí nua gnó a dhéanamh, nach bhfuil sé éasca cuid acu a aicmiú faoi na coincheapa a chuirtear i bhfeidhm ar chomhaontuithe ingearacha sa timpeallacht brící agus moirtéil.
- (63) Is minic a cháilítear gnóthais atá gníomhach i ngeilleagar na n-ardán ar líne mar ghníomhairí faoi dhlí na gconarthaí nó faoin dlí tráchtála. Mar sin féin, níl an cháilíocht seo ábhartha do chatagóirí a gcomhaontuithe faoi Airteagal 101(1) den Chonradh <sup>(55)</sup>. Ní dhéanfar comhaontuithe ingearacha a dhéanann gnóthais atá gníomhach i ngeilleagar na n-ardán ar líne a chatagóirí mar chomhaontuithe gníomhaireachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh ach amháin i gcás ina gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i roinn 3.2. De bharr na dtosca a luaitear i roinn 3.2.3., de ghnáth ní chomhlíonfar na coinníollacha sin i gcás comhaontuithe a dhéanann gnóthais atá gníomhach i ngeilleagar na n-ardán ar líne.
- (64) I gcás nach gcomhlíonann comhaontú ingearach arna dhéanamh ag gnóthas atá gníomhach i ngeilleagar na n-ardán ar líne na coinníollacha atá le haicmiú mar chomhaontú gníomhaireachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh, is gá a mheas an mbaineann an comhaontú le soláthar seirbhísí idirmheánaithe ar líne. Le hAirteagal 1(1), pointe (e) de Rialachán (AE) 2022/720, sainítear seirbhísí idirghabhála ar líne mar sheirbhísí de chuid na sochaí faisnéise a cheadaíonn do ghnóthais earraí nó seirbhísí <sup>(56)</sup> a thairiscint do ghnóthais eile nó do thomhaltóirí, d'fhonn tionscnamh idirbheart díreach idir gnóthais nó idir gnóthas agus tomhaltóir a éascú, beag beann ar cé acu a thugtar na hidirbhearta sin chun críche agus an áit a dtugtar na hidirbhearta sin chun críche <sup>(57)</sup>. I measc na samplaí de sheirbhísí idirghabhála ar líne tá margaí ríomhthráchtála, siopaí aipeanna, suíomhanna gréasáin áirithe taistil, uirlisí comparáide praghsanna agus seirbhísí meán sóisialta arna n-úsáid ag gnóthais.
- (65) D'fhonn cáiliú mar sholáthraí seirbhísí idirmheánaithe ar líne, ní mór do ghnóthas tionscnamh idirbheart díreach idir dhá pháirtí eile a éascú. I bprionsabal, ní mór measúnú leithleach a dhéanamh ar an bhfeidhm a dhéanann an gnóthas do gach comhaontú ceartingearach a dhéanann sé, go háirithe, féadfaidh gnóthais atá gníomhach i ngeilleagar na n-ardán ar líne samhlacha gnó éagsúla a chur i bhfeidhm in earnálacha éagsúla nó laistigh den earnáil chéanna. Mar shampla, sa bhreis ar sheirbhísí idirghabhála ar líne a sholáthar, féadfaidh na gnóthais sin earraí nó seirbhísí a cheannach agus a athdhíol, i gcásanna áirithe agus an dá fheidhm á gcomhlíonadh acu i leith contrapháirtí aonair.
- (66) Ós rud é go mbailíonn gnóthas íocaíochtaí i leith na n-idirbheart a dhéanann sé idirmheánach, nó go dtairgeann sé seirbhísí coimhdeacha sa bhreis ar a sheirbhísí idirghabhála, mar shampla, seirbhísí fógraíochta, seirbhísí rátála, árachas nó ráthaíocht i gcoinne damáiste, ní chuirtear bac ar an ngnóthas a aicmiú mar sholáthraí seirbhísí idirghabhála ar líne <sup>(58)</sup>.
- (67) Chun críche Rialachán (AE) 2022/720 a chur i bhfeidhm, déantar gnóthais ar páirtithe iad i gcomhaontuithe ingearacha a aicmiú mar sholáthraithe nó mar cheannaitheoirí. De bhun Airteagal 1(1), pointe (d) den Rialachán, déantar gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí idirmheánaithe ar líne de réir bhrí Airteagal 1(1), pointe (e) den Rialachán a aicmiú mar sholáthraí i ndáil leis na seirbhísí sin agus déantar gnóthas a thairgeann nó a

<sup>(55)</sup> Féach freisin mír (30).

<sup>(56)</sup> Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na gcaighdeán teicniúil agus na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

<sup>(57)</sup> Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lch. 57).

<sup>(58)</sup> Féach, mar shampla, breithiúnas an 19 Nollaig 2019, X, Cás C-390/18, AE:C:2019:1112, míreanna 58 go 69.

dhíolann earraí nó seirbhísí trí sheirbhísí idirghabhála ar líne a aicmiú mar cheannaitheoir i ndáil leis na seirbhísí idirmheánaithe ar líne sin, beag beann ar cé acu a íocann sé nó nach n-íocann sé na seirbhísí idirghabhála ar líne a úsáid <sup>(59)</sup>. Beidh na hiarmhairtí seo a leanas aige sin do chur i bhfeidhm an Rialacháin:

- (a) ní féidir an gnóthas a aicmiú mar cheannaitheoir de réir bhrí Airteagal 1(1), pointe (k) den Rialachán i ndáil le hearraí nó seirbhísí arna dtairiscint ag tríú páirtithe ag baint úsáide as na seirbhísí idirghabhála ar líne;
  - (b) chun críche na tairseacha don mhargadh a leagtar amach in Airteagal 3(1) den Rialachán a chur i bhfeidhm, déantar sciar margaidh an ghnóthais a ríomh ar an margadh ábhartha chun seirbhísí idirmheánaithe ar líne a sholáthar. Braitheann raon feidhme an mhargaidh ábhartha ar fhírí an cháis, go háirithe an méid inionadaitheachta idir seirbhísí idirghabhála ar líne agus as líne, agus idir seirbhísí idirghabhála a úsáidtear le haghaidh catagóirí éagsúla earraí nó seirbhísí;
  - (c) srianta arna bhforchur ag an ngnóthas ar cheannaitheoirí na seirbhísí idirmheánaithe ar líne a bhaineann leis an bpraghas ar a bhfuil, na críocha a bhféadfadh na hearraí nó na seirbhísí idirmheánacha a dhíol leo, lena n-áirítear srianta a bhaineann le fógraíocht ar líne agus díol ar líne, faoi réir fhorálacha Airteagal 4 den Rialachán (srianta lárna). Mar shampla, de bhun Airteagal 4(a) den Rialachán, níl feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán maidir le comhaontú faoina bhforchuireann soláthraí seirbhísí idirmheánaithe ar líne praghas díola seasta nó íosta d'idirbheart a éascaíonn sé;
  - (d) de bhun Airteagal 5(1), pointe (d) den Rialachán, níl feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán maidir le hoibleagáidí paireacht miondíola trasna ardáin arna bhforchur ag an ngnóthas ar cheannaitheoirí na seirbhísí idirmheánaithe ar líne;
  - (e) de bhun Airteagal 2(6) den Rialachán, níl feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán maidir le comhaontuithe a bhaineann le seirbhísí idirmheánaithe ar líne a sholáthar i gcás inar gnóthas iomaíoch é soláthraí na seirbhísí maidir leis an margadh ábhartha chun na hearraí nó na seirbhísí idirmheánacha a dhíol (feidhm hibrídeach). Mar atá leagtha amach i roinn 4.4.4 de na Treoirí seo, ní mór na comhaontuithe sin a mheasúnú faoi na Treoirí Cothrománacha maidir le héifeachtaí claonpháirteachais a d'fhéadfadh a bheith ann agus faoi roinn 8 de na Treoirí seo maidir le haon srianta ingearacha.
- (68) Gnóthais atá gníomhach i ngeilleagar na n-ardán ar líne agus nach soláthraíonn seirbhísí idirmheánaithe ar líne de réir bhrí Airteagal 1(1), pointe (e) de Rialachán (AE) 2022/720, féadfar iad a aicmiú mar sholáthraithe nó mar cheannaitheoirí chun críche an Rialachán a chur i bhfeidhm. Mar shampla, féadfar gnóthais den sórt sin a aicmiú mar sholáthraí seirbhísí ionchuir réamhtheachtacha nó mar dhíoltóirí nó athdhíoltóirí earraí nó seirbhísí iartheachacha. Féadfaidh an catagóiríú sin difear a dhéanamh, go háirithe, don sainmhíniú ar an margadh ábhartha chun críche chur i bhfeidhm scairtheoirí an mhargaidh a leagtar amach in Airteagal 3(1) den Rialachán, infheidhmeacht Airteagal 4 den Rialachán (srianta cruacha), agus infheidhmeacht Airteagal 5 den Rialachán (srianta eisiata).

#### 4.4. Teorainneacha le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/720

##### 4.4.1. Comhlachais miondíoltóirí

- (69) Foráiltear le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2022/720 gur féidir le comhaontuithe ingearacha arna ndéanamh ag comhlachas gnóthas a chomhlíonann coinníollacha áirithe tairbhe a bhaint as an bhforáil tearmainn, rud a eisiann ó chomhaontuithe ingearacha cuain shábháilte arna ndéanamh ag gach comhlachas eile. Ciallaíonn sé sin maidir le comhaontuithe ingearacha a dhéantar idir comhlachas agus comhaltaí aonair, nó idir comhlachas

<sup>(59)</sup> Tá an treoir a thugtar sa Roinn seo 4 gan dochar do chatagóiríú gnóthas ar páirtithe iad i gcomhaontuithe atá lasmuigh de Rialachán (AE) 2022/720.

agus soláthróirí aonair, go gcumhdaítear le Rialachán (AE) 2022/720 iad más rud é gur miondíoltóirí na comhaltaí uile, a dhíolann earraí (agus nach ndíolann seirbhísí) le tomhaltóirí deiridh, agus má tá láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 50 milliún ag gach comhalta aonair den chomhlachas, agus ar na coinníollacha sin amháin <sup>(60)</sup>. Mar sin féin, i gcás nach mbeidh láimhdeachas bliantúil is mó ná tairseach an EUR 50 milliún ach ag líon teoranta comhaltaí den chomhlachas agus i gcás inar lú an líon comhaltaí sin le chéile ná 15 % de láimhdeachas comhchoiteann na gcomhaltaí uile le chéile, ní dhéanfar athrú leis sin ar an measúnú faoi Airteagal 101 den Chonradh de ghnáth.

- (70) Féadfaidh idir chomhaontuithe cothrománacha agus chomhaontuithe ingearacha a bheith i gceist le comhlachas gnóthas. Ní mór na comhaontuithe cothrománacha a mheasúnú de réir na bprionsabal atá leagtha amach sna Treoirlínte Cothrománacha. Má bhaintear de thátal as an measúnú sin go bhfuil comhar idir gnóthais i réimse an cheannaigh nó an díola inghlactha, toisc go gcomhlíonann sé na coinníollacha sonracha a leagtar síos sna Treoirlínte sin maidir le comhaontuithe ceannaigh agus/nó tráchtálaíochta, beidh gá le measúnú breise chun scrúdú a dhéanamh ar na comhaontuithe ingearacha arna dtabhairt i gcrích ag an gcomhlachas le soláthraithe aonair nó le baill aonair. Ní mór an measúnú breise sin a dhéanamh i gcomhréir le rialacha Rialachán (AE) 2022/720, agus go háirithe leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 de, agus leis na Treoirlínte seo. Mar shampla, maidir le comhaontuithe cothrománacha a thugtar i gcrích idir comhaltaí an chomhlachais nó le cinní a ghlacann an comhlachas, amhail an cinneadh chun a cheangal ar na comhaltaí ceannach ón gcomhlachas nó an cinneadh chun críocha eisiacha a leithdháileadh ar na comhaltaí, ní mór measúnú a dhéanamh ar na comhaontuithe ar dtús mar chomhaontú cothrománach. Ní gá measúnú a dhéanamh ar na comhaontuithe ingearacha idir an comhlachas agus comhaltaí aonair nó idir an comhlachas agus soláthróirí aonair ach amháin más rud é go dtiocfar ar an gconclúid de thoradh an mheasúnaithe sin nach bhfuil an comhaontú cothrománach frithiomaíoch.

#### 4.4.2. *Comhaontuithe ingearacha ina bhfuil forálacha maidir le cearta um maoin intleachtúil (CMInna).*

- (71) Foráiltear le hAirteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2022/720 gur féidir le comhaontuithe ingearacha ina bhfuil forálacha áirithe a bhaineann le sannadh nó le húsáid CMInna teacht faoi raon feidhme na díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán, faoi réir coinníollacha ar leith. Dá réir sin, níl feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontuithe ingearacha eile ina bhfuil forálacha maidir le cearta maoin intleachtúla.
- (72) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontuithe ingearacha ina bhfuil forálacha maidir le cearta maoin intleachtúla i gcás ina gcomhlíontar cúig choinníoll:
- (a) ní mór do na forálacha CMI a bheith ina gcuid de chomhaontú ingearach, is é sin, comhaontú ag a bhfuil coinníollacha faoina bhféadfaidh na páirtithe earraí nó seirbhísí áirithe a cheannach, a dhíol nó a athdhíol;
  - (b) ní mór na CMInna a shannadh chuig an gceannaitheoir nó a cheadúnú lena n-úsáid ag an gceannaitheoir;
  - (c) ní mór nach ionann na forálacha CMI agus cuspóir príomhúil an chomhaontaithe;
  - (d) ní mór baint dhíreach a bheith ag forálacha CMI le húsáid, díol nó athdhíol earraí nó seirbhísí ag an gceannaitheoir nó ag a gcustaiméirí. I gcás saincheadúnúcháin inarb é an mhargaíocht an cuspóir lena mbaintear leas as na CMInna, is é an máistir-shaincheadúnáí nó na saincheadúnaithe a dháileann na hearraí nó na seirbhísí;
  - (e) ní mór nach mbeidh srianta iomaíochta sna forálacha CMI, i ndáil le hearraí nó le seirbhísí an chonartha, arb é atá de chuspóir acu an cuspóir céanna atá le srianta ingearacha nach bhfuil díolmhaithe faoi Rialachán (AE) 2022/720.
- (73) Áirithítear le coinníollacha den sórt sin go bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontuithe ingearacha i gcás inar féidir úsáid, díol nó athdhíol earraí nó seirbhísí a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí toisc go sanntar CMInna chuig an gceannaitheoir nó go gceadúnaítear lena n-úsáid ag an gceannaitheoir iad. Ciallaíonn sé sin gur féidir srianta, a bhaineann le sannadh nó le húsáid CMInna, a chumhdach le Rialachán (AE) 2022/720 i gcás inarb é príomhchuspóir an chomhaontaithe ceannach nó dáileadh earraí nó seirbhísí.

<sup>(60)</sup> Tá an uasteorainn láimhdeachais bhliantúil de EUR 50 milliún bunaithe ar uasteorainn láimhdeachais FBManna in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/EC ón gCoimisiún.

- (74) Léirítear go soiléir leis an gcéad choinníoll a leagtar amach i mír (72), pointe (a), gurb é an comhthéacs ina soláthraítear CMIanna comhaontú chun earraí a cheannach nó a dháileadh, nó comhaontú chun seirbhísí a cheannach nó a sholáthar, agus ní comhaontú a bhaineann le sannadh nó le ceadúnú CMIanna chun earraí a mhonarú, ná glanchomhaontú ceadúnúcháin. Ní chumhdaítear an méid seo a leanas, mar shampla, le Rialachán (AE) 2022/720:
- (a) comhaontuithe i gcás ina soláthróidh páirtí oideas do pháirtí eile agus ina gceadúnóidh siad an páirtí eile deoch a tháirgeadh leis an oideas sin;
  - (b) glancheadúnú trádmhairc nó comhartha chun críche marsantúcháin;
  - (c) conarthaí urraíochta a bhaineann leis an gceart atá ag páirtí fógraíocht a dhéanamh ina leith féin mar urraitheoir oifigiúil imeachta;
  - (d) ceadúnú cóipchirt amhail conarthaí craolacháin a bhaineann leis an gceart imeacht a thaifeadh agus/nó a chraoladh.
- (75) Leanann sé ón dara coinníoll a leagtar amach i mír (72), pointe (b), nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 nuair a sholáthraíonn an ceannaitheoir na cearta maoine intleachtúla don soláthróir, beag beann ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann cearta maoine intleachtúla leis an modh monaraithe nó dáilte. Ní thagann comhaontú a bhaineann le haistriú CMIanna chuig an soláthróir agus ina bhfuil srianta féideartha ar dhíolacháin arna ndéanamh ag an soláthróir faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/720. Ciallaíonn sé sin nach dtagann fochonraitheoireacht lena n-aistrítear fios feasa chuig fochonraitheoir faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/720 (féach freisin roinn 3.3 de na Treoirlínte seo). Mar sin féin, comhaontuithe ingearacha faoina soláthraíonn an ceannaitheoir sonraíochtaí amháin don soláthróir a thugann tuairisc ar na hearraí nó na seirbhísí atá le soláthar, tagann siad faoi raon feidhme chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/720.
- (76) Léirítear go soiléir leis an tríú coinníoll, a leagtar amach i mír (72), pointe (c), nach mór nach é cuspóir príomhúil an chomhaontaithe CMIanna a shannadh nó a cheadúnú. Ní mór gurb é an cuspóir príomhúil ceannach, díol nó athdhíol earraí nó seirbhísí agus ní mór do fhorálacha CMI rannchuidiú leis an gcomhaontú ingearach a chur chun feidhme.
- (77) Ceanglaítear leis an gceathrú coinníoll a leagtar amach i mír (72), pointe (d), go n-éascaíonn forálacha CMI le húsáid, díol nó athdhíol earraí nó seirbhísí ag an gceannaitheoir nó ag a chustaiméirí. Is é an ceadúnóir de ghnáth a sholáthraíonn na hearraí nó na seirbhísí lena n-úsáid nó lena n-athdhíol, ach féadfaidh an ceadúnaí iad a cheannach ó sholáthróir tríú páirtí freisin. Bainfidh forálacha CMI le margú earraí nó seirbhísí de ghnáth. Bheadh comhaontú saincheadúnais ina shampla i gcás ina ndíolfaidh an saincheadúnóir earraí lena n-athdhíol leis an saincheadúnaí agus ina gceadúnóidh sé an saincheadúnaí lena thrádmharc agus a fhios gnó a úsáid chun na margáí a mhargú nó i gcás ina saincheadúnóidh soláthróir eastóscáin thiubhaithe an ceannaitheoir an t-eastóscán a chaolú agus a bhuidéalú sula ndíolfar mar dheoch é.
- (78) Leis an gcúigiú coinníoll, a leagtar amach i mír (72), pointe (e), ceanglaítear nach an cuspóir céanna a bheidh ag na forálacha maidir le cearta maoine intleachtúla is atá ag aon cheann de na crashrianta a liostaítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/720 nó aon cheann de na srianta a eisiatar ó chumhdach an Rialacháin de bhun Airteagal 5 den Rialachán sin (féach roinn 6).
- (79) Baineann CMIanna is ábhartha do chur chun feidhme comhaontuithe ingearacha de réir bhrí Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2022/720 le trí phríomhréimse go hiondúil: trádmharcanna, cóipcheart agus fios gnó.
- 4.4.2.1. Trádmharcanna
- (80) Féadfaidh baint a bheith ag ceadúnais trádmhairc do dháileoir le dáileadh tháirgí an cheadúnóra ar chríoch áirithe. Más ceadúnas eisiach atá ann, is ionann an comhaontú agus dáileadh eisiach.
- 4.4.2.2. Cóipcheart
- (81) Féadfaidh athdhíoltóirí earraí nó seirbhísí a chumhdaítear le cóipcheart (e.g. leabhair agus bogearraí) a bheith faoi oibleagáid ag an sealbhóir cóipchirt gan athdhíol a dhéanamh ach amháin ar choinníoll nach sáróidh an ceannaitheoir an cóipcheart, gan beann ar cibé acu is athdhíoltóir eile atá ann nó an t-úsáideoir deiridh. A mhéid a thagann siad faoi Airteagal 101(1) den Chonradh ar chor ar bith, cumhdaítear na hoibleagáidí sin maidir leis an athdhíoltóir le Rialachán (AE) 2022/720.

- (82) Mar a luaitear i mír 62 de na Treoirlínte maidir le hAistriú Teicneolaíochta <sup>(61)</sup>, ní chumhdaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 316/2014 ón gCoimisiún <sup>(62)</sup> ceadúnú cóipchirt bogearraí chun críche an saothar faoi chosaint a atáirgeadh agus a dháileadh amháin ach cumhdaítear é de réir analaí le Rialachán (AE) 2022/720 agus na Treoirlínte seo.
- (83) Thairis sin, comhaontuithe faoina soláthraítear cruachóipeanna de bhogearraí lena n-athdhíol agus nach bhfaigheann an t-athdhíoltóir ceadúnas le haghaidh aon cheart chun na bogearraí ach níl sé de cheart acu ach na cruachóipeanna a dhíol arís, measfar gur comhaontuithe iad chun earraí a sholáthar lena n-athdhíol chun críche Rialachán (AE) 2022/720. Faoin gcineál dáilte sin, ní dhéantar na bogearraí a cheadúnú ach amháin idir úinéir an chóipchirt agus úsáideoir na mbogearraí. Féadfaidh sé a bheith i bhfoirm cheadúnas “crapchlúdaigh”, is é sin, sraith coinníollacha a áirítear i bpacáiste na cruachóipe a measfar go nglacann an t-úsáideoir deiridh leo ach an pacáiste a oscailt.
- (84) Féadfaidh ceannaitheoirí crua-earraí ina bhfuil bogearraí atá faoi chosaint cóipchirt a bheith faoi oibleagáid ag an sealbhóir cóipchirt gan an cóipcheart a shárú agus ní mór dóibh dá bhrí sin gan cóipeanna a dhéanamh agus na bogearraí a athdhíol nó gan cóipeanna a dhéanamh agus na bogearraí a úsáid i gcomhcheangal le crua-earraí eile. Sa mhéid go dtagann siad faoi Airteagal 101(1) den Chonradh in aon chor, cumhdaítear srianta úsáide den sórt sin le Rialachán (AE) 2022/720.

#### 4.4.2.3. Fios gnó

- (85) Is sampla soiléir d'fhios gnó iad comhaontuithe saincheadúnais chun críocha margaíochta a chuirtear in iúl don cheannaitheoir <sup>(63)</sup>. Tá ceadúnais CMInna i gcomhaontuithe saincheadúnais a bhaineann le trádmharcanna nó le comharthaí, agus le fios gnó chun earraí a úsáid agus a dháileadh nó chun seirbhísí a sholáthar. I dteannta CMInna a cheadúnú, soláthraíonn an saincheadúnóir cúnaimh tráchtála nó teicniúil don saincheadúnaí de ghnáth le linn fhad an chomhaontaithe, amhail seirbhísí soláthair, oiliúint, comhairle maidir le réadmhaoín agus le pleanáil airgeadais. Tá an ceadúnas agus an cúnaimh a sholáthraítear ina ndlúth-chomhpháirteanna den mhodh gnó atá á shaincheadúnú.
- (86) Cumhdaítear ceadúnú atá i gcomhaontuithe saincheadúnais le Rialachán (AE) 2022/720 i gcás ina gcomhlíontar na cúig choinníoll atá liostaithe i mír (72) de na Treoirlínte seo. Comhlíontar na coinníollacha sin de ghnáth mar choinníollacha faoi fhorhmór na gcomhaontuithe saincheadúnais, lena n-áirítear máistir-chomhaontuithe saincheadúnais, soláthraíonn an saincheadúnais earraí nó seirbhísí, go háirithe seirbhísí tráchtála nó cúnaimh theicniúil, don saincheadúnas. Cuidíonn CMInna leis an saincheadúnaí na táirgí, arna soláthar ag an saincheadúnóir nó ag soláthróir arna ainmniú ag an saincheadúnóir, a athdhíol, nó chun na táirgí sin a úsáid agus na hearraí nó na seirbhísí a eascraíonn astu a dhíol. I gcás nach mbainfidh an comhaontú saincheadúnais ach le ceadúnú CMInna amháin nó leo siúd go príomha, ní chumhdaítear le Rialachán (AE) 2022/720 é, ach cuirfidh an Coimisiún, mar rialail ghinearálta, na príonsabail a leagtar amach in Rialachán (AE) 2022/720 agus sna Treoirlínte seo i bhfeidhm maidir le comhaontú den sórt sin.
- (87) Meastar go ginearálta gur gá na hoibleagáidí a bhaineann le CMInna seo a leanas chun cearta maoine intleachtúla an reachtóra a chosaint agus, i gcás ina dtagann na hoibleagáidí sin faoi Airteagal 101(1) den Chonradh, cumhdaítear freisin le Rialachán (AE) 2022/720 iad:
- (a) oibleagáid ar an saincheadúnóir gan dul i mbun aon ghnó comhchosúil, go díreach nó go hindíreach;
  - (b) oibleagáid ar an saincheadúnóir gan leasanna airgeadais a fháil mar éadail i gcaipiteal gnóthais iomaíoch chun go dtabharfar don saincheadúnaí an chumhacht chun dul i bhfeidhm ar iompar eacnamaíoch gnóthais den sórt sin;
  - (c) oibleagáid ar an saincheadúnaí gan an fios gnó a sholáthair an saincheadúnóir a nochtadh do thríú páirtithe a fhad nach mbeidh an fios gnó sin san fhearann phoiblí;

<sup>(61)</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe aistriithe teicneolaíochta (IO C 89, 28.3.2014, lch. 3).

<sup>(62)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 316/2014 ón gCoimisiún ón gCoimisiún an 21 Márta 2014 maidir le hAirteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe (IO L 93, 28.3.2014, lch. 17).

<sup>(63)</sup> Tá feidhm ag míreanna (85) go (87) de réir analaí maidir le cineálacha comhaontuithe dáileacháin eile a bhaineann le haistriú fios gnó substaintiúil ón soláthróir chuig an gceannaitheoir.

- (d) oibleagáid ar an saincheadúnaí aon taithí, a fhaightear as leas a bhaint as an saincheadúnas, a chur in iúl don saincheadúnóir agus ceadúnas neamheisiach a dheonú don saincheadúnóir agus do shaincheadúnaithe eile le haghaidh an fhios gnó a eascraíonn as an taithí sin;
- (e) oibleagáid ar an saincheadúnaí sárúithe ar CMIInna ceadúnaithe a chur in iúl don saincheadúnóir, caingean dlí a thionscnamh in aghaidh lucht déanta sárúithe nó cúnamh a thabhairt don saincheadúnóir in aon chaingean dlí in aghaidh lucht déanta sárúithe;
- (f) oibleagáid ar an saincheadúnaí gan fios gnó atá ceadúnaithe ag an saincheadúnóir a úsáid chun críocha seachas chun leas a bhaint as an saincheadúnas;
- (g) oibleagáid ar an saincheadúnaí gan na cearta ná na hoibleagáidí faoin gcomhaontú saincheadúnais a shannadh gan toiliú an tsaincheadúnóra.

#### 4.4.3. Comhaontuithe ingearacha idir iomaitheoirí

- (88) Maidir le comhaontuithe ingearacha idir iomaitheoirí, ba cheart a thabhairt faoi deara ar dtús, de bhun Airteagal 2(7) de Rialachán (AE) 2022/720, a bhfuil treoir ar fáil ina leith i roinn 4.5 de na Treoirlínte seo, nach bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir le comhaontuithe ingearacha a dtagann a n-ábhar laistigh de raon feidhme aon rialacháin blocdhíolúine eile, mura bhforáiltear a mhalairt sa rialachán sin.
- (89) Bunaítear leis an gcéad abairt d'Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2022/720 an riail ghinearálta nach bhfuil feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán maidir le comhaontuithe ingearacha a dhéantar idir gnóthais iomaíocha.
- (90) Sainmhínítear le hAirteagal 1(1), pointe (c), Rialachán (AE) 2022/720 gnóthas iomaíoch mar iomaitheoir iarbhrí nó féideartha. Láimhseáiltear dhá chuideachta mar iomaitheoirí iarbhrí más rud é go bhfuil siad gníomhach ar an margadh ábhartha céanna (margadh an táirge agus an margadh geografach). Láimhseáiltear gnóthas mar iomaitheoir féideartha de chuid gnóthais eile más rud é, in éagmais an chomhaontaithe ceartingearaigh idir na gnóthais, gur dócha go ndéanfadh an chéad ghnóthas, laistigh de thréimhse ghearr ama (nach faide de ghnáth ná bliain amháin), na hinfheistíochtaí breise is gá nó go dtabhódh sé costais eile is gá chun dul isteach sa mhargadh ábhartha ina bhfuil an gnóthas is déanaí atá luaithe gníomhach. Ní mór don mheasúnú sin a bheith bunaithe ar fhorais réadúla, ag féachaint do struchtúr an mhargaidh agus don chomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ina n-oibríonn sé. Ciallaíonn sé sin nach leordhóthanach gan ach an fhéidearthacht theoriciúil a bheith ann go rachfar isteach i margadh. Ní mór fíorfhéidearthachtaí coincreiteacha a bheith ann go rachaidh an gnóthas sin isteach sa mhargadh gan aon bhacainn dhosháraithe roimh an iontráil. Os a choinne sin, níl aon ghá ann a léiriú le deimhneacht go rachaidh an gnóthas sin isteach sa mhargadh lena mbaineann le fírinne agus, a fortiori, go mbeidh sé in ann, dá éis sin, a áit ansin a choinneáil <sup>(64)</sup>.
- (91) Ní mór measúnú aonair a dhéanamh faoi Airteagal 101 den Chonradh ar chomhaontuithe ingearacha idir gnóthais iomaíocha nach dtagann faoi réim na n-eisceachtaí a leagtar amach sa dara habairt d'Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2022/720, a dtugtar treoir ina leith i míreanna (93) go (95). Tá na Treoirlínte seo ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar aon srianta ingearacha sna comhaontuithe sin. Féadfaidh na Treoirlínte Cothrománacha treoir ábhartha a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí claonpháirteacha a d'fhéadfadh a bheith ann.
- (92) Ní mheastar gur monaróir d'earraí féinbhanda den sórt sin é mórdhíoltóir nó miondhíoltóir a sholáthraíonn sonraíochtaí do mhonaróir chun earraí a tháirgeadh lena ndíol faoi ainm branda an mhórdhíoltóra nó an mhiondhíoltóra agus, dá bhrí sin, ní iomaitheoir de chuid an mhonaróra é d'fhonn Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2022/720 a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is féidir leis an díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán iarratas a dhéanamh ar chomhaontú ingearach a dhéantar idir mórdhíoltóir nó miondhíoltóir a dhíolann earraí branda féin a mhonaraigh tríú páirtí agus monaróir earraí branda iomaíocha <sup>(65)</sup>. Os a choinne sin, i bhfianaise na ndifríochtaí sna hinfheistíochtaí a dhéanann siad, meastar gur monaróirí iad mórdhíoltóirí agus miondhíoltóirí a mhonaraíonn earraí inti lena ndíol faoina n-ainm branda féin agus dá bhrí sin níl feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán maidir le comhaontuithe ingearacha a dhéanann mórdhíoltóirí nó miondhíoltóirí den sórt sin le monaróirí earraí brandáilte atá in iomaíocht leo.

<sup>(64)</sup> Féach breithiúnais an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus Eile v Competition and Markets Authority*, Cás C-307/18, EU:C:2020:52, míreanna 36 go 45; 25 Márta 2021, *H. Lundbeck A/S and Lundbeck Ltd v an Coimisiún Eorpach*, Cás C-591/16 P, EU:C:2021:243, míreanna 54 go 57.

<sup>(65)</sup> Tá an méid sin gan dochar d'fheidhmiú an Fhógra Fochonartha, féach mír (47) de na Treoirlínte seo.

- (93) Sa dara habairt d'Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2022/720 tá dhá eisceacht ón riail ghinearálta nach bhfuil feidhm ag an mblocdhíolúine maidir le comhaontuithe idir gnóthais iomaíocha. Foráiltear leis go mbeidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán maidir le comhaontuithe ingearacha neamh-chómhalartacha idir gnóthais atá in iomaíocht lena chéile a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 2(4), pointe (a) nó pointe (b) den Rialachán. Ciallaíonn neamh-chómhalartach go háirithe nach ndéanann ceannaitheoir na n-earraí nó na seirbhísí conartha earraí nó seirbhísí conartha a sholáthar don soláthraí freisin ná nach ndéanann sé earraí nó seirbhísí atá in iomaíocht lena chéile a sholáthar don soláthraí.
- (94) Baineann an dá eisceacht a leagtar amach in Airteagal 2(4), pointí (a) agus (b) de Rialachán (AE) 2022/720 le cásanna dédháilte, ina mbíonn soláthraí earraí nó seirbhísí gníomhach ar an leibhéal iartheachtach freisin, agus dá bhrí sin in iomaíocht lena dháileoirí neamhspleácha nach bhfuil gníomhach ar an leibhéal réamhtheachtach. Baineann an eisceacht dá bhforáiltear le hAirteagal 2(4), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720 leis an gcás ina ndíolann an soláthraí earraí conartha ar leibhéal éagsúla trádála, eadhon mar mhonaróir, allmhaireoir, nó mórdhíoltóir agus freisin mar mhórdhíoltóir nó miondhíoltóir, cé go ndíolann an ceannaitheoir na hearraí conartha ar leibhéal iartheachtach, eadhon mar mhórdhíoltóir nó mar mhiondhíoltóir, agus nach gnóthas iomaíoch é ag an leibhéal réamhtheachtach ina gceannaíonn sé na hearraí conartha. Baineann an eisceacht dá bhforáiltear le hAirteagal 2(4), pointe (b) de Rialachán (AE) 2022/720 leis an gcás inar soláthraí seirbhísí é an soláthraí atá ag feidhmiú ar leibhéal éagsúla trádála, cé go soláthraíonn an ceannaitheoir seirbhísí ar leibhéal an mhiondhíola agus nach gnóthas iomaíoch é ar leibhéal na trádála ina gceannaíonn sé seirbhísí.
- (95) Is é an réasúnaíocht do na heisceachtaí sin go meastar, i gcás dhá dháileadh, nach bhfuil an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomhaontú ceartingearach ar an gcaidreamh iomaíoch idir an soláthraí agus an ceannaitheoir ar an leibhéal iartheachtach chomh tábhachtach céanna leis an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomhaontú ingearach ar an iomaíocht i gcoitinne ag na leibhéil réamhtheachtacha nó iartheachtacha. Ós rud é gur eisceachtaí iad Airteagal 2(4), pointí (a) agus (b), ón riail ghinearálta nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontuithe idir iomaitheoirí, ba cheart na heisceachtaí sin a fhorlíriú go cúng.
- (96) Má chomhlíontar coinníollacha Airteagal 2(4), pointe (a) nó (b) de Rialachán (AE) 2022/720, beidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán maidir le gach gné den chomhaontú ingearach atá i gceist, lena n-áirítear aon mhalartú faisnéise idir na páirtithe is gá chun feabhas a chur ar tháirgeadh nó dáileadh na n-earraí nó na seirbhísí conartha ag na páirtithe <sup>(66)</sup>. Is féidir le malartú faisnéise idir soláthraí agus ceannaitheoir cur le héifeachtaí comhaontuithe ingearacha ar son na hiomaíochta, lena n-áirítear barrfheabhsú na bpróiseas táirgthe agus dáileacháin. Tá feidhm aige sin freisin i gcás an dáileacháin. Níl gach malartú faisnéise idir soláthraí agus ceannaitheoir i gcás dédháilte, áfach, ag feabhsú éifeachtúlachta. Ar an gcúis sin, foráiltear le hAirteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2022/720 nach bhfuil feidhm ag na heisceachtaí a leagtar amach in Airteagal 2(4), pointí (a) agus (b) maidir leis an malartú faisnéise idir soláthraí agus ceannaitheoir nach bhfuil baint dhíreach aige le cur chun feidhme an chomhaontaithe ingearach nó nach bhfuil riachtanach chun feabhas a chur ar tháirgeadh nó dáileadh na n-earraí nó na seirbhísí conartha, nó nach gcomhlíonann ceachtar de na coinníollacha sin. Ní bhaineann Airteagal 2(5) den Rialachán agus an treoir a chuirtear ar fáil i míreanna (96) go (103) ach le malartú faisnéise i gcomhthéacs dhá dháileadh, eadhon malartú faisnéise idir na páirtithe i gcomhaontú ingearach a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 2(4), pointe (a) nó pointe (b) den Rialachán.
- (97) Chun críocha Airteagal 2(5) den Rialachán agus na Treoirí seo a chur i bhfeidhm, áirítear sa mhalartú faisnéise aon chumarsáid faisnéise ag páirtí amháin sa pháirtí eile, beag beann ar shaintréithe an mhalartaithe, mar shampla cibé acu an bhfuil an fhaisnéis á cur in iúl ag páirtí amháin nó ag an dá pháirtí, nó an ndéantar an fhaisnéis a mhalartú i scríbhinn nó ó bhéal. Ní bhaineann sé le hábhar freisin an aontaíonn na páirtithe go sainráite foirm agus ábhar an mhalartaithe faisnéise nó an ndéantar é ar bhonn neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear, mar shampla, i gcás ina ndéanfaidh páirtí amháin faisnéis a chur in iúl gan iarraidh ón bpáirtí eile.

<sup>(66)</sup> Tá an treoir a thugtar sna treoirí seo gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1) agus dlí eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le malartú faisnéise de réir bhrí mhír (97) de na Treoirí seo.

- (98) Cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann malartú faisnéise go díreach le cur chun feidhme comhaontaithe ceartingearaigh agus a bhfuil gá leis chun feabhas a chur ar tháirgeadh nó ar dháileadh earraí nó seirbhísí an chonartha de réir bhrí Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2022/720 ag na páirtithe, féadfaidh sé a bheith ag brath ar an múnla dáileacháin ar leith. Mar shampla, faoi chomhaontú dáilte eisiach, d'fhéadfadh sé gur ghá do na páirtithe faisnéis a mhalartú a bhaineann lena ngníomhaíochtaí díolacháin faoi seach i gcrictha áirithe nó i ndáil le grúpaí áirithe custaiméirí. Faoi chomhaontú saincheadúnais, d'fhéadfadh sé gur ghá don saincheadúnóir agus don saincheadú faisnéis a mhalartú a bhaineann le samhail chomhionann ghnó a chur i bhfeidhm ar fud an líonra saincheadúnais <sup>(67)</sup>. I gcóras dáileacháin roghnaitheach, d'fhéadfadh sé gur ghá don dáileoir faisnéis a roinnt leis an soláthróir a bhaineann lena chomhlíonadh leis na critéir roghnúcháin agus le haon srianta ar dhíolacháin le dáileoirí neamhúdaraithé.
- (99) Seo a leanas liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí faisnéise a d'fhéadfadh, ag brath ar na himthosca ar leith, a bheith bainteach go díreach le cur chun feidhme an chomhaontaithe ingearach agus atá riachtanach chun táirgeadh nó dáileadh na n-earraí nó na seirbhísí conartha a fheabhsú <sup>(68)</sup>:
- (a) Faisnéis theicniúil a bhaineann le hearraí nó seirbhísí conartha, amhail faisnéis a bhaineann le clárú, deimhniúchán nó láimhseáil na n-earraí nó na seirbhísí conartha, go háirithe nuair nach mór do na hearraí nó na seirbhísí sin bearta rialála a chomhlíonadh, agus faisnéis a chuirfidh ar chumas an tsoláthóra nó an cheannaitheora na hearraí nó na seirbhísí conartha a chur in oiriúint do riachtanais an chustaiméara;
  - (b) faisnéis lóistíochta a bhaineann le táirgeadh agus dáileadh earraí nó seirbhísí conartha ar na leibhéil réamhtheachtacha nó iartheachtacha, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le próisis táirgthe, fardal, stoic agus, faoi réir phointe (b) de mhír (100), toirteanna díolacháin agus tuairisceáin;
  - (c) faoi réir mhír (100), pointe (b), faisnéis a bhaineann le ceannach custaiméara na n-earraí nó na seirbhísí conartha, roghanna custaiméara agus aiseolas ó chustaiméirí, ar choinníoll nach n-úsáidtear faisnéis den sórt sin a mhalartú chun srian a chur ar an gcricoch isteach inti nó ar na custaiméirí a bhféadfaidh an ceannaitheoir earraí nó seirbhísí an chonartha a dhíol leo de réir bhrí Airteagal 4, pointe (b), pointe (c) nó pointe (d) de Rialachán (AE) 2022/720;
  - (d) Faisnéis a bhaineann leis na praghsanna ar a ndíolann an soláthróir na hearraí nó na seirbhísí conartha leis an gceannaitheoir;
  - (e) faoi réir mhír (100), pointe (a), faisnéis a bhaineann le praghsanna athdhíola molta an tsoláthóra nó na huasphraghsanna athdhíola le haghaidh na n-earraí nó na seirbhísí conartha agus faisnéis a bhaineann leis na praghsanna ar a n-athdhíolann an ceannaitheoir na hearraí nó na seirbhísí, ar choinníoll nach n-úsáidtear malartú faisnéise den sórt sin chun srian a chur ar chumas an cheannaitheora a phraghas díola a chinneadh nó praghas díola seasta nó íosta a fhorfhaidhmiú de réir bhrí Airteagal 4, pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720 <sup>(69)</sup>;
  - (f) faoi réir mhír (100) agus phointe (e) den mhír seo, faisnéis a bhaineann le hearraí nó seirbhísí conartha a mhargú, lena n-áirítear faisnéis maidir le feachtais fógraíochta agus faisnéis faoi earraí nó seirbhísí nua atá le soláthar faoin gcomhaontú ingearach;
  - (g) Faisnéis a bhaineann le feidhmíocht, lena n-áirítear faisnéis chomhiomlánaithe a chuireann an soláthraí in iúl don cheannaitheoir i ndáil le gníomhaíochtaí margaíochta agus díolacháin ceannaitheoirí eile na n-earraí nó na seirbhísí conartha, ar choinníoll nach gcuireann sé sin ar chumas an cheannaitheora gníomhaíochtaí ceannaitheoirí áirithe atá in iomaíocht lena chéile a shainnithint, chomh maith le faisnéis a bhaineann le méid nó luach dhíolacháin an cheannaitheora ar earraí nó seirbhísí an chonartha i gcoibhneas le díolacháin an cheannaitheora ar earraí nó seirbhísí atá in iomaíocht leo.
- (100) Is samplaí iad seo a leanas d'fhaisnéis nach dócha, tríd is tríd, nach gcomhlíonfaidh sí an dá choinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2022/720 nuair a mhalartaítear idir soláthróir agus ceannaitheoir iad i gcás dé-dháileacháin:

<sup>(67)</sup> Féach mír 31 de Threoirlínte Airteagal 101(3).

<sup>(68)</sup> Mura léirítear a mhalairt, cumhdaítear sna samplaí faisnéis arna cur in iúl ag an soláthróir nó ag an gceannaitheoir, beag beann ar mhínicíocht na cumarsáide agus beag beann ar cé acu a bhaineann an fhaisnéis le hiompar a rinneadh roimhe seo, atá ann nó a bheidh ann amach anseo.

<sup>(69)</sup> Féach Roinn 6.1.1. de na Treoirlínte seo chun treoir bhreise a thabhairt maidir le RPM, lena n-áirítear maidir le modhanna indíreacha chun RPM a bhaint amach.

- (a) faisnéis a bhaineann leis na praghsanna sa todhchaí ag a bhfuil sé beartaithe ag an soláthróir nó an ceannaitheoir earraí nó seirbhísí an chonartha a dhíol le hiarthacht;
- (b) faisnéis a bhaineann le húsáideoirí deiridh sainaitheanta na n-earraí nó na seirbhísí conartha, ach amháin más gá an fhaisnéis sin a mhalartú:
- (1) a chur ar chumas an tsoláthóra nó an cheannaitheora ceanglais úsáideora deiridh ar leith a chomhlíonadh, mar shampla na hearraí nó na seirbhísí conartha a chur in oiriúint do riachtanais an úsáideora deiridh, coinníollacha speisialta a dheonú don úsáideoir deiridh, lena n-áirítear faoi scéim dílseachta custaiméara, nó seirbhísí réamhdhíola nó iardhíola a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí ráthaíochta,
- (2) a chur chun feidhme nó faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh comhaontú dáilte roghnaíoch nó comhaontú dáileacháin eisiach faoina leithdháiltear úsáideoirí deiridh ar leith ar an soláthróir nó ar an gceannaitheoir;
- (c) faisnéis a bhaineann le hearraí a dhíolann ceannaitheoir faoina ainm branda féin agus a mhalartaítear idir an ceannaitheoir agus monaróir earraí brandáilte atá in iomaíocht lena chéile, murab é an monaróir táirgeoir na n-earraí féinbhanda freisin.
- (101) Cuirtear na samplaí atá leagtha amach i míreanna (99) agus (100) ar fáil chun cabhrú le gnóthais lena bhféinmheasúnú. Mar sin féin, ní hionann cineál áirithe faisnéise a áireamh i mír (99) agus a thabhairt le tuiscint go gcomhlíonfaidh malartú faisnéise den sórt sin dhá choinníoll charnacha maidir le gaol díreach agus riachtanas a leagtar amach in Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2022/720 i ngach cás. Ar an gcuma chéanna, má chuirtear isteach cineál áirithe faisnéise i mír (100), ní thugtar le tuiscint leis sin nach gcomhlíonfaidh malartú faisnéise den sórt sin an dá choinníoll sin choíche. Dá bhrí sin, ní mór do ghnóthais coinníollacha Airteagal 2(5) den Rialachán a chur i bhfeidhm ar fhíorais shonracha a gcomhaontaithe ceartingearaigh.
- (102) I gcás ina rachaidh na páirtithe i gcomhaontú ingearach a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 2(4), pointí (a) nó (b) de Rialachán (AE) 2022/720 i mbun malartuithe faisnéise atá (i) nach bhfuil baint dhíreach acu le cur chun feidhme a gcomhaontú ingearach nó (ii) nach bhfuil riachtanach chun feabhas a chur ar tháirgeadh nó dáileadh na n-earraí nó na seirbhísí conartha, ní mór an malartú faisnéise a mheasúnú ar bhonn aonair faoi Airteagal 101 den Chonradh. Ní gá go sáródh malartuithe den sórt sin Airteagal 101 den Chonradh. Mar sin féin, féadfaidh forálacha eile an chomhaontaithe ceartingearaigh idir an soláthróir agus an ceannaitheoir tairbhe a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán, ar choinníoll go gcomhlíonann an comhaontú na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán ar shlí eile.
- (103) I gcás ina dtugann gnóthais iomaíocha faoi chomhaontú ingearach agus malartú faisnéise nach dtairbhíonn den díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán <sup>(70)</sup>, féadfaidh siad réamhchúraimí a ghlacadh chun an riosca go n-eascróidh ábhair inní iomaíochta as an malartú faisnéise a íoslaghdú <sup>(71)</sup>. Mar shampla, ní fhéadfaidh siad ach faisnéis chomhiomlán díolacháin a mhalartú nó moill iomchuí a áirithiú idir giniúint na faisnéise agus an malartú. Réamhchúram eile is ea bearta teicniúla nó riaracháin a úsáid, amhail ballaí dóiteáin, chun a áirithiú, mar shampla, nach mbeidh rochtain ach ag an bpearsanra atá freagrach as gníomhaíochtaí réamhtheachtacha an tsoláthóra ar fhaisnéis a chuireann an ceannaitheoir in iúl, agus dóibh siúd amháin, agus ní ag an bpearsanra atá freagrach as gníomhaíocht dhíolacháin dhíreacha iarthachtach an tsoláthóra. Mar sin féin, ní féidir le húsáid na réamhchúraimí sin malartuithe faisnéise a bheadh lasmuigh de raon feidhme na díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720 a thabhairt faoi raon feidhme na díolúine sin.

#### 4.4.4. Comhaontuithe ingearacha le soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne a bhfuil feidhm hibrideach acu

- (104) De bhun Airteagal 2(6) de Rialachán (AE) 2022/720, níl feidhm ag na déisceachtaí dáileacháin a leagtar amach in Airteagal 2(4), pointí (a) agus (b) den Rialachán maidir le comhaontuithe ingearacha a bhaineann le soláthar seirbhísí idirmheánaithe ar líne i gcás ina bhfuil feidhm hibrideach ag soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne,

<sup>(70)</sup> Mar shampla, toisc nach gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 2(4), Airteagal 2(5) nó Airteagal 3(1) den Rialachán.

<sup>(71)</sup> Féach an chaibidil maidir le malartú faisnéise sna Treoirínte Cothrománacha agus aon treoir a chuirfear ar fáil iontu amach anseo.

eadhon gur gnóthas iomaíoch é freisin ar an margadh ábhartha chun na hearraí nó na seirbhísí idirmheánacha a dhíol <sup>(72)</sup>. Tá feidhm ag Airteagal 2(6) de Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontuithe ingearacha “a bhaineann le” soláthar seirbhísí idirmheánaithe ar líne, beag beann ar cibé acu an mbaineann an comhaontú le soláthar na seirbhísí sin do pháirtí sa chomhaontú nó do thríú páirtithe.

- (105) Ní chomhlíonann comhaontuithe ingearacha a bhaineann le soláthar seirbhísí idirmheánaithe ar líne arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhísí idirmheánaithe ar líne ag a bhfuil feidhm hibrídeach den sórt sin an réasúnaíocht do na heisceachtaí dédháilte, atá leagtha amach in Airteagal 2(4), pointe (a) agus pointe (b) de Rialachán (AE) 2022/720. D’fhéadfadh sé go mbeadh dreasacht ag soláthraithe den sórt sin tús áite a thabhairt dá ndíolacháin féin agus don chumas tionchar a imirt ar thoradh na hiomaíochta idir gnóthais a úsáideann a gcuid seirbhísí idirghabhála ar líne. Dá bhrí sin, féadfaidh comhaontuithe ingearacha den sórt sin a bheith ina n-ábhar inmí d’iomaíocht go ginearálta ar mhargaí ábhartha i gcomhair dhíol na n-earraí nó na seirbhísí idirmheánaithe.
- (106) Tá feidhm ag Airteagal 2(6) de Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontuithe ingearacha a bhaineann le seirbhísí idirmheánaithe ar líne a sholáthar i gcás inar iomaitheoir iarbhír nó féideartha é soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne ar an margadh ábhartha chun na hearraí nó na seirbhísí idirmheánacha a dhíol. Go háirithe, ní mór gur dócha go ndéanfadh an soláthraí seirbhísí idirmheánaithe ar líne, laistigh de thréimhse ghearr ama (nach faide de ghnáth ná bliain amháin), na hinfheistíochtaí riachtanacha breise nó go dtabhódh sé costais eile riachtanacha chun dul isteach sa mhargadh ábhartha <sup>(73)</sup>.
- (107) Ní mór na comhaontuithe a bhaineann le soláthar seirbhísí idirmheánaithe ar líne, ar comhaontuithe iad nach dtairbhíonn den díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán, de bhun Airteagal 2(6) de Rialachán (AE) 2022/720, a mheasúnú ar bhonn aonair faoi Airteagal 101 den Chonradh. Ní gá go gcuireann comhaontuithe den sórt sin srian le hiomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh, nó féadfaidh siad coinníollacha díolúine aonair faoi Airteagal 101(3) den Chonradh a chomhlíonadh. Féadfaidh feidhm a bheith ag Fógra De Minimis i gcás ina bhfuil sciar íseal den mhargadh ag na páirtithe ar an margadh ábhartha chun seirbhísí idirghabhála ar líne a sholáthar agus chun an margadh ábhartha chun na hearraí nó na seirbhísí idirmheánacha a dhíol <sup>(74)</sup>. Féadfaidh na Treoirilínte Cothrománacha treoir ábhartha a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí claonpháirteacha a d’fhéadfadh a bheith ann. Féadfaidh na Treoirilínte seo treoir a thabhairt maidir le measúnú a dhéanamh ar aon srianta ingearacha.
- (108) In éagmais srianta ar iomaíocht de réir cuspóra, ní dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha frithiomaíocha ann i gcás nach bhfuil cumhacht mhargaidh ag soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne sa mhargadh ábhartha le haghaidh seirbhísí idirghabhála ar líne. I ngeilleagar an ardáin, ní fhéadfaidh an t-ioncam arna ghiniúint ag soláthraí seirbhísí idirmheánaithe ar líne (coimisiúin, mar shampla) a bheith ina chéad ionadach do mhéid a chumhachta sa mhargadh agus d’fhéadfadh sé a bheith riachtanach freisin méadrachtaí malartacha a chur san áireamh, amhail líon na n-idirbheart arna n-idirmheánú ag an soláthraí, líon úsáideoirí na seirbhísí idirghabhála ar líne (díoltóirí agus ceannaitheoirí) agus a mhéid a úsáideann na húsáideoirí sin seirbhísí soláthraithe eile. Ní dócha freisin go mbeadh cumhacht mhargaidh ag soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne i gcás nach dtairbhíonn sé de éifeachtaí suntasacha dearfacha díreacha nó indíreacha gréasáin, mar shampla i gcás nár tháinig sé isteach sa mhargadh ábhartha go dtí le déanaí.
- (109) In éagmais srianta le cuspóir nó cumhacht shuntasach sa mhargadh, ní dócha go dtabharfaidh an Coimisiún tosaíocht do ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin i ndáil le comhaontuithe ingearacha a bhaineann le soláthar seirbhísí idirghabhála ar líne i gcás ina bhfuil feidhm hibrídeach ag an soláthraí. Is amhlaidh atá sé go háirithe nuair a cheadaíonn soláthraí, i gcás dédháilte, do cheannaitheoirí a chuid earraí nó seirbhísí a shuíomh gréasáin a úsáid chun na hearraí nó na seirbhísí a dháileadh ach nach féidir an suíomh gréasáin a úsáid chun brandaí iomaíocha earraí nó seirbhísí a thairiscint agus nach bhfuil sé gníomhach ar shlí eile ar an margadh ábhartha chun seirbhísí idirghabhála ar líne a sholáthar i ndáil le hearraí nó seirbhísí den sórt sin.

<sup>(72)</sup> Glactar leis, maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6) de Rialachán (AE) 2022/720, nach gcáilíonn an comhaontú ceartingearach arna dhéanamh ag soláthraí seirbhísí idirmheánaithe ar líne ag a bhfuil feidhm hibrídeach mar chomhaontú gníomhaireachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh, féach míreanna (46) agus (63).

<sup>(73)</sup> Féach mír (90).

<sup>(74)</sup> Féach mír (26).

#### 4.5. Gaol le rialacháin bhlocdhíolúine eile

- (110) Mar a mhínítear i roinn 4.1 agus i roinn 4.2., tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontuithe ingearacha, a dhéantar a mheasúnú go heisiach faoi Rialachán (AE) 2022/720 agus faoi na treoirlínte seo, ach amháin má luaitear a mhalairt go sonrath sna Treoirlínte seo. Féadfaidh na comhaontuithe sin tairbhe a bhaint as an bhforáil tearmainn arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/720.
- (111) Foráiltear le hAirteagal 2(7) de Rialachán (AE) 2022/720 nach mbeidh feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 “maidir le comhaontuithe ingearacha i gcás ina dtagann a n-ábhar faoi raon feidhme aon rialacháin eile maidir le blocdhíolúine, mura bhforáiltear a mhalairt i rialachán den sórt sin”. Tá sé tábhachtach a fhíorú ón tús dá bhrí sin má thagann comhaontú ingearach faoi raon feidhme chur i bhfeidhm aon rialacháin bhlocdhíolúine eile.
- (112) Dá bhrí sin, níl feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontuithe ingearacha a chumhdaítear leis na rialacháin bhlocdhíolúine seo a leanas nó maidir le haon rialachán blocdhíolúine amach anseo a bhaineann leis na cineálacha comhaontuithe a luaitear sna fo-mhíranna seo a leanas, mura bhforáiltear dá mhalairt sa rialachán faoi seach:
- Rialachán (AE) Uimh. 316/2014;
  - Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010 ón gCoimisiún <sup>(75)</sup>;
  - Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010 ón gCoimisiún <sup>(76)</sup>.
- (113) Níl feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir leis na cineálacha comhaontuithe idir iomaitheoirí a luaitear sna Treoirlínte Cothrománacha, mura bhforáiltear a mhalairt sna Treoirlínte Cothrománacha.
- (114) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontuithe ingearacha a bhaineann le ceannach, díol nó athdhíol páirteanna spártha le haghaidh mótarfheithiclí agus le soláthar seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála le haghaidh mótarfheithiclí. Ní bhaineann comhaontuithe den sórt sin tairbhe as an bhforáil tearmainn a bunaíodh le Rialachán (AE) 2022/720 ach amháin más rud é, sa bhreis ar na ceanglais faoi Rialachán (AE) 2022/720, go gcomhlíonann siad na ceanglais i Rialachán (AE) Uimh. 461/2010 <sup>(77)</sup> ón gCoimisiún, agus na treoirlínte a ghabhann leis.

#### 4.6. Príomhchineálacha na gcóras dáileacháin

- (115) Tá saoirse ag soláthraí dáileadh a chuid earraí nó seirbhísí a eagrú de réir mar is cuí leis. Féadfaidh an soláthróir, mar shampla, comhtháthú ceartingearach a roghnú, eadhon a earraí nó a sheirbhísí a dhíol go díreach le húsáideoirí deiridh nó iad a dháileadh trí dháileoírí atá comhtháite go hingearach, ar gnóthais iad a bhfuil nasc eatarthu de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2022/720. Baineann an cineál sin córais dáileacháin le gnóthas aonair agus dá bhrí sin ní thagann sé faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh.
- (116) Is féidir leis an soláthróir cinneadh a dhéanamh freisin dáileoírí neamhspleácha a cheapadh. Chuige sin, féadfaidh an soláthróir cineál córas dáileacháin amháin nó níos mó a úsáid. Tá cineálacha áirithe córas dáileacháin, eadhon dáileadh roghnaíoch agus dáileadh eisiach, faoi réir sainmhínte sonracha in Airteagal 1(1), pointe (g) agus pointe (h) de Rialachán (AE) 2022/720. Soláthraítear treoir maidir le dáileadh eisiach agus dáileadh roghnach i ranna 4.6.1 agus 4.6.2 faoi seach <sup>(78)</sup>. Féadfaidh an soláthróir a earraí nó a sheirbhísí a dháileadh freisin gan dáileadh roghnaitheach ná dáileadh eisiach a úsáid. Déantar na cineálacha eile dáileacháin sin a aicmiú mar chórais dáileacháin saor in aisce chun críche an Rialachán a chur i bhfeidhm <sup>(79)</sup>.

<sup>(75)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí áirithe comhaontuithe taighde agus forbartha (IO L 335, 18.12.2010, lch. 36).

<sup>(76)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí áirithe comhaontuithe speisialtóireachta (IO L 335, 18.12.2010, lch. 43).

<sup>(77)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 461/2010 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2010 maidir le hAirteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe (IO L 129, 28.5.2010, lch. 52).

<sup>(78)</sup> Féach freisin ranna 6.1.2.3.1 agus 6.1.2.3.2.

<sup>(79)</sup> Féach freisin roinn 6.1.2.3.3.

4.6.1. *Córais dáileacháin eisiacha*

## 4.6.1.1. Sainmhíniú ar chórais dáileacháin eisiacha

(117) I gcóras dáileacháin eisiach, faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (h) de Rialachán (AE) 2022/720, leithdháileann an soláthróir críoch nó grúpa custaiméirí go heisiach ar cheannaitheoirí amháin nó ar líon teoranta ceannaitheoirí, agus ag an am céanna cuireann sé srian ar a cheannaitheoirí eile go léir laistigh den Aontas ó bheith ag díol go gníomhach isteach sa chríoch eisiach nó chuig an ngrúpa custaiméirí eisiach <sup>(80)</sup>.

(118) Is minic a bhaineann soláthróirí úsáid as córais dáileacháin den chineál sin chun dáileoirí a dhreasú chun na hinfheistíochtaí airgeadais agus neamhairgeadais a dhéanamh a theastaíonn chun branda an tsoláthraí a fhorbairt i gcríoch nach bhfuil aithne mhaith ar an mbranda inti, nó chun táirge nua a dhíol i gcríoch ar leith nó le grúpa custaiméirí ar leith, nó chun dáileoirí a dhreasú chun a gcuid gníomhaíochtaí díola agus cur chun cinn a dhíriú ar tháirge ar leith. I gcás na ndáileoirí, leis an gcosaint a chuirtear ar fáil trí eisiachas, féadfaidh siad a chur ar a gcumas méid áirithe gnó agus corrlach a thugann údar dá n-iarrachtaí infheistíochta a dhaingniú.

## 4.6.1.2. Cur i bhfeidhm Airteagal 101 den Chonradh maidir le córais dáileacháin eisiacha

(119) I gcóras dáileacháin i gcás ina ndéanfaidh an soláthróir críoch nó grúpa custaiméirí a leithdháileadh go heisiach ar aon cheannaitheoir amháin nó níos mó, is iad na príomhrioscaí féideartha ó thaobh na hiomaíochta de deighilt an mhargaidh, lena bhféadfar idirdhealú praghsanna a éascú, agus iomaíocht laghdaithe aonbhranda, go háirithe i gcomhthéacs an eisiachais aonair. Nuair a oibríonn formhór na soláthróirí, na soláthróirí uile, nó na soláthróirí is láidre atá gníomhach i margadh córas dáileacháin eisiach, féadfaidh sé sin an iomaíocht idirbhranda a bhogadh freisin agus an claonpháirteachas a éascú, ar leibhéal an tsoláthraí agus an dáileacháin araon. Ar deireadh, féadfaidh foriamh dáileoirí eile eascairt as dáileadh eisiach agus iomaíocht aonbhranda a laghdú leis sin ar an leibhéal dáileacháin.

(120) Is féidir le comhaontuithe dáileacháin eisiacha leas a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720, ar choinníoll nach dtéann sciar an tsoláthraí agus an cheannaitheora de mhargadh an cheannaitheora thar 30 %, níl aon srianta crua de réir bhrí Airteagl 4 de Rialachán (AE) 2022/720 sa chomhaontú agus nach mó ná 5 líon na ndáileoirí a cheaptar in aghaidh críoch eisiach nó grúpa custaiméirí. Féadfaidh comhaontú maidir le dáileadh eisiach tairbhiú den chosaint dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2022/720 fós má chomhcheanglaítear é le srianta ingearacha eile nach cruashrianta iad, amhail oibleagáid gan dul in iomaíocht atá teoranta do 5 bliana, fórsáil chainníochta nó ceannach eisiach.

(121) Tá an díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720 teoranta go dtí uasmhéid de 5 dáileoir in aghaidh críoch eisiach nó grúpa custaiméirí chun caomhnú a dhéanamh ar dhreasacht na ndáileoirí infheistíochta a dhéanamh i gcur chun cinn agus díol earraí nó seirbhísí an tsoláthraí, agus ag an am céanna dóthain solúbthachta a thabhairt don soláthróir chun a chóras dáileacháin a eagrú. Os cionn an lín sin, tá an baol ann go bhféadfadh dáileoirí eisiacha saorbhród a fháil ar infheistíochtaí a chéile, rud a chuirfeadh deireadh leis an éifeachtúlacht go bhfuil sé beartaithe córais dáileacháin eisiach a bhaint amach.

(122) Maidir leis an gcóras dáileacháin eisiach chun leas a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720, ní mór do na dáileoirí arna gceapadh a chosaint ó dhíolacháin ghníomhacha isteach sa chríoch eisiach nó chuig an ngrúpa custaiméirí eisiach ag gach ceannaitheoir eile de chuid an tsoláthraí. I gcás ina gceapann soláthróir níos mó ná dáileoir amháin do chríoch eisiach nó do ghrúpa custaiméirí, baineann dáileoirí tairbhe as an gcosaint chéanna ar dhíolacháin ghníomhacha ó cheannaitheoirí eile uile an tsoláthraí, ach ní féidir srian a chur ar dhíolacháin ghníomhacha agus éighníomhacha na ndáileoirí sin laistigh den chríoch eisiach nó den ghrúpa custaiméirí. Más rud é, ar chúiseanna praiticiúla agus nach bhfuil sé d'aidhm acu trádáil chomhthreomhar a chosc, nach mbeidh an chríoch eisiach nó an grúpa custaiméirí cosanta ar dhíolacháin ghníomhacha ag ceannaitheoirí áirithe ar feadh tréimhse sealadaí, mar shampla, i gcás ina mbeidh am de dhíth ar an soláthróir chun srianta ar dhíolacháin ghníomhacha a athchaibidliú i ngeall ar leathnú nó oiriúnú an chórais dáilte eisiataigh, féadfaidh an córas dáileacháin eisiach tairbhe a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720.

<sup>(80)</sup> Féach Airteagal 1(1), pointe (h) de Rialachán (AE) 2022/720.

(123) Ba cheart raon feidhme na críche nó an ghrúpa custaiméirí, a leithdháiltear go heisiach ar na dáileoirí, a shainmhíniú leis na comhaontuithe ingearacha a úsáidfeadh le haghaidh dáileadh eisiach. Féadfaidh an chríoch eisiach freagairt do chríoch Ballstáit nó do limistéar níos lú nó níos mó. Féadfar an grúpa custaiméirí eisiach a shainmhíniú, mar shampla, trí chritéar amháin nó níos mó a úsáid, amhail slí bheatha nó gníomhaíocht na gcustaiméirí nó trí liosta de na custaiméirí sainaitheanta a úsáid. Ag brath ar na critéir sin, féadfaidh an grúpa custaiméirí a bheith teoranta d'aon chustaiméir amháin.

(124) I gcás nár leithdháileadh críoch nó grúpa custaiméirí go heisiach ar dháileoir amháin nó níos mó, féadfaidh an soláthróir an chríoch nó an grúpa custaiméirí a fhorchoimeád dó féin, agus sa chás sin ní mór dó a dháileoirí eile a chur ar an eolas. Ní chuireann sé sin de cheangal ar an soláthróir a bheith gníomhach ar bhonn tráchtála sa chríoch atá forchoimeáda ná i ndáil leis an ngrúpa custaiméirí in áirithe. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gur mhian leis an soláthróir an chríoch nó an grúpa custaiméirí a fhorchoimeád chun críche é a leithdháileadh ar dháileoirí eile amach anseo.

#### 4.6.1.3. Treoir maidir leis an measúnú aonair ar chomhaontuithe dáileacháin eisiacha

(125) Lasmuigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2022/720, tá tábhacht mhór le staid mhargaidh an tsoláthróra agus a chuid iomaitheoirí, toisc nach gcaillfeadh iomaíocht inbhanda ach amháin má tá teorainn leis an iomaíocht idirbhanda ar leibhéal an tsoláthróra nó an dáileora <sup>(81)</sup>. Dá láidre staid an tsoláthróra, go háirithe os cionn na tairisí de 30 %, is ea is airde an dóchúlacht go bhfuil an iomaíocht idirbhanda lag agus is mó an riosca le haghaidh na hiomaíochta a eascróidh as laghdú ar an iomaíocht aonbhanda.

(126) Féadfaidh suntasacht ar dhá leibhéal a bheith i gceist le staid iomaitheoirí an tsoláthróra. De bharr iomaitheoirí láidre a bheith ann, is iondúil go dtugtar le tuiscint go mbeidh iomaíocht idirbhanda leordhóthanach níos mó ná aon laghdú ar an iomaíocht in-bhanda. Mar sin féin, má tá líon na soláthróirí i margadh cuíosach teoranta agus má bhíonn a staid mhargaidh cuíosach comhchosúil i dtéarmaí an sciar den mhargadh atá acu, a n-acmhainneachta agus a líonra dáileacháin, is ann do riosca claonpháirteachais agus/nó go ndéanfar an iomaíocht níos boige. Is féidir le cailleadh na hiomaíochta idirbhanda an riosca sin a mhéadú, go háirithe nuair a oibríonn roinnt soláthróirí córais dáileacháin chomhchosúla.

(127) Maidir le hilcheadanna díoltóra eisiacha, is é sin, nuair a cheapann soláthróirí iolracha an dáileoir nó na dáileoirí eisiacha céanna i gcríoch áirithe, féadfar riosca an chlaonpháirteachais a mhéadú a thuilleadh agus/nó go ndéanfar an iomaíocht níos boige ar leibhéal an tsoláthróra agus an dáileora araon. Má dheonaítear an ceart eisiach do dháileoir amháin nó níos mó chun dhá tháirge iomaíochta thábhachtacha nó níos mó a dháileadh sa chríoch céanna, féadfar an iomaíocht idirbhanda a shrianadh go substaintiúil le haghaidh na mbrandaí sin, go háirithe i gcás tarraifí mórdhíola líneacha. Dá airde an sciar carnach den mhargadh atá ag na brandaí a dháileann na dáileoirí eisiacha ilbhanda, is ea is airde riosca an chlaonpháirteachais agus/nó go ndéanfar an iomaíocht níos boige agus is mó a laghdófar an iomaíocht idirbhanda. Má bhíonn miondíoltóir amháin nó níos mó ina dháileoir eisiach nó ina ndáileoirí eisiacha le haghaidh roinnt brandaí, is ann do riosca nach ndéanfaidh aon mhiondíoltóir eisiach an laghdú, ar an bpraghas mórdhíola arna dhéanamh ag aon soláthróir amháin le haghaidh a bhanda, a thabhairt ar aghaidh don tomhaltóir deiridh, toisc go laghdófaí leis sin díolacháin agus brabúis na miondíoltóirí a dhéanfaí leis na brandaí eile. Dá réir sin, i gcomparáid leis an gcás nach bhfuil ilcheadanna díoltóra eisiacha i gceist, beidh údar spreagtha laghdaithe ag soláthróirí chun dul i mbun iomaíocht praghsanna le chéile. I gcás ina bhfuil sciar den mhargadh de chuid na soláthróirí agus na gceannaitheoirí aonair faoi bhun na tairisí 30 %, d'fhéadfadh na héifeachtaí carnacha sin a bheith ina gcúis le sochar Rialachán (AE) 2022/720 a aistarraingt.

(128) Is lú tábhachta a bhaineann le bacainní iontrála, a fhéadfaidh bac a chur ar sholáthróirí a líonra dáileacháin chomhtháite féin a chruthú nó dáileoirí malartacha a aimsiú, agus measúnú á dhéanamh ar éifeachtaí frithiomaíochta féideartha an dáilte eisiaigh, go háirithe i gcomhthéacs an eisiachais chomhroinnte. Ní thagann foriamh soláthróirí eile chun cinn a fhad nach gcomhcheanglaítear dáileadh eisiach le ceangal aonbhanda, rud lena gcuirtear d'oibleagáid ar an dáileoir nó lena spreagtar é chun a chuid orduithe le haghaidh cineál áirithe táirge a chomhchruinniú le haon soláthróir amháin. Is féidir leis an teaglam de dháileadh eisiach agus brandáil amháin é a dhéanamh níos deacra do sholáthraithe eile teacht ar dháileoirí malartacha, go háirithe nuair a chuirtear brandáil amháin i bhfeidhm ar líonra dlúth de dháileoirí eisiacha a bhfuil críocha beaga acu nó i gcás éifeacht charnaigh. I gcás den sórt sin, ba cheart na prionsabail maidir le ceangal aonbhanda a leagtar amach i roinn 8.2.1. de na Treoirí seo a chur i bhfeidhm.

<sup>(81)</sup> Féach Cás C-306/20 – *Visma Enterprise*, mír 78.

- (129) Méadaíonn an meascán de dháileadh eisiach le foinsí eisiach, a cheanglaíonn ar na dáileoirí eisiacha a gcuid soláthairtí de bhranda an tsoláthóra a cheannach go díreach ón soláthraí, na rioscaí go dtiocfaidh laghdú ar iomaíocht laistigh de bhrandaí agus go ndéanfaí an margadh a dheighilt. Cuireann dáileadh eisiach teorainneacha cheana féin arbatráiste ag custaiméirí, toisc go gcuireann sé teorainn le líon na ndáileoirí in aghaidh críoch eisiach agus go dtugann sé le tuiscint nach bhféadfaidh aon dáileoirí eile díol gníomhach sa chríoch sin. Díorthaíonn an foinsí eisiach an t-arbatráiste féideartha ina theannta sin ag na dáileoirí eisiacha, a gcuirtear cosc orthu ceannach ó dháileoirí eile sa chóras dáileacháin eisiach. Méadaíonn sé sin an fhéidearthacht atá ag an soláthóir teorainn a chur leis an iomaíocht laistigh de bhranda agus coinníollacha díolacháin neamhionanna á gcur i bhfeidhm aige chun aimhleasa na dtomhaltóirí, ach amháin má cheadaítear éifeachtúlachtaí a chruthú do thomhaltóirí de bharr dáileadh eisiach agus foinsí eisiach.
- (130) Ní saincheist é foriamh dáileoirí eile i gcás ina gceapfaidh an soláthóir, a oibríonn an córas dáileacháin eisiach, líon mór dáileoirí eisiacha ar an margadh céanna agus i gcás nach mbeidh srian ar na dáileoirí eisiacha sin díol le dáileoirí neamhcheaptha eile. Féadfaidh foriamh dáileoirí eile a bheith ina fhadhb áfach i gcás inarb ann do chumhacht mhargaidh iartheachtach, go háirithe i gcás críocha an-mhór mar a dtagann dáileoir eisiach chun bheith ina cheannaitheoir eisiach le haghaidh margadh iomlán. Rud a bheadh ina shampla ab ea sraith ollmhargaí, a thagann chun bheith ina dáileoir arb é an t-aon dáileoir amháin é le haghaidh príomhbhranda ar mhargadh náisiúnta miondíola bia. Féadfar géarú ar fhoriamh dáileoirí eile i gcás ilcheadanna díoltóra eisiacha.
- (131) Féadfar riosca an chlaonpháirteachais ar thaobh an cheannaitheora a mhéadú le cumhacht an cheannaitheora freisin nuair a fhorchuireann ceannaitheoirí tábhachtacha, a d'fhéadfadh a bheith lonnaithe sa chríoch cheanna nó i gcríocha difriúla, na socrúithe maidir le dáileadh eisiach ar sholáthóir amháin nó ar roinnt soláthóirí.
- (132) Tá sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar dhinimicí an mhargaidh toisc go bhféadfar a fhágáil gur lú dóchúlachta go mbeidh éifeachtaí diúltacha ann ná a bheadh amhlaidh i margaí aibí, i gcás ina mbeidh méadú ag teacht ar an éileamh, athrú ag teacht ar theicneolaíochtaí agus athrú ar staideanna margaidh.
- (133) Is féidir le cineál an táirge a bheith ábhartha don mheasúnú ar éifeachtaí frithiomaíocha féideartha ag dáileadh eisiach. Ní bheidh na héifeachtaí sin chomh géar céanna in earnálacha ina bhfuil díolacháin ar líne níos forleithne, mar d'fhéadfadh díolacháin ar líne ceannacháin ó dháileoirí lasmuigh den chríoch eisiach nó den ghrúpa custaiméirí a éascú.
- (134) Tá leibhéal na trádála tábhachtach toisc go bhféadfaidh éifeachtaí diúltacha féideartha a bheith difriúil idir an leibhéal mórdhíola agus an leibhéal miondíola. Is i ndáileadh earraí nó seirbhísí deiridh go príomha a chuirtear dáileadh eisiach i bhfeidhm. Tá seans ar leith ann go gcaillfí iomaíocht laistigh de bhranda ar an leibhéal miondíola má dhéantar é i dteannta críocha móra, ós rud é go bhféadfadh sé gur beag seans a bheadh ag tomhaltóirí rogha a dhéanamh idir seirbhís ard/ardseirbhís agus dáileoir seirbhíse íseal-phraghais/ar phraghas íseal le haghaidh branda tábhachtach.
- (135) Maidir le monaróir a roghnaíonn mórdhíoltóir mar a dháileoir eisiach, déanfaidh sé amhlaidh le haghaidh críoch níos mó de ghnáth, amhail Ballstát iomlán. A fhad gur féidir leis an mórdhíoltóir na táirgí a dhíol gan a bheith teoranta do mhiondíoltóirí iartheachtacha, ní dócha gurb ann d'éifeachtaí frithiomaíocha suntasacha. Maidir le cailleadh féideartha an iomaíochais aonbhranda ar an leibhéal mórdhíola, féadfaidh éifeachtúlachtaí a fhaightear, ó thaobh na lóistíochta agus cur chun cinn de, an cailleadh sin a shárú go héasca, go háirithe nuair atá an monaróir lonnaithe i mBallstát difriúil. Mar sin féin, cruthaíonn déileálaí eisiach iolrach rioscaí níos mó don iomaíocht idir-bhrandaí ar an leibhéal mórdhíola ná ar an leibhéal miondíola. Nuair a thagann aon mhórdhíoltóir amháin chun bheith ina dháileoir arb é an dáileoir eisiach é le haghaidh líon suntasach soláthóirí, ní hamháin gurb ann do riosca go laghdófar an iomaíocht idir na brandaí sin, ach is ann do riosca níos airde freisin maidir le foriamh ar leibhéal mórdhíola na trádála.
- (136) Mar sin féin, féadfar, le córas dáileacháin eisiach a chuireann srian le hiomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh, éifeachtúlachtaí a chruthú a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le eisiachas chun dáileoirí a dhreasú chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt bhranda an tsoláthóra nó i soláthar seirbhísí spreagtha éilimh. Lasmuigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2022/720, dá airde líon na ndáileoirí eisiacha a ceapadh do chríoch ar leith, is ea is lú an dóchúlacht go mbeidh dreasacht acu infheistíocht a dhéanamh i gcur chun cinn tháirgí an tsoláthóra agus i bhforbairt a bhranda, toisc go bhféadfadh dáileoirí eisiacha eile saortas a fháil óna n-iarrachtaí infheistíochta.

- (137) Tá cineál an táirge ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlachtaí. I gcoitinne, is láidre an cás ar son éifeachtúlachtaí le haghaidh táirgí nua, táirgí casta agus táirgí ar deacair a dtréithe a mheas sula n-ídítear iad (táirgí eispéiris mar a thugtar orthu) nó fiú tar éis a n-ídithe (táirgí creidiúnaithe mar a thugtar orthu). Ina theannta sin, féadfaidh coigiltis maidir le costais lóistíochta eascairt as dáileadh eisiach i ngeall ar bhairinneachtaí scála ó thaobh iompair agus dáileacháin de. D'fhéadfadh teaghlaim de dháileadh eisiach agus brandáil aonair na dreasachtaí a mhéadú don dáileoir eisiach a chuid iarrachtaí a dhíriú ar bhranda ar leith.
- (138) Tá na tosca a luaitear i míreanna (125) go (137) a ghabhann leis na Treoirí seo fós ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar chóras dáileacháin eisiach faoina leithdháileann soláthróir grúpa custaiméirí amháin ar cheannaitheoir amháin nó níos mó. Chun measúnú a dhéanamh ar an gcineál sin córais dáileacháin eisiach, ba cheart na tosca breise a liostaítear i míreanna (139) agus (140) a chur san áireamh freisin.
- (139) Mar an gcéanna le leithdháileadh eisiach críche, bíonn sé níos deacra do cheannaitheoirí arbatráiste a dhéanamh de ghnáth trí leithdháileadh eisiach grúpa custaiméirí. Ina theannta sin, toisc go bhfuil a ghrúpa custaiméirí féin ag gach dáileoir ceaptha, d'fhéadfadh sé deacair a fháil ar dháileoirí neamhcheaptha nach dtagann laistigh d'aon ghrúpa den sórt sin é a fháil ar tháirgí an tsoláthróra. Dá bhrí sin, laghdófar an scóip d'arbatráiste ó cheannaitheoirí den sórt sin.
- (140) De bhreis ar na cineálacha éifeachtúlachta a luaitear i mír (136), féadfaidh leithdháileadh eisiach custaiméirí éifeachtúlachtaí a ghiniúint más gá do na dáileoirí infheistiú i dtrealamh, i scileanna nó i bhfios gnó sonrach chun freastal ar riachtanais catagóire áirithe custaiméirí, nó i gcás ina mbeidh barainneachtaí scála nó scóipe i lóistíocht mar thoradh ar infheistiú den sórt sin <sup>(82)</sup>. Is ionann tréimhse dímheasa na n-infheistiúcháin seo agus léiriú ar an ré a bhféadfadh bonn cirt a bheith le leithdháileadh eisiach custaiméirí lena linn. I gcoitinne, is láidre é an bunús a thugtar le leithdháileadh eisiach custaiméirí le haghaidh táirgí nua nó táirgí casta agus le haghaidh táirgí nach mór iad a oiriúnú de réir riachtanais an chustaiméara aonair. Is dóchúlá gurb ann do riachtanais dhifreáilte in-sainitheanta le haghaidh táirgí idirmheánacha a dhíoltar le cineálacha difriúla ceannaitheoirí gairmiúla. Os a choinne sin, ní dócha go mbeidh éifeachtúlachtaí mar thoradh ar leithdháileadh tomhaltóirí.
- (141) Is é an méid seo a leanas sampla de déileálaí eisiach il i margadh oligopolistic:

Ar mhargadh náisiúnta le haghaidh táirge deiridh, is ann do cheathrar ceannairí margaidh, ag a bhfuil sciar thart faoi 20 % den mhargadh faoi seach. Díolann an ceathrar ceannairí margaidh sin a dtáirge trí dháileoirí eisiacha ar an leibhéal miondíola. Tugtar críoch eisiach do mhiondíoltóirí a fhreagraíonn don bhaile, nó do cheantar an bhaile, ina bhfuil siad suite. I bhformhór na gcríoch, is amhlaidh go gceapann an ceathrar ceannairí margaidh an miondíoltóir eisiach céanna ("ilchead díoltóra"), a bhíonn lonnaithe go lárnach go minic agus speisialtacht ar leith acu sa táirge. Tá an 20 % atá fágtha den mhargadh náisiúnta comhdhéanta de tháirgeoirí beaga áitiúla, a bhfuil sciar 5 % den mhargadh ar an margadh náisiúnta ag an táirgeoir is mó de na táirgeoirí sin. Díolann na táirgeoirí áitiúla sin a gcuid táirgí trí mhiondíoltóirí eile i gcoitinne, go háirithe toisc gur beag spéis a léiríonn dáileoirí eisiacha an ceathrar soláthróirí is mó i gcoitinne a bheith ag díol brandaí nach bhfuil chomh hinaitheanta agus atá níos saoire. Tá difreáil láidir idir brandaí agus táirgí ar an margadh. Bíonn feachtais mhóra náisiúnta fógraíochta agus íomhánna láidre branda ag an ceathrar ceannairí margaidh, ach ní dhéanann na táirgeoirí atá ar an imeall fógraíocht i leith a dtáirgí ar an leibhéal náisiúnta. Tá an margadh cuíosach aibí, agus éileamh cobhsaí i gceist gan aon nuálaíocht mhór ó thaobh táirgí ná na teicneolaíochta de. Bíonn an táirge réasúnta simplí.

I margadh olagaplach den sórt sin, tá riosca claonpháirteachais idir an ceathrar ceannairí margaidh ann. Méadaítear an riosca sin trí ilcheadanna díoltóra eisiacha. Déantar iomaíocht aonbhranda a theorannú leis an eisiachas críche. Laghdaítear an iomaíocht idir na ceithre phríomhbhranda ar an leibhéal miondíola, toisc go socraíonn aon mhiondíoltóir amháin praghas na gceithre bhranda i ngach críoch. Tugtar le fios leis an ilchead díoltóra gurb amhlaidh, más rud é go ngearrann aon táirgeoir amháin an praghas le haghaidh a bhranda, nach mbeidh fonn ar an miondíoltóir an gearradh sin ar an bpraghas a tharchur

<sup>(82)</sup> Sampla de sin is ea nuair a cheapann an soláthróir dáileoir tiomnaithe chun freagairt ar ghlaonna ar thairiscintí ó údarais phoiblí a bhaineann le trealamh TF nó soláthairtí oifige.

chuíg an tomhaltóir deiridh toisc go laghdófaí a chuid díolachán agus brabús a dhéanfaí leis na brandaí eile. Dá bhrí sin, is lú an spéis a bhíonn ag táirgeoirí chun dul i mbun iomaíocht praghsanna le chéile. Is ann d'iomaíocht idirbhanda i gcás earraí na dtáirgeoirí ar an imeall go príomha, ag a bhfuil íomhá íseal ag a mbranda. Tá na hargóintí a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh na héifeachtúlachta de ar son dáileoirí eisiacha (comhpháirteacha) teoranta, toisc gur táirge réasúnta simplí atá i gceist, nach gceanglaítear aon infheistíocht ná oiliúint shonrach lena athdhíol agus toisc go ndéantar fógraíocht ar leibhéal na dtáirgeoirí go príomha.

Cé go bhfuil sciar den mhargadh ag gach ceann de na ceannairí margaidh atá faoi bhun na tairsí, féadfaidh sé nach gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh agus féadfaidh sé gur gá an bhlochdhiólúine a tharraingt siar le haghaidh na gcomhaontuithe a thabharfar i gcrích le dáileoirí a bhfuil an sciar den mhargadh atá acu faoi bhun 30 % den mhargadh soláthair.

(142) Seo a leanas sampla de leithdháileadh eisiach custaiméirí:

Tá suiteáil shofaisticiúil forbartha ag cuideachta le haghaidh aisréadóirí. Is é 40 % an sciar den mhargadh atá ag an gcuideachta faoi láthair ar an margadh le haghaidh suiteálacha aisréadóirí. Nuair a thosaigh an chuideachta ar an aisréadóir sofaisticiúil a dhíol, ba é 20 % an sciar den mhargadh a bhí aici i dtaca le táirge níos sine. Braitheann suiteáil an chineáil nua aisréadóra ar an gcineál foirgnimh mar a ndéantar é a shuiteáil agus ar úsáid an fhoirgnimh (e.g. oifig, gléasra ceimiceán nó ospidéal). Tá roinnt dáileoirí ceaptha ag an gcuideachta chun an t-aisréadóir sofaisticiúil a dhíol agus a shuiteáil. Bhí ar gach dáileoir oiliúint a chur ar a fhostaithe maidir leis na ceanglais ghinearálta agus shonracha a bhaineann leis an aisréadóir sofaisticiúil a shuiteáil le haghaidh aicme áirithe custaiméirí. Chun a chinntiú go mbeadh na dáileoirí speisialtóireacht, an chuideachta a shanntar aicme eisiach de chustaiméirí do gach dáileoir agus cosc díolacháin ghníomhacha do na daoine eile 'aicmí custaiméirí eisiach. Tar éis 5 bliana, ceadófar do na dáileoirí eisiacha uile díol go gníomhach le gach aicme custaiméirí, rud lena gcuirfear deireadh leis an gcóras maidir le leithdháileadh eisiach custaiméirí. Féadfaidh an soláthróir tosú ar dhíolacháin le dáileoirí nua ansin freisin. Tá an margadh cuíosach dinimiciúil, agus beirt iomaitheoirí tagtha isteach le déanaí agus roinnt forbairtí teicneolaíochta tarlaithe. Tá sciartha den mhargadh idir 5 % agus 25 % ag na hiomaitheoirí agus tá siad ag uasghrádú a dtáirgí freisin.

Toisc gur teoranta fad an eisiachais agus go gcuideann sé lena áirithiú go bhféadfaidh na dáileoirí a n-infheistíochtaí a fhorchúiteamh agus a n-iarrachtaí díolacháin tosaigh a chomhchruinniú ar aicme áirithe custaiméirí chun an cheird a fhoghlaim, agus toisc gur cosúil go bhfuil na héifeachtaí frithiomaíochta teoranta i margadh dinimiciúil, is dócha go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh.

4.6.2. *Córais dáileacháin roghnaitheacha*

4.6.2.1. *Sainmhíniú ar chórais dáileacháin roghnaitheacha*

(143) I gcóras dáileacháin roghnaíoch, mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (g) de Rialachán (AE) 2022/720, geallann an soláthróir nach ndíolfaidh sé earraí nó seirbhísí, go díreach nó go hindíreach, ach amháin le dáileoirí arna roghnú ar bhonn critéar sonraithe. Geallann na dáileoirí sin nach ndíolfaidh siad earraí ná seirbhísí den sórt sin le dáileoirí neamhúdaraith le laistigh den chríoch atá forchoimeáda ag an soláthróir chun an córas sin a oibriú.

(144) Féadfaidh na critéir a úsáideann an soláthróir chun dáileoirí a roghnú a bheith ina gcritéir de chineál cáilíochtúil agus/nó cainníochtúil. Cuireann critéir chainníochtúla teorainn le líon na ndáileoirí go díreach, mar shampla, trí líon socraithe dáileoirí a fhorchur. Cuireann critéir cháilíochtúla teorainn le líon na ndáileoirí go hindíreach, trí choinníollacha a fhorchur nach féidir le gach dáileoir a chomhlíonadh, mar shampla, a bhaineann le raon na dtáirgí atá le díol, pearsanra díolacháin a oiliúint, an tseirbhís atá le soláthar ag an díolphointe nó fógraíocht agus cur i láthair na dtáirgí. Féadfaidh baint a bheith ag na critéir cháilíochtúla sin freisin le cuspóirí inbhuanaitheachta a bhaint amach, amhail an t-athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil nó teorainn a chur le húsáid acmhainní nádúrtha. Mar shampla, d'fhéadfadh soláthróirí a cheangal ar dháileoirí seirbhísí athluchtaithe nó saoráidí athchúrsála a sholáthar ina n-asrais nó a áirithiú go ndéanfar earraí a sheachadadh ar bhealaí inbhuanaithe, amhail rothar lasta seachas mótarfeithicil.

(145) Is féidir córais dáileacháin roghnaitheacha a chur i gcomparáid le córais dáileacháin eisiacha sa mhéid go ndéantar an líon dáileoirí údaraithe a shrianadh leo mar aon leis na féidearthachtaí athdhíola. Is é an phríomhdhifriocht idir an dá chineál córais dáileacháin ná cineál na cosanta a thugtar don dáileoir. I gcóras dáileacháin eisiach, tá an dáileoir cosanta ar dhíol gníomhach ó lasmuigh dá chríoch eisiach, ach i gcóras dáilte roghnaitheach, tá an dáileoir cosanta ar dhíolacháin ghníomhacha agus éighníomhacha ag dáileoirí neamhúdaraithe.

#### 4.6.2.2. Airteagal 101 den Chonradh a chur i bhfeidhm maidir le córais dáileacháin roghnaitheacha

(146) Is iad na rioscaí féideartha ó thaobh na hiomaíochta de, a bhaineann le córais dáileacháin roghnaitheacha, laghdú ar an iomaíocht aonbhanda agus, go háirithe i gcás éifeacht charnach, foriamh cineáil nó cineálacha dáileoirí áirithe, mar aon leis an iomaíocht a bhogadh agus éascú féideartha an chlaonpháirteachais idir ceannaitheoirí i ngeall ar líon na gceannaitheoirí sin a bheith á theorannú.

(147) Chun measúnú a dhéanamh ar a chomhoiriúnaí atá córas dáileacháin roghnaíoch le hAirteagal 101 den Chonradh, is gá a chinneadh ar dtús an dtagann an córas faoi Airteagal 101(1). Chuige sin, is gá idirdhealú a dhéanamh idir dáileadh roghnaitheach ar dáileadh roghnaitheach cáilíochtúil amháin atá ann agus dáileadh roghnaitheach ar dáileadh roghnaitheach cainníochtúil amháin atá ann.

(148) Féadfaidh dáileadh cáilíochtúil roghnaíoch a bheith lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh ar choinníoll go gcomhlíonfar na trí choinníoll atá leagtha síos ag an gCúirt le linn bhreithiúnas an *Metro* <sup>(83)</sup> (dá ngairtear “critéir *Metro*” anseo feasta). Is amhlaidh atá toisc gur féidir talamh slán a dhéanamh de go gcuirtear srian ar iomaíocht laistigh de bhanda a bhaineann le dáileadh roghnaitheach trí fheabhas a chur ar an iomaíocht idirbhandaí <sup>(84)</sup>.

(149) Is féidir achoimre a dhéanamh ar na trí chritéar *Metro* mar seo a leanas: Ar dtús, ní mór gur gá córas dáileacháin roghnaitheach i ngeall ar chineál na n-earraí nó na seirbhísí atá i gceist. Ciallaíonn sé sin, ag féachaint do chineál an táirge lena mbaineann, nach mór do chóras den sórt sin a bheith ina cheanglas dlisteanach chun a cháilíocht a chaomhnú agus a úsáid cheart a áirithiú. Mar shampla, d’fhéadfadh úsáid dáilte roghnaíoch a bheith dlisteanach i gcás táirgí d’ardcháilíocht nó táirgí ardteicneolaíochta <sup>(85)</sup> nó i gcomhair só-earraí <sup>(86)</sup>. Féadfaidh nach amhlaidh go n-eascróidh cáilíocht earraí den sórt sin as tréithe ábhartha na n-earraí féin amháin, ach as an só a bhraitear a bheith ag baint leo freisin. Dá bhrí sin, féadfaidh sé gur gá córas dáileacháin roghnaitheach a bhunú lena bhféachfar lena áirithiú go dtaispeánfar na hearraí ar bhealach lena rannchuideofar le braistint sin an tsó a choinneáil ar bun, chun cáilíocht na n-earraí sin a chaomhnú <sup>(87)</sup>. Ar an dara dul síos, ní mór athdhíoltóirí a roghnú ar bhonn critéar oibiachtúil de chineál cáilíochtúil, a leagtar síos go haonfhoirmeach le haghaidh gach athdhíoltóir féideartha agus nach gcuirtear i bhfeidhm ar bhealach idirdhealaitheach. Ar an tríú dul síos, ní mór nach rachaidh na critéir a leagfar síos thar an méid is gá <sup>(88)</sup>.

<sup>(83)</sup> Féach breithiúnais an 25 Deireadh Fómhair 1977, *Metro v An Coimisiún*, Cás 26/76, AE:C:1977:167, míreanna 20 agus 21 (dá ngairtear “Cás C-26/76 – *Metro v An Coimisiún*” anseo feasta); 11 Nollaig 1980, *L’Oréal v De Nieuwe AMCK*, C-31/80, AE:C:1980:289, míreanna 15 agus 16 (dá ngairtear “Cás C-31/80 - *L’Oréal v De Nieuwe AMCK*” anseo feasta); 13 Deireadh Fómhair 2011, *Pierre Fabre Dermo-Cosmétique SAS v Président de l’Autorité de la concurrence*, Cás C-439/09, EU:C:2011:649, mír 41 (“Cás C-439/09 - *Pierre Fabre Dermo-Cosmétique*”); 6 Nollaig 2017, *Coty Germany GmbH v Parfümerie Akzente GmbH*, Cás C-230/16, EU:C:2017:941, mír 24 (“Cás C-230/16 - *Coty Germany*” anseo feasta).

<sup>(84)</sup> Féach i gCás C-26/76 – *Metro v An Coimisiún*, míreanna 20 go 22; breithiúnais an 25 Deireadh Fómhair 1983, *AEG v An Coimisiún*, C-107/82, EU:C:1983:293, míreanna 33, 34 agus 73 (dá ngairtear “Cás C-107/82 – *AEG v an Coimisiún*” anseo feasta); Breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 1986, *An Fhrainc v An Coimisiún*, C-75/84, EU:C:1986:399, mír 45; An 12 Nollaig 1996, *Leclerc v An Coimisiún*, Cás T-88/92, EU:T:1996:192, mír 106.

<sup>(85)</sup> Féach Cás C-26/76 – *Metro v An Coimisiún*; agus Cás C-107/82 – *AEG v an Coimisiún*.

<sup>(86)</sup> Féach Cás C-230/16 – *Coty Germany*.

<sup>(87)</sup> Féach Cás C-230/16 – *Coty Germany*, míreanna 25 go 29.

<sup>(88)</sup> Féach Cás C-26/76 – *Metro v An Coimisiún*, míreanna 20 agus 21; Cás C-31/80 – *L’Oréal v De Nieuwe AMCK*, míreanna 15 agus 16; Cás C-107/82 – *AEG v An Coimisiún*, mír 35; 27 Feabhra 1992, *Vichy v an Coimisiún*, Cás T-19/91, EU:T:1992:28, mír 65.

(150) Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar critéir an *Metro*, ní hé amháin gur gá measúnú foriomlán a dhéanamh ar an gcomhaontú roghnaitheach dáileacháin atá i gceist, ach caithfear anailís ar leith a dhéanamh ar gach clásal den chomhaontú a d'fhéadfadh a bheith sriantach <sup>(89)</sup>. Tugtar le fios leis sin, go háirithe, go mbeifear ag cinneadh cibé acu a bhfuil an clásal sriantach comhréireach i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú leis an gcóras dáileacháin roghnaitheach nó nach bhfuil agus cibé acu a théann sé thar an méid is gá chun an cuspóir sin a bhaint amach nó nach dtéann <sup>(90)</sup>. Ní chomhlíonann srianta cruachroí an tástáil chomhréireachta seo. Os a choinne sin, mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith comhréireach do sholáthróir só-earraí cosc a chur ar a dháileoirí údaraithe margáí ar líne a úsáid, ar chuntar nach gcoisceann sé sin, go hindíreach, ar an dáileoir údaraithe úsáid éifeachtach a bhaint as an idirlíon chun na hearraí a dhíol le críocha sonracha nó le grúpaí custaiméirí <sup>(91)</sup>. Go háirithe, dá mbeadh toirmeasc den sórt sin ar mhargáí ar líne a úsáid, ní chuirfí srian ar dhíolacháin i gcíoch nó i ngrúpa custaiméirí ar leith, ós rud é go mbeadh sé de shaoirse ag an dáileoir údaraithe a stór ar líne féin a oibriú agus fógraíocht a dhéanamh ar líne chun feacht a mhúscailt faoina ghníomhaíochtaí ar líne agus chun custaiméirí ionchasacha a mhealladh <sup>(92)</sup>. Sa chás sin, tagann an clásal sriantach lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh agus ní gá tuilleadh anailíse a dhéanamh.

(151) Beag beann ar chritéir an *Metro* a bheith á gcomhlíonadh acu, is féidir le comhaontuithe dáileacháin roghnaíocha cáilíochtúla agus/nó cainníochtúla tairbhe a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720, ar choinníoll nach dtéann scaireanna margaidh an tsoláthróra agus an cheannaitheora araon thar 30 % agus nach bhfuil aon srianta diana sa chomhaontú <sup>(93)</sup>. Ní chailítear tairbhe na díolúine má dhéantar dáileadh roghnaíoch a chomhcheangal le srianta ingearacha neamhchrúa eile, amhail oibleagáidí neamh-chomhlíontacha mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (f) de Rialachán (AE) 2022/720. Tá feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán beag beann ar chineál an tairge lena mbaineann agus ar chineál na gcritéir roghnúcháin. Ina theannta sin, níl sé d'oibleagáid ar an soláthróir a chritéir roghnúcháin a fhoilsiú <sup>(94)</sup>.

(152) I gcás ar leith, i gcás ar leith, le comhaontú dáilte roghnaíoch a bhaineann tairbhe as blocdhíolúine, cuirtear srian suntasach ar an iomaíocht ar leibhéal an tsoláthróra nó an dáileora agus nach ngintear leis éifeachtúlachtaí a sháraíonn éifeachtaí an tsrianta, mar shampla toisc nach bhfuil na critéir roghnúcháin nasctha le saintréithe an tairge nó nach bhfuil gá leo chun dáileadh an tairge a fheabhsú, féadfar tairbhe na blocdhíolúine a tharraingt siar.

#### 4.6.2.3. Treoir maidir le measúnú aonair ar chomhaontuithe dáileacháin roghnaíoch

(153) Lasmuigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2022/720, baineann tábhacht lárnach le staid mhargaidh an tsoláthróra agus a iomaitheoirí maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí frithiomaíocha féideartha, toisc nach mbeidh fadhb le cailleadh na hiomaíochta aonbhranda ach amháin más teoranta an iomaíocht idirbhranda <sup>(95)</sup>. Dá láidre staid an tsoláthróra, go háirithe os cionn na tairsí 30 %, is ea is airde an riosca le haghaidh na hiomaíochta a eascróidh as an laghdú méadaithe ar an iomaíocht aonbhranda. Toisc thábhachtach eile is ea an líon líonraí dáileacháin roghnaitheacha atá sa mhargadh céanna. I gcás nach gcuireann ach soláthróir amháin sa mhargadh dáileadh roghnaitheach i bhfeidhm, ní gnách go gcruthaíonn dáileadh roghnaíoch glanéifeachtaí diúltacha. Sa chleachtas, áfach, is minic a chuireann roinnt soláthróirí an dáileadh roghnaitheach i bhfeidhm i margadh ar leith.

(154) I gcás éifeachta carnaí, is gá a chur san áireamh suíomh margaidh na soláthróirí a chuireann dáileadh roghnaitheach i bhfeidhm: I gcás ina n-úsáideann formhór na bpríomhsholáthraithe i margadh dáileadh roghnaíoch, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh foriamh cineálacha áirithe dáileoirí, mar shampla lascainíoirí praghsanna, mar thoradh air sin. Is mó an riosca go ndéanfar athshealbhú ar dháileoirí níos éifeachtúla i gcás dáileadh roghnaitheach ná i gcás dáileadh eisiach ós rud é go bhfuil díolacháin le dáileoirí neamhúdaraithe srianta faoi chóras dáileacháin roghnaitheach. Ceaptar an srian sin chun tréithe dúnta a thabhairt do chórais dáileacháin roghnaitheacha, rud lena bhféadfar nach mbeidh rochtain ar an tairge ach ag na dáileoirí údaraithe amháin agus go mbeidh sé dodhéanta do dhéileálaithe neamhúdaraithe soláthairtí a fháil. Dá réir sin, tá an

<sup>(89)</sup> Féach mír (149).

<sup>(90)</sup> Féach Cás C-230/16 – *Coty Germany*, míreanna 43 go 58.

<sup>(91)</sup> Féach Cás C-230/16 – *Coty Germany*, go háirithe mír 67; féach freisin mír (208) de na Treoirlínte seo.

<sup>(92)</sup> Féach freisin mír (208).

<sup>(93)</sup> Féach Cás C-439/09 – *Pierre Fabre Dermo-Cosmétique*, mír 54. Féach freisin roinn 6.1.2.3.2.

<sup>(94)</sup> Féach freisin trí bhreithiúnas analaí an 14 Meitheamh 2012, *Auto 24 SARL v Jaguar Land Rover France SAS*, Cás C-158/11, EU:C:2012:351, mír 31.

<sup>(95)</sup> Féach Cás C-306/20 – *Visma Enterprise*, mír 78.

dáileadh roghnaitheach iontach oiriúnach chun brú ó lascaimeoirí praghsanna a sheachaint (cibé acu dáileoirí as líne nó dáileoirí ar líne amháin iad) ar chorrleigh an mhonaróra, agus ar chorrleigh na ndáileoirí údaraithe freisin. Maidir le foriamh formáidí dáileacháin den sórt sin, cibé acu is ann dóibh de thoradh úsáid charnach an dáileacháin roghnaitheach nó de thoradh a úsáide ag aon soláthróir amháin ag a bhfuil sciar den mhargadh is mó ná 30 %, laghdaítear na féidearthachtaí do thomhaltóirí leas a bhaint as na tairbhí sonracha a thagann leis na formáidí dáileacháin sin amháin praghsanna níos ísle, breis trédhearcachta agus rochtain níos leithne ar an táirge.

- (155) I gcás ina mbainfidh líonraí dáileacháin roghnaíoch aonair tairbhe as an díolúine dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2022/720, féadfar aistarraingt bhlocdhíolúine nó díochur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/720 a mheas i gcás ina mbeidh éifeachtaí carnacha ann. Mar sin féin, ní dócha go n-ardóidh éifeachtaí carnacha inní tromchúiseach i gcás nach mó ná 50 % an sciar iomlán den mhargadh a chumhdaítear le dáileadh roghnaitheach. Chomh maith leis sin, ní dócha go dtiocfaidh údair inní ó thaobh na hiomaíochta de chun cinn i gcás inar mó ná 50 % an cumhdach margaidh, ach nach mó ná 50 % an sciar comhiomlán den mhargadh atá ag na cúig sholáthróir is mó. I gcás inar mó ná 50 % an sciar atá ag na cúig sholáthróir is mó mar aon leis an sciar den mhargadh a chumhdaítear le dáileadh roghnaitheach, féadfaidh an measúnú a bheith éagsúil ag brath ar cibé acu a chuireann iomlán na gcúig sholáthróir is mó dáileadh roghnaitheach i bhfeidhm nó nach gcuireann. Dá láidre staid na n-iomaitheoirí nach gcuireann dáileadh roghnaitheach i bhfeidhm, is lú dóchúlachta go ndéanfar dáileoirí eile a fhoriáin. Féadfaidh údair inní ó thaobh na hiomaíochta de teacht chun cinn má chuireann iomlán na gcúig sholáthróir is mó dáileadh roghnaitheach i bhfeidhm. Ba amhlaidh an cás go háirithe dá mba rud é go mbeadh critéir roghnúcháin chainníochtúla sna comhaontuithe a thugann na soláthróirí is mó i gcrích lena ndéantar an líon díoltóirí údaraithe a theorannú go díreach nó nuair a fhoriatar formáidí dáileacháin áirithe leis na critéir cháilíochtúla a chuirtear i bhfeidhm, amháin ceanglas gurbh ann d'aon siopa amháin nó níos mó atá suite i bhfoirgneamh nó chun seirbhísí sonracha a sholáthar nach féidir a sholáthar go hiondúil ach i bhformáid dáileacháin áirithe.
- (156) Go ginearálta, ní dócha go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh más rud é go ndéanann na córais dáilte roghnaitheacha a rannchuidíonn leis an éifeacht charnach dáileoirí nua atá in ann na táirgí i dtrácht a dhíol go leordhóthanach a eisiáin ón margadh, go háirithe lascaimeoirí praghsanna nó dáileoirí ar líne amháin a thairgeann praghsanna níos ísle do thomhaltóirí, agus ar an gcaoi sin dáileadh a theorannú, chun tairbhe bealaí áirithe atá ann cheana agus chun aimhleasa na dtomhaltóirí deiridh. Maidir le foirmeacha níos indíri de dháileadh roghnaitheach cainníochtúil, a eascraíonn, mar shampla, as critéir roghnúcháin ar critéir cháilíochtúla amháin iad, a chomhcheangal le ceanglas go mbainfidh na díoltóirí méid íosta de cheannacháin bhliantúla amach, is lú dóchúlachta go dtiocfaidh glanéifeachtaí diúltacha dá dtoradh, más rud é nach ionann an méid agus cion suntasach de láimhdeachas iomlán an díoltóir a bhaintear amach leis an gcineál táirgí atá i gceist agus nach dtéitear thar an méid is gá chun go gcúiteodh an soláthróir a infheistíocht a bhaineann le caidreamh sonracha agus/nó chun barainneachtaí scála a fhíorú ó thaobh an dáileacháin de. Maidir le soláthróir ag a bhfuil sciar den mhargadh nach mó ná 5 % é, ní mheastar i gcoitinne go rannchuidíonn sé sin go suntasach le héifeacht charnach.
- (157) Baineann bacainní iontrála le hábhar go príomha i gcás dáileoirí neamhúdaraithe a fhoriáin ón margadh. D'fhéadfadh bacainní iontrála a bheith suntasach nuair a chuireann monaróirí táirgí brandáilte an dáileadh roghnaitheach i bhfeidhm toisc go mbeidh am agus infheistíocht nach beag i gceist le haghaidh dáileoirí go hiondúil, a eisiatar ón gcóras dáileacháin roghnaitheach, chun a mbrandaí féin a sheoladh nó chun soláthairtí iomaíoch a fháil in áit éigin eile.
- (158) Féadfaidh cumhacht an cheannaitheora riosca an chlaonpháirteachais idir dáileoirí a mhéadú. Maidir le dáileoirí ag a bhfuil staid mhargaidh láidir, féadfaidh sé sin na soláthróirí a spreagadh chun critéir roghnaitheacha a chur i bhfeidhm lena ndéanfaí rochtain ar an margadh a fhoriáin do dháileoirí nua atá níos éifeachtúlaí. Dá dheasca sin, le cumhacht an cheannaitheora, féadfar athrú suntasach a dhéanamh ar an anailís ar éifeachtaí féideartha frithiomaíochta an dáileacháin roghnaitheach. Maidir le díoltóirí níos éifeachtúla a fhoriáin ón margadh, féadfaidh sé sin teacht chun cinn go háirithe i gcás ina bhforchuirfidh eagraíocht láidir díoltóirí critéir roghnúcháin ar an soláthróir lena ndíreofar ar an dáileadh a theorannú ar mhaithe lena chomhaltaí féin.
- (159) Foráiltear le hAirteagal 5(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2022/720 nach bhféadfaidh an soláthróir oibleagáid a fhorchur arb é is cúis leis na dáileoirí údaraithe, cibé acu go díreach nó go hindíreach, gan a bheith ag díol na mbrandaí de chuid soláthróirí iomaíochta áirithe. Díritear go sonracha leis an bhforáil sin ar an gclaonpháirteachas cothrománach a sheachaint lena ndéanfaí brandaí áirithe a eisiáin trí ghrúpa roghnaitheach brandaí a bheith á chruthú ag na príomhsholáthróirí. Ní dócha go mbeadh oibleagáid den sórt sin indíolmhaithe nuair is ionann an sciar den mhargadh atá ag na cúig sholáthróir is mó agus 50 % nó nuair is mó ná 50 % an sciar sin, ach amháin mura mbeidh aon soláthróir, a fhorchuireann oibleagáid den sórt sin, san áireamh leis na cúig sholáthróir is mó ar an margadh.

- (160) Ní thiocfaidh údair imní ó thaobh na hiomaíochta de chun cinn a bhaineann le foriamh soláthróirí eile de ghnáth a fhad nach gcoisctear ar sholáthróirí eile úsáid a bhaint as na dáileoirí céanna, mar a dhéantar, mar shampla, nuair a chomhcheanglaítear dáileadh roghnaitheach le ceangal aonbhanda. I gcás dlúthlíonra dáileoirí údaraithe nó i gcás éifeacht charnach, féadfaidh riosca maidir le foriamh soláthróirí eile a bheith i gceist le dáileadh roghnaitheach a chomhcheangal le hoibleagáid gan dul in iomaíocht. Sa chás sin, tá feidhm ag an treoir a bhaineann le brandáil aonair atá leagtha amach i roinn 8.2.1. de na Treoirí seo. I gcás nach gcomhcheanglaítear dáileadh roghnaitheach le hoibleagáid neamhiomaíochta, d'fhéadfadh sé gur ábhar imní fós é foriamh soláthróirí iomaíocha ón margadh. I gcás nach gcomhcheanglófar dáileadh roghnaitheach le hoibleagáid gan dul in iomaíocht, féadfaidh foriamh soláthróirí iomaíocha ón margadh a bheith ina údair imní fós i gcás ina gcuirfidh na príomhsholáthróirí ní hamháin critéir roghnúcháin ar critéir cháilíochtúla amháin iad i bhfeidhm, ach ina bhforchuirfidh siad ar a ndáileoirí oibleagáid breise áirithe amháin an oibleagáid spás seilfe íosta a chur in áirithe le haghaidh tháirgí an tsoláthóra nó a áirithiú go sroichfidh díolacháin tháirgí an tsoláthóra ag an dáileoir sciar íosta de láimhdeachas iomlán an dáileora. Ní dócha go dtiocfaidh fadhb den sórt sin chun cinn más rud é nach mó ná 50 % an sciar den mhargadh a chumhdaítear le dáileadh roghnaitheach nó, i gcás ina sárófar an cóimheas cumhdaigh sin, más rud é nach mó ná 50 % an sciar den mhargadh atá ag na cúig sholáthóir is mó.
- (161) Tá sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar dhinimicí an mhargaidh toisc go bhféadfar a fhágáil gur lú dóchúlachta go mbeidh éifeachtaí diúltacha ann ná a bheadh amhlaidh i margáil aibí i gcás ina mbeidh méadú ag teacht ar an éileamh, athrú ag teacht ar theicneolaíochtaí agus athrú ar staideanna margaidh.
- (162) Féadfaidh dáileadh roghnaitheach a bheith éifeachtúil nuair a eascraíonn coigiltis maidir le costais lóistíochta as i ngeall ar bharrinneachtaí scála ó thaobh iompair de, rud a fhéadfaidh tarlú gan beann ar chineál an táirge (féach mír (16), pointe (g)). Mar sin féin, is gnách nach mbíonn éifeachtúlacht den sórt sin ach imeallach i gcórais dáileacháin roghnaitheacha. Chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil bunús le dáileadh roghnaitheach chun cuidiú le fadhb maidir le saorthairbhíú idir dáileoirí a réiteach (féach mír (16), pointe (b) de na Treoirí seo) nó chun cuidiú le híomhá bhanda a chruthú nó a choinneáil ar bun (féach mír (16), pointe (h) de na Treoirí seo), tá cineál an táirge tábhachtach. I gcoitinne, is dócha go mbeidh bunús leis an gcás ar son é a úsáid le haghaidh dáileadh roghnaitheach chun na cineálacha éifeachtúlachtaí sin a bhaint amach le haghaidh táirgí nua, táirgí casta nó táirgí ar deacair a dtréithe a mheas sula n-ídítear iad (táirgí eispéiris mar a thugtar orthu) nó fiú tar éis a n-ídithe (táirgí creidiúnaithe mar a thugtar orthu). Maidir le dáileadh roghnaitheach a chomhcheangal le clásal súimh, chun dáileoir údaraithe a chosaint ar iomaíocht ó dháileoirí údaraithe eile a osclaíonn siopa ina chongarach, féadfaidh an comhcheangal sin go háirithe coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh a chomhlíonadh más rud é go bhfuil an comhcheangal fíor-riachtanach chun infheistíochtaí substaintiúla agus infheistíochtaí a bhaineann le caidreamh sonrach, arna ndéanamh ag an dáileoir údaraithe, a chosaint (féach mír (16), pointe (e) de na Treoirí seo). Chun a áirithiú go n-úsáidfear an srian is neamh-fhrithiomaíche, is ábhartha measúnú a dhéanamh ar cibé acu an féidir na héifeachtúlachtaí céanna a fháil ar chostas inchomparáide trí, mar shampla, cheanglais seirbhíse ina n-aonar.
- (163) Seo a leanas sampla de dháileadh cainníochtúil roghnaíoch:
- Ar mhargadh le haghaidh earraí marthanacha, i gcás mhonaróir bhanda A, arb é an ceannaire margaidh é ag a bhfuil sciar 35 % den mhargadh, díolann sé a tháirge le tomhaltóirí deiridh trí chóras dáileacháin roghnaitheach. Tá roinnt critéar ann maidir le cead isteach sa chóras a thabhairt: Caithfidh an siopa foireann oile a fhostú agus seirbhís réamhdhíola a chur ar fáil; Ní mór limistéar speisialaithe a bheith sa siopa atá tiomnaithe do dhíol an tairge agus táirgí ardteicneolaíochta den chineál céanna; Agus ní mór don siopa réimse leathan múnlaí an tsoláthóra a dhíol agus iad a chur ar taispeáint ar bhealach tarraingteach. Thairis sin, tá líon na miondíoltóirí incheadaithe isteach sa chóras teoranta go díreach trí líon uasta miondíoltóirí a bhunú in aghaidh líon na gcónaitheoirí i ngach cúige nó i ngach limistéar uirbeach. Tá 6 iomaitheoir ag Monaróir A sa mhargadh sin. Is iad monaróirí bhanda B, C agus D na hiomaitheoirí is mó dá bhfuil aige a bhfuil sciartha 25 %, 15 % agus 10 % faoi seach den mhargadh acu, agus tá sciartha níos lú den mhargadh ag monaróirí eile. Is é A an t-aon mhonaróir amháin a úsáideann dáileadh roghnaitheach. Láimhseálann dáileoirí roghnaitheacha bhanda A cúpla branda iomaíoch i gcónaí. Mar sin féin, díoltar brandaí iomaíocha go forleathan i siopaí freisin nach comhaltaí iad de chóras dáileacháin roghnaitheach mhonaróir A. Tá bealaí dáileacháin éagsúla ann: mar shampla, díoltar brandaí B agus C i bhformhór na siopaí roghnaithe ag A, ach i siopaí eile freisin a sholáthraíonn seirbhís ardchaighdeán, agus i hipearmhargáil. Díoltar branda D i siopaí ardseirbhíse go príomha. Tá forbairt ag teacht ar an teicneolaíocht cuíosach sciobtha sa mhargadh sin, agus coinníonn na príomhsholáthróirí íomhá láidir bhanda ar bun le haghaidh a dtáirgí trí fhógraíocht.
- Ar an margadh sin, is é 35 % cóimheas cumhdaigh an dáileacháin roghnaitheach. Ní dhéanann córas dáileacháin roghnaitheach A difear don iomaíocht idirbhanda go díreach. Féadfaidh an iomaíocht aonbhanda le haghaidh bhanda A a bheith laghdaithe, ach tá rochtain ag tomhaltóirí ar mhiondíoltóirí seirbhíse ísle/praghais ísle le haghaidh bhandaí B agus C, ag a bhfuil íomhá cháilíochta is inchomparáide le branda A. Thairis sin, níl rochtain ar mhiondíoltóirí ardseirbhíse le haghaidh bhandaí eile foriata, ós rud é nach bhfuil aon teorainn ar inniúlachtaí na ndáileoirí roghnaithe chun brandaí iomaíocha a dhíol, agus go bhfágfar leis an teorannú cainníochtúil ar líon na ndáileoirí le haghaidh bhanda A go bhfuil miondíoltóirí ardseirbhíse eile saor chun brandaí iomaíocha a dháileadh. Sa chás sin, i bhfianaise na gceanglas seirbhíse agus na n-éifeachtúlachtaí is dócha a sholáthrófar leo sin agus na héifeachtaí teoranta ar an iomaíocht aonbhanda, is dócha go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh.

(164) Seo a leanas sampla de dháileadh roghnaíoch ag a bhfuil éifeachtaí carnacha:

Ar mhargadh le haghaidh earra áirithe spóirt, tá seachtar monaróirí ann arb iad 25 %, 20 %, 15 %, 15 %, 10 %, 8 % agus 7 % na sciartha den mhargadh faoi seach atá acu. Dáileann na cúig mhonaróir is mó a dtáirgí trí chóras dáileacháin roghnaitheach cainníochtúil, agus úsáideann an dá mhonaróir is lú cineálacha difriúla de chórais dáileacháin, lena bhfágtar cóimheas cumhdaigh 85 % maidir le dáileadh roghnaitheach. Is aonfhoirmeach iad na critéir maidir le rochtain ar na córais dáileacháin roghnaitheacha thar na monaróirí: Ní mór do na dáileoirí siopa brící agus moirtéil amháin nó níos mó a bheith acu; Ceanglaítear ar na siopaí sin pearsanra oilte a bheith acu agus seirbhísí réamhdhíola a chur ar fáil; Ní mór limistéar speisialaithe a bheith sa siopa atá tiomnaithe do dhíol an táirge; Agus tá íosmhéid don limistéar sin sonraithe. Agus ní mór don siopa réimse leathan múnlaí an tsoláthróra a dhíol agus iad a chur ar taispeáint ar bhealach tarraingteach. Ní mór don siopa a bheith suite ar shráid tráchtála, agus ní mór don chineál sin táirge a bheith ionann le 30 % ar a laghad de láimhdeachas iomlán an tsiopa. I gcoitinne, bíonn an dáileoir céanna údaraithe le haghaidh na gcúig bhranda uile. Maidir leis an dá bhranda nach n-úsáideann dáileadh roghnaitheach, díoltar iad trí mhiondíoltóirí nach bhfuil chomh speisialaithe sin de ghnáth agus ag a bhfuil leibhéal seirbhíse níos ísle. Bíonn an margadh cobhsaí, ar thaobh an tsoláthair agus ar thaobh an éilimh araon, agus tá difreáil láidir idir táirgí ann agus bíonn íomhá an bhranda tábhachtach. Tá íomhánna láidre branda ag an gcúigear ceannairí margaidh, rud a fuarthas trí fhógraíocht agus trí urraíocht, ach tá straitéis a bhaineann le táirgí níos saoire ag an mbeirt mhonaróirí níos lú, agus gan aon íomhá láidir bhranda acu.

Ar an margadh sin, diúltaítear rochtain ar na cúig phríomhbhranda do lascaineoirí praghsanna ginearálta agus do dháileoirí, ar dáileoirí ar líne amháin iad. Is amhlaidh sin toisc nach gceadaítear formhór na lascaineoirí praghsanna isteach i líonra na ndáileoirí údaraithe i ngeall ar an gceanglas go mbeidh 30 % ar a laghad de ghníomhaíocht na ndáileoirí i gceist leis an táirge agus i ngeall ar na critéir maidir le cur i láthair agus le seirbhísí réamhdhíola. Thairis sin, eisiatar dáileoirí, ar dáileoirí ar líne amháin iad, ón líonra i ngeall ar an gceanglas siopa amháin nó níos mó suite i bhfoirgneamh a bheith ag dáileoirí. Dá dheasca sin, ní bhíonn aon rogha ag tomhaltóirí ach na cúig phríomhbhranda a cheannach i siopaí ardseirbhíse/ardphraghsais. Eascraíonn iomaíocht laghdaithe idirbhranda idir na cúig phríomhbhranda as sin. Maidir leis an bhfóras gur féidir an dá bhranda is lú a cheannach i siopaí seirbhíse ísle/praghais ísil, ní chúitíonn sé sin an iomaíocht laghdaithe sin, toisc go bhfuil íomhá bhranda an chúigear ceannairí margaidh i bhfad níos fearr. Déantar iomaíocht idirbhranda a theorannú trí ilcheadanna díoltóra eisiacha freisin. Cé gurb ann do mhéid éigin d'iomaíocht aonbhranda agus nach bhfuil líon na ndáileoirí teoranta go díreach, tá na critéir maidir le cead isteach docht go leor go bhfágfar líon beag dáileoirí ann le haghaidh na gcúig phríomhbhranda i ngach críoch.

Is íseal na héifeachtúlachtaí atá bainteach le córais dáileacháin roghnaitheacha chainníochtúla den sórt sin: níl an táirge an-chasta agus níl bunús le seirbhís cuíosach ard lena aghaidh. Mura rud é gur féidir leis na monaróirí a chruthú go bhfuil éifeachtaí soiléire ann atá bainteach lena gcóras dáileacháin roghnaitheach, is dócha nach mór an bhlocdhíolúine a aistarraingt, i ngeall ar éifeachtaí carnacha sriantacha a bheith ann lena bhfágtar gur lú rogha agus gurb airde praghsanna a bheidh ann le haghaidh tomhaltóirí.

#### 4.6.3. Saincheadú

(165) I gcomhaontuithe saincheadúnais tá ceadúnais maidir le cearta maoinne intleachtúla a bhaineann go háirithe le trádmarcanna nó comharthaí agus fios gnó chun earraí nó seirbhísí a úsáid agus a dháileadh. De bhreis ar cheadúnas CMInna, is gnách go soláthraíonn an saincheadúnóir cúnaimh tráchtála nó teicniúil le linn shaolré an chomhaontaithe. Tá an ceadúnas agus an cúnaimh ina ndlúth-chomhpháirteanna den mhodh gnó atá á shaincheadúnú. Iocann an saincheadúnaí táille saincheadúnais leis an saincheadúnóir i gcoitinne as an modh gnó áirithe a úsáid. Féadfaidh an saincheadú é a chur ar a chumas don saincheadúnóir líonra aonfhoirmeach a bhunú, le hinfeistíochtaí teoranta, chun a tháirgí a dháileadh. Chomh maith leis an modh gnó a sholáthar, is iondúil go mbíonn teaghlaim de shrianta ingearacha éagsúla i gcomhaontuithe saincheadúnais maidir leis na táirgí atá á ndáileadh, mar shampla oibleagáidí dáilte roghnaíoch, neamh-iomláin.

- (166) Bíonn roinnt tréithe sonracha i gceist le saincheadúnú (cé is moite de chomhaontuithe saincheadúnais tionsclaíocha), amhail úsáid ainm gnó aonfhoirmeach, modhanna gnó aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear CMIInna a cheadúnú) agus ríchíosanna a íoc mar chúiteamh ar na tairbhí a dheonaítear. I bhfianaise na sainiúlachtaí sin, féadfar forálacha, a bhfuil fíorghá leo chun go bhfeidhmeoidh córais dáileacháin den sórt sin, a mheas mar fhorálacha a thagann lasmuigh d'Airteagal 101(1) den Chonradh. Baineann sé sin, mar shampla, le srianta lena gcoisctear ar an saincheadú an fios feasa agus an cúnaimh a thug an saincheadúnais a úsáid ar mhaithe le hiomaitheoirí an reachtóra <sup>(96)</sup> agus le hoibleagáid neamh-chomhlíontach a bhaineann leis na hearraí nó na seirbhísí a cheannaigh an francóir, más gá sin chun céannacht choiteann agus clú an líonra saincheadúnais a choimeád ar bun. Sa chás deiridh, ní bhaineann fad na hoibleagáide gan dul in iomaíocht le hábhar a fhad nach mó é ná fad an chomhaontaithe saincheadúnais féin.
- (167) Is féidir le comhaontuithe saincheadúnais leas a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720 i gcás nach bhfuil scaireanna an tsoláthróra ná an cheannaitheora i margadh an tsoláthróra ná níos airde ná 30 %. Tugtar treoir shonrach maidir le ríomh scaireanna sa mhargadh i gcomhthéacs saincheadúcháin i mír (174). Díritear i míreanna (71) go (87) ar cheadúnú CMIInna atá i gcomhaontuithe saincheadúnais. Déanfar measúnú ar shrianta ingearacha atá i gcomhaontuithe saincheadúnais faoi na rialacha is infheidhme maidir leis an gcóras dáileacháin is dlúithe atá baint aige le cineál an chomhaontaithe saincheadúnais shonraigh. Mar shampla, maidir le comhaontú saincheadúnais a bhfuil líonra dúnta mar thoradh air, ós rud é go bhfuil toirmeasc ar a chuid ball a dhíol le daoine nach baill iad, ní mór é a mheasúnú faoi na rialacha is infheidhme maidir le dáileadh roghnaíoch. I gcodarsnacht leis sin, ní mór comhaontú saincheadúnais nach gcruthaítear líonra iata leis, ach a dheonaíonn eisiachas críochach agus cosaint ar dhíolacháin ghníomhacha le saincheadúnais eile, a mheasúnú faoi na rialacha is infheidhme maidir le dáileadh eisiach.
- (168) Ceanglaítear leis na comhaontuithe nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) 2022/720 go ndéanfar measúnú aonair faoi Airteagal 101 den Chonradh. Leis an measúnú sin ba cheart a chur san áireamh dá thábhachtaí aistriú an fhios ghnó, gur mó is dócha go gcruthóidh na srianta ingearacha éifeachtúlachtaí agus/nó go mbeidh siad fíor-riachtanach chun an fios gnó a chosaint agus coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh a chomhlíonadh dá bhrí sin.
- (169) Seo a leanas sampla de shaincheadú:

Tá formáid nua forbartha ag monaróir le milseáin a dhíol i siopaí spraoi, mar a thugtar orthu, mar is féidir na milseáin a dhathú ar éileamh an chustaiméara. Tá na hinnill forbartha ag an monaróir milseáin chun na milseáin a dhathú freisin agus táirgeann sé na leachtanna dathúcháin. Baineann fíorthábhacht le cáilíocht agus le húire an leachta chun dea-mhílseáin a tháirgeadh. D'éirigh le milseáin an mhonaróra trí roinnt asraonta miondíola dá chuid féin a raibh siad uile ag oibriú faoin trádainm céanna agus leis an íomhá spráúil aonfhoirmeach (e.g. comhstíl na siopaí agus comhfhógraíocht). Chun díolacháin a leathnú, chuir an monaróir milseáin tús le córas saincheadúnúcháin. Chun cáilíocht aonfhoirmeach an táirge a áirithiú mar aon le híomhá aonfhoirmeach an tsiopa, tá sé d'oibleagáid ar na saincheadúnaithe na milseáin, an leacht agus an t-inneall dathúcháin a cheannach ón monaróir, oibriú faoin trádainm céanna, táille saincheadúnais a íoc, ranníoc le comhfhógraíocht agus rúndacht an lámhleabhair oibriúcháin, a d'ullmhaigh an saincheadúnóir, a áirithiú. Ina theannta sin, ní cheadaítear do na saincheadúnaithe ach díol ón áitreabh comhaontaithe le húsáideoirí deiridh nó le saincheadúnaithe eile. Ní cheadaítear dóibh milseáin eile a dhíol ina siopaí. Tá sé d'oibleagáid ar an saincheadúnóir gan saincheadúnáí eile a cheapadh ná asraon miondíola a oibriú é féin i gcríoch chonartha áirithe. Tá an saincheadúnóir faoin oibleagáid freisin a tháirgí a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt a thuilleadh, mar aon leis na hionchais ghnó agus leis an lámhleabhar oibriúcháin agus na feabhsuithe uile sin a chur ar fáil do na saincheadúnaithe uile. Tugtar na comhaontuithe saincheadúnais i gcrích ar feadh 10 mbliana.

Ceannaíonn miondíoltóirí milseáin a gcuid milseáin ar mhargadh náisiúnta ó tháirgeoirí náisiúnta, a fhreastalaíonn ar spéiseanna náisiúnta nó ó mhórdhíoltóirí a allmhairíonn milseáin ó tháirgeoirí eachtracha i dteannta milseáin ó tháirgeoirí náisiúnta a dhíol. Ar an margadh sin, bíonn táirgí an tsaincheadúnóra in iomaíocht le roinnt brandaí náisiúnta agus idirnáisiúnta milseáin, a tháirgeann cuideachtaí bia ar cuideachtaí móra éagsúlaithe iad uaireanta. Tá sciar an tsaincheadúnóra den mhargadh le haghaidh inneall chun bia a dhathú faoi bhun 10 %. Is é 30 % an sciar den mhargadh atá ag an saincheadúnóir ar an margadh le haghaidh milseáin a dhíoltar le miondíoltóirí. Is iomaí díolphointe le haghaidh milseáin atá ann i bhfoirm tobacadóirí, miondíoltóirí ginearálta bia, caifitéirí agus siopaí speisialaithe milseáin.

<sup>(96)</sup> Féach breithiúnas an 28 Eanáir 1986, *Pronuptia de Paris GmbH v Pronuptia de Paris Irmgard Schillgallis*, C-161/84, AE:C:1986:41, mír 16.

Maidir le formhór na n-oibleagáidí atá sna comhaontuithe saincheadúnais, is féidir iad a mheas ina n-oibleagáidí is gá chun CMInna a chosaint nó chun comhaitheantas agus comhcháil an líonra saincheadúnais a choinneáil ar bun agus dá bhrí sin, tagann siad lasmuigh d'Airteagal 101(1) den Chonradh. Leis na srianta ar dhíol (i.e. cinneadh críche conartha agus dáileadh roghnaitheach) soláthraítear údar spreagtha do na saincheadúnaithe chun infheistiú i gcoincheap an tsaincheadúnais agus san inneall dathúcháin agus chun cuidiú leis an gcomhaitheantas a choinneáil ar bun, rud lena gcúiteofar cailleadh na hiomaíochta aonbhanda. Maidir leis an gclásal neamhiomaíochta lena n-eisiatar brandaí eile milseán ó na siopaí ar feadh fhad iomlán na gcomhaontuithe, ceadaítear leis sin don saincheadúnóir na hasraonta a choimeád ina n-asraonta aonfhoirmeacha agus cuirtear cosc leis an gclásal ar iomaitheoirí tairbhiú dá thrádainm. I bhfianaise líon ard na n-asraonta a bhíonn ar fáil do tháirgeoirí milseán eile, ní eascraíonn aon fhoriamh tromchúiseach as. Dá dhroim sin, a mhéad a thagann siad faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh, is dóigh go gcomhlíonfaidh na comhaontuithe saincheadúnais coinníollacha Airteagal 101(3).

## 5. SAINIÚ MARGAIDH AGUS AN SCJAR DEN MHARGADH A RÍOMH

### 5.1. Fógra maidir le Sainiú Margaidh

- (170) Tugtar treoir san Fhógra maidir le Sainmhíniú Margaidh ar na rialacha, ar na critéir agus ar an bhfianaise a úsáideann an Coimisiún agus é ag breithniú saincheistanna a bhaineann le sainmhíniú ar an margadh. Dá bhrí sin, chun Airteagal 101 den Chonradh a chur i bhfeidhm ar chomhaontuithe ingearacha, ba cheart an margadh ábhartha a shainiú ar bhonn na teorach sin agus ar bhonn aon teorach amach anseo maidir leis an sainmhíniú ar an margadh ábhartha chun críocha dhlí iomaíochta an Aontais. Leis na Treoirlínte seo ní láimhseáiltear ach saincheistanna sonracha a thagann chun cinn i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2022/720 a chur i bhfeidhm, agus nach gumhdaítear leis an bhFógra maidir le Sainiú Margaidh.

### 5.2. Sciartha den mhargadh a ríomh faoi Rialachán (AE) 2022/720

- (171) Faoi Airteagal 3 Rialachán (AE) 2022/720, tá an sciar den mhargadh de chuid an tsoláthróra agus an cheannaitheora araon cinntitheach chun a chinneadh cibé acu a bhfuil feidhm ag an mblocdhíolúine nó nach bhfuil. Chun go mbeidh feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720, ní mór nach mó ná 30 % an sciar den mhargadh de chuid an tsoláthróra, ar an margadh mar a ndíolann sé earraí nó seirbhísí an chonartha leis an gceannaitheoir, ná an sciar den mhargadh de chuid an cheannaitheora ar an margadh mar a gceannaíonn sé earraí nó seirbhísí an chonartha. Le haghaidh comhaontuithe idir FBManna ní gá i gcoitinne sciartha den mhargadh a ríomh (féach mír (28)).
- (172) Ar an leibhéal dáileacháin, ní hamháin go mbaineann na srianta ingearacha le díol táirgí idir an soláthróir agus an ceannaitheoir de ghnáth, ach baineann siad lena n-athdhíol freisin. Toisc go mbíonn formáidí dáileacháin difriúla in iomaíocht le chéile de ghnáth, ní shainítear margaí i gcoitinne de réir fhoirm an dáileacháin a chuirtear i bhfeidhm, eadhon dáileadh eisiach, roghnaitheach nó dáileadh saor in aisce. I gcás ina ndíolfaidh soláthróirí punann táirgí i gcoitinne, féadfar sainiú margaidh an táirge a chinneadh leis an bpunann ar fad nuair a mheasann na ceannaitheoirí gurb ionadaithe an phunann seachas na táirgí aonair atá sa phunann.
- (173) I gcás ina mbainfidh comhaontú ingearach le trí pháirtí, gach ceann díobh ag oibriú ar leibhéal trádála difriúil, ní mór nach mó ná 30 % sciar gach páirtí den mhargadh chun go mbeidh feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720. Mar a shonraítear in Airteagal 3(2) den Rialachán, i gcás ina gceannóidh gnóthas earraí nó seirbhísí an chonartha i gcomhaontú ilpháirtí ó aon ghnóthas amháin ar páirtí sa chomhaontú é agus ina ndíolfaidh an gnóthas sin earraí nó seirbhísí an chonartha le gnóthas eile ar páirtí sa chomhaontú freisin é, ní bheidh feidhm ag an Rialachán ach amháin más rud é nach mó ná tairseach an 30 % a sciar den mhargadh mar cheannaitheoir agus mar sholáthróir araon. Más rud é, mar shampla, i gcomhaontú idir monaróir, mórdhíoltóir (nó comhlachas miondhíoltóir) agus miondhíoltóir, go gcomhaontaítear oibleagáid gan dul in iomaíocht, ní mór nach mó ná 30 % na sciartha den mhargadh de chuid an mhonaróra agus an mhórdhíoltóra (nó an chomhlachais miondhíoltóir) ar a margaí soláthair faoi seach agus ní mór nach mó ná 30 % an sciar den mhargadh de chuid an mhórdhíoltóra (nó an chomhlachais miondhíoltóir) agus an mhiondhíoltóra ar a margaí ceannaigh faoi seach chun tairbhiú ón díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán.

- (174) I gcás ina bhfuil forálacha CMI (amhail foráil maidir le húsáid trádmhairc an tsoláthróra) sa chomhaontú ingearach, sa bhreis ar sholáthar earraí nó seirbhísí conartha, a chabhraíonn leis an gceannaitheoir earraí nó seirbhísí an chonartha a mhargú, tá sciar an tsoláthróra sa mhargadh ina ndíolann sé na hearraí nó na seirbhísí conartha ábhartha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/720. i gcás nach soláthraíonn francsóir earraí nó seirbhísí le hathdhíol ar an margadh, ach go soláthraíonn sé earraí nó seirbhísí atá comhcheangailte le soláthar na n-earraí nó na seirbhísí atá nasctha leis an modh gnó sin. Chun na críche sin, ní mór don saincheadúnóir a sciar den mhargadh a ríomh, arb é an margadh é mar a saothraíonn na saincheadúnaithe an modh gnó chun earraí nó seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí deiridh. Ní mór don saincheadúnóir dá bhrí sin a sciar den mhargadh a bhunú ar luach na n-earraí nó seirbhísí a sholáthraíonn a chuid saincheadúnaithe ar an margadh sin. Ar mhargadh den sórt sin, féadfaidh iomaitheoirí an tsaincheadúnóra a bheith ina soláthraithe modhanna gnó saincheadúnaithe eile, ach freisin ina soláthróirí earraí nó seirbhísí inionadaithe nach gcuireann siad saincheadúnú i bhfeidhm ina leith. Mar shampla, gan dochar do shaincheadúnóirí den sórt sin, dá mba rud é go raibh margadh ann le haghaidh seirbhísí mearbhia, bheadh ar shaincheadúnóirí a oibríonn ar mhargadh den sórt sin a sciar den mhargadh a ríomh ar bhonn na bhfigiúirí díolachán ábhartha dá chuid saincheadúnaithe ar an margadh sin.

### 5.3. **Sciartha den mhargadh a ríomh faoi Rialachán (AE) 2022/720**

- (175) Mar a leagtar amach in Airteagal 8, pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720, ba cheart scaireanna margaidh an tsoláthróra agus an cheannaitheora a ríomh i bprionsabal ar bhonn sonraí luacha, agus na foinsí uile ioncaim a eascraíonn as díol na n-earraí nó na seirbhísí á gcur san áireamh. I gcás nach mbeidh sonraí maidir le luach ar fáil, is féidir meastacháin a bhfuil bunús cú leo a dhéanamh ar bhonn faisnéise iontaofa eile faoin margadh amhail figiúirí maidir le méid.

- (176) D'fhéadfadh soláthar inmheánach earraí nó seirbhísí idirmheánacha le haghaidh úsáid an tsoláthróra féin a bheith ábhartha don anailís ar an iomaíocht i gcás ar leith, ach ní chuirtear san áireamh é chun críocha shainmhíniú an mhargaidh ná chun scaireanna sa mhargadh a ríomh faoi Rialachán (AE) 2022/720. I gcodarsnacht leis sin, de bhun Airteagal 8, pointe (c) den Rialachán, i gcásanna dédháilte, ba cheart go n-áireofaí i sainmhíniú an mhargaidh agus i ríomh sciar an mhargaidh díolacháin an tsoláthraí ar a earraí dílse a rinneadh trí dhá dháileoirí agus a ghníomhairí atá comhtháite go hingearach<sup>(97)</sup>. Gnóthais nasctha atá i ndáileoirí comhtháite de réir bhrí Airteagal 1(2) den Rialachán.

## 6. CUR I BHFEIDHM RIALACHÁN (AE) 2022/720

### 6.1. **Srianta crua faoi Rialachán (AE) 2022/720**

- (177) In Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/720 tá liosta de shrianta crua. Is srianta tromchúiseacha iomaíochta iad sin ar cheart iad a thoirmeasc i bhformhór na gcásanna mar gheall ar an díobháil a dhéanann siad do thomhaltóirí. Déantar comhaontuithe ingearacha ina n-áirítear srianta crua amháin nó níos mó a eisiáil ina n-iomláine ó raon feidhme chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/720.

- (178) Tá feidhm ag na cruashrianta in Airteagal 4 Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontuithe ingearacha a bhaineann le trádáil laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann comhaontuithe ingearacha le honnmhairí lasmuigh den Aontas nó le hallmhairí/ath-allmhairí as limistéir lasmuigh den Aontas, moltar le cásdlí CBAE nach féidir comhaontuithe den sórt sin a mheas mar chomhaontuithe arb é a gcuspóir an iomaíocht a shrianadh go suntasach laistigh den Aontas nó mar chomhaontuithe atá in ann difear a dhéanamh sa cháil sin don trádáil idir na Ballstáit<sup>(98)</sup>.

<sup>(97)</sup> Chun na críche sin, ní chuirtear san áireamh aon díolacháin a dhéanann dáileoirí comhtháite na n-earraí nó na seirbhísí a dhéanann soláthraithe iomaíochta.

<sup>(98)</sup> Féach Cás C-306/96 – *Javico v Yves Saint Laurent Parfums*, mír 20.

- (179) De ghnáth, is srianta iomaíochta de réir cuspóra iad cruashrianta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/720 de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh <sup>(99)</sup>. Is cineálacha comhordaithe idir gnóthais iad srianta iomaíochta de réir cuspóra ar féidir a mheas go ndéanann siad dochar, i ngeall ar an gcineál srianta atá i gceist leo, d'fheidmiú ceart gnáthiomaíochta <sup>(100)</sup>. Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go léiríonn cineálacha áirithe comhordaithe idir gnóthais leibhéal leordhóthanach dochair don iomaíocht chun go measfaí go bhfuil sé neamhriachtanach a éifeachtaí a mheas <sup>(101)</sup>. Ceanglaítear measúnú aonair ar an gcomhaontú ingearach lena mbaineann más rud é go suitear srian de réir cuspóra. Os a choinne sin, is ionann srianta crua agus catagóir srianta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/720 agus meastar ina leith go ndéanann siad dochar glan don iomaíocht de ghnáth. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh comhaontú ingearach ina bhfuil srian crua den sórt sin leas a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720.
- (180) Ní gá go dtagann cruashrianta faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh áfach. Má tá gá go hoibiachtúil le srian crua a liostaítear i Rialachán (AE) 2022/720 chun comhaontú ceartingearach ar leith a chur chun feidhme, mar shampla, chun a áirithiú go gcomhlíonfar toirmeasc poiblí ar shubstaintí contúirteacha a dhíol le custaiméirí áirithe ar chúiseanna sábháilteachta nó sláinte, is lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh a thagann an comhaontú sin go heisceachtúil. Leanann sé ón méid thuas go gcuirfidh an Coimisiún na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh aige ar chomhaontú ingearach:
- (a) I gcás ina n-áireofar cruashrian de réir bhrí Airteagal 4 Rialachán (AE) 2022/720 i gcomhaontú ingearach, is dócha go dtiocfaidh an comhaontú sin faoi Airteagal 101(1) den Chonradh.
- (b) Maidir le comhaontú a n-áirítear ann cruashrian de réir bhrí Airteagal 4 Rialachán (AE) 2022/720, ní dócha go gcomhlíonfaidh sé coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh.
- (181) Féadfaidh gnóthas éifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta a léiriú faoi Airteagal 101(3) den Chonradh i gcás aonair <sup>(102)</sup>. Chun na críche sin, ní mór don ghnóthas bunús a thabhairt leis gur dócha gurb ann d'éifeachtúlachtaí agus gur dócha go n-eascróidh na héifeachtúlachtaí sin as an gcruashrian a áireamh sa chomhaontú, nuair atá sé ag léiriú go gcomhlíontar coinníollacha uile Airteagal 101(3) den Chonradh. I gcás inarb amhlaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an tionchar diúltach ar an iomaíocht is dócha a eascróidh as an gcruashrian a áireamh sa chomhaontú sula ndéanfar measúnú deiridh ar cibé acu a chomhlíontar coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh nó nach gcomhlíontar.
- (182) Tá na samplaí i míreanna (183) agus (184) ceaptha léiriú a thabhairt ar an gcaoi a gcuirfidh an Coimisiún na prionsabail thuasluaite i bhfeidhm.
- (183) Seo a leanas sampla de thrassholáthairtí idir dáileoirí údaraithe:

I gcás córas dáileacháin roghnaitheach, ní mór do chros-soláthairtí idir dáileoirí údaraithe a bheith saor i gcónaí de ghnáth (féach mír (237)). D'fhéadfadh srianta ar dhíolacháin ghníomhacha, áfach, faoi imthosca áirithe, coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh a chomhlíonadh. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, más gá do mhórdhíoltóirí údaraithe atá lonnaithe i gcríocha éagsúla infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí cur chun cinn sa chríoch ina ndáileann siad earraí nó seirbhísí an chonartha d'fhonn tacú le díolacháin ag miondhíoltóirí údaraithe agus nach bhfuil sé praiticiúil na gníomhaíochtaí fógraíochta riachtanacha a shonrú mar oibleagáid chonartha sa chomhaontú.

<sup>(99)</sup> Féach Coimisiún, Treoraíocht maidir le srianta iomaíochta “de réir cuspóra” chun na comhaontuithe, a fhéadfaidh tairbhiú de Fhógra De Minimis, a shainiú 25 Meitheamh 2014, SWD(2014) 198 final, lch. 4.

<sup>(100)</sup> Féach breithiúnas an 20 Eanáir 2016, *Toshiba Corporation v An Coimisiún*, C-373/14 P, EU:C:2016:26, mír 26.

<sup>(101)</sup> Féach breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Budapest Bank agus Eile*, Cás C-228/18, EU:C:2020:265, míreanna 35 go 37 agus an cásdlí a luadh.

<sup>(102)</sup> Féach go háirithe mír (16), pointí (a) go (i) de na Treoirí seo ina ndéantar cur síos go ginearálta ar chineálacha éifeachtúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus a bhaineann le srianta ingearacha agus roinn 6.1.1. de na Treoirí seo maidir le RPM. Chun treoir ginearálta a fháil maidir le measúnú ar éifeachtúlachtaí, féach freisin Treoirí Airteagal 101(3).

(184) Seo a leanas sampla d'fhíorthástáil:

I gcás fíorthástáil ar tháirge nua i gcríoch teoranta nó le grúpa teoranta custaiméirí, nó i gcás ina dtugtar táirge nua isteach agaithe, féadfar srian a chur ar na dáileoirí a cheaptar chun an táirge nua a dhíol ar an margadh tástála, nó iad siúd a ghlacann páirt sa chéad bhabhta nó sna chéad bhabhtaí den tabhairt isteach agaithe, féadfar iad a shrianadh ó dhíolacháin ghníomhacha a dhéanamh lasmuigh den mhargadh tástála nó chuig margadh nó chuig grúpaí custaiméirí i gcás nár tugadh an táirge isteach go fóill. D'fhéadfadh srianta den sórt sin a bheith lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh ar feadh na tréimhse is gá chun an táirge a thástáil nó a thabhairt isteach.

6.1.1. *Praghas athdhíola a choinneáil ar bun*

(185) Baineann an cruashrian a leagtar amach in Airteagal 4, pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720 le cothabháil praghsanna athdhíola ("RPM"), is é sin le rá, comhaontuithe a bhfuil de chuspóir acu, go díreach nó go hindíreach, srian a chur ar chumas an cheannaitheora a phraghas díola a chinneadh, lena n-áirítear iad siúd lena mbunaítear praghas díola seasta nó íosta a bheidh le comhlíonadh ag an gceannaitheoir <sup>(103)</sup>. Ceanglas ar an gceannaitheoir a phraghas díola a shocrú laistigh de raon áirithe is ea RPM de réir bhrí Airteagal 4, pointe (a) den Rialachán.

(186) Is féidir RPM a bhunú trí mhodhanna díreacha. Is amhlaidh atá i gcás forálacha conarthacha nó cleachtas comhbheartaithe lena socraítear go díreach an praghas nach mór don cheannaitheoir a ghearradh ar a chustaiméirí <sup>(104)</sup>, nó a cheadaíonn don soláthróir an praghas athdhíola a shocrú, nó lena gcuirtear toirmeasc ar an gceannaitheoir díol faoi leibhéal áirithe praghsanna. Tá an srian soiléir freisin i gcás ina n-iarrfaidh soláthróir méadú ar an bpraghas agus ina gcomhlíonfaidh an ceannaitheoir iarraidh den sórt sin.

(187) Is féidir RPM a bhaint amach trí mhodhanna indíreacha freisin, lena n-áirítear dreasachtaí chun íospraghas a urramú nó dídhreasachtaí chun imeacht ó íospraghas. Tá na samplaí seo a leanas beartaithe chun liosta neamh-uileghabhálach de mhodhanna indíreacha den sórt sin a sholáthar:

- (a) an corrlach athdhíola a shocrú;
- (b) Leibhéal uasta a shocrú maidir le lascaine gur féidir leis an dáileoir a dheonú ó leibhéal praghsanna forordaithe;
- (c) Socrú go ndeonófar lacáistí nó go n-aisíocfaidh an soláthróir costais chur chun cinn faoi réir leibhéal praghsanna áirithe a urramú;
- (d) íospraghsanna fógartha ("MAPanna") a fhorchur, lena gcuirtear toirmeasc ar an dáileoir fógraíocht a dhéanamh ar phraghsanna faoi bhun leibhéal arna leagan síos ag an soláthróir;
- (e) An praghas athdhíola forordaithe a nascadh le praghsanna athdhíola iomaitheoirí;
- (f) Bagairtí, imeaglú, rabhaidh, pionóis, moill a chur ar sheachadtaí nó iad a chur ar fionraí nó conarthaí a fhoirceannadh i ndáil le leibhéal praghsanna áirithe a urramú.

(188) Foráiltear le hAirteagal 4, pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720 nach srian crua-lárnach é an forchur ag an soláthróir ar uasphraghas athdhíola ná moladh i leith praghais athdhíola. Mar sin féin, má chomhcheanglaíonn an soláthróir praghas uasta den sórt sin, nó moladh den sórt sin maidir le praghas athdhíola, le dreasachtaí chun leibhéal praghsanna áirithe nó dídhreasachtaí a chur i bhfeidhm chun an praghas díola a íslíú, féadfaidh sé gurb ionann é sin agus RPM. B'amhlaidh a bheadh, mar shampla, i gcás ina n-aisíocann an soláthróir costais fógraíochta arna dtabhú ag an gceannaitheoir faoi réir an choinníll nach n-imíonn an ceannaitheoir ón uasphraghas athdhíola nó ón bpraghas athdhíola atá molta. Sampla de dhídhreasacht chun an praghas díola a íslíú is ea an cás ina bhfuil an soláthróir ag bagairt ar sholáthairtí a laghdú tuilleadh mar fhreagairt ar dhialadh an cheannaitheora ón bpraghas athdhíola uasta nó ón bpraghas athdhíola molta.

<sup>(103)</sup> Ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir RPM a nascadh le srianta eile, lena n-áirítear claonpháirteachas cothrománach i bhfoirm socruithe mol agus saincheaptha, a dtugtar aghaidh orthu i mír 55 de na Treoirínte Cothrománacha. Tugtar aghaidh orthu sin i mír 55 de na Treoirínte Cothrománacha.

<sup>(104)</sup> Féach, mar shampla, Cinnítí an Choimisiúin in AT.40428 - *Guess*, míreanna 84, 86, agus 137.

- (189) Cé go bhfágann MAPanna, i bprionsabal, an dáileoir saor in aisce a dhíol ar phraghas atá níos ísle ná an praghas a fógraíodh, tá sé mar aidhm acu tionchar a imirt ar an bpraghas athdhiola trí shrian a chur leis an bhféidearthacht go gcuirfeadh an dáileoir custaiméirí ionchasacha ar an eolas faoi lascaíní atá ar fáil. Tá príomhpharaiméadar maidir le hiomaíocht praghsanna idir miondíoltóirí bainte dá réir. Chun críocha Airteagal 4, pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720 a chur i bhfeidhm, dá bhrí sin, caithfear le MAPanna mar mhodh indíreach chun RPM a bhaint amach.
- (190) Is féidir modhanna díreacha nó indíreacha, chun socrú praghsanna a bhaint amach, a dhéanamh níos éifeachtaí nuair a chomhcheanglaítear iad le bearta arb é is aidhm dóibh dáileoirí a ghearrann praghsanna a shainithint, amhail córas faireacháin ar phraghsanna a chur chun feidhme, nó an oibleagáid ar mhiondíoltóirí tuairisc a thabhairt ar chomhaltaí eile an líonra dáileacháin más rud é go n-imíonn siad ón leibhéal praghsanna caighdeánach.
- (191) Tá méadú ag teacht ar a mhínic a úsáidtear faireachán ar phraghsanna sa ríomhthráchtáil i gcás ina n-úsáidfidh idir mhonaróirí agus mhiondíoltóirí bogearraí sonracha um fhaireachán ar phraghsanna <sup>(105)</sup>. Méadaíonn na bogearraí sin trédhearcacht praghsanna sa mhargadh agus cuireann siad ar chumas monaróirí na praghsanna athdhiola a rianú go héifeachtach ina ngréasán dáileacháin <sup>(106)</sup>. Ligeann sé freisin do mhiondíoltóirí praghsanna a n-iomaitheoirí a rianú. Mar sin féin, ní dhéanann monatóireacht ar phraghsanna ná tuairisciú praghsanna RPM.
- (192) I gcás comhaontuithe gníomhaireachta, bunaíonn an príomhaí an praghas díola de ghnáth, toisc gurb é a iompraíonn na rioscaí tráchtála agus airgeadais a bhaineann leis an díolachán. Más rud é, áfach, nach gcomhlíonann an comhaontú na coinníollacha a bheidh le haicmiú mar chomhaontú gníomhaireachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh (féach go háirithe míreanna (30) go (34) de na Treoirlínte seo), is diansrian de réir bhrí Airteagal 4, pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720 <sup>(107)</sup> é aon oibleagáid dhíreach nó indíreach lena gcoisctear nó lena sriantar an gníomhaire a luach saothair a chomhroinnt leis an gcustaiméir, is cuma an bhfuil an luach saothair socraithe nó athraitheach. Is ceart don ghníomhaire, dá bhrí sin, a bheith saor chun an praghas éifeachtach a íocann an custaiméir a laghdú gan an t-ioncam atá dlite leis an bpríomhaí a laghdú <sup>(108)</sup>.
- (193) Faoi chonradh comhlíonta, déanann an soláthraí comhaontú ceartingearach le ceannaitheoir chun críche comhaontú soláthair a fhorghníomhú (comhlíonadh) a tugadh i gcrích roimhe sin idir an soláthraí agus an custaiméir sonracha. I gcás ina roghnaíonn an soláthraí an gnóthas a chuirfidh na seirbhísí comhlíonta ar fáil, ní RPM a fhorchuireann an soláthraí praghas athdhiola. Sa chás sin, ní chuireann an praghas athdhiola seasta srian ar iomaíocht le haghaidh sholáthar na n-earraí nó na seirbhísí don chustaiméir deiridh ná ar iomaíocht chun na seirbhísí comhlíonta a sholáthar. Mar shampla, bíonn feidhm aige sin i gcás ina gceannaíonn custaiméirí earraí ó ghnóthas atá gníomhach i ngeilleagar na n-ardán ar líne atá á oibriú ag grúpa miondíoltóirí neamhspleácha faoi bhranda coiteann agus go socraíonn an gnóthas sin an praghas do dhíol na n-earraí agus go seolann siad orduithe ar aghaidh chuig na miondíoltóirí lena gcomhlíonadh <sup>(109)</sup>. Os a choinne sin, i gcás ina roghnaítear an gnóthas a chuirfidh na seirbhísí comhlíonta ar fáil ag an gcustaiméir, d'fhéadfadh forchur praghsais athdhiola ag an soláthraí srian a chur le hiomaíocht chun na seirbhísí comhlíonta a sholáthar. Sa chás sin, d'fhéadfadh gurb ionann forchur praghsais athdhiola agus RPM.
- (194) Is infheidhme go hiomlán Airteagal 4(a) de Rialachán (AE) 2022/720 i ngeilleagar na n-ardán ar líne. Go háirithe, i gcás ina soláthraíonn gnóthas seirbhísí idirmheánaithe ar líne de réir bhrí Airteagal 1(1), pointe (e) den Rialachán, is soláthraí é i ndáil leis na seirbhísí sin agus, dá bhrí sin, tá feidhm ag Airteagal 4, pointe (a) den Rialachán maidir le srianta arna bhforchur ag an ngnóthas ar cheannaitheoirí na seirbhísí idirmheánaithe ar líne a bhaineann le praghas díola earraí nó seirbhísí a dhíoltar trí na seirbhísí idirghabhála ar líne. Cé nach gcuireann

<sup>(105)</sup> Féach an Tuarascáil Deiridh ar Fhiosrúchán Earnála R-thráchtála, míreanna 602 go 603.

<sup>(106)</sup> Féach Cinntí an Choimisiúin in AT.40182 *Pioneer*, míreanna 136 agus 155; AT.40469 - *Denon & Marantz*, mír 95; AT.40181 - *Philips*, mír 64; AT.40465 - *Asus*, mír 27.

<sup>(107)</sup> Ní srianta crua de réir bhrí Airteagal 4, pointe (a) den Rialachán iad srianta ar chumas soláthraithe seirbhísí idirmheánaithe ar líne de réir bhrí Airteagal 1(1), pointe (e) den Rialachán a luach saothair a bhaineann le soláthar na seirbhísí idirghabhála ar líne a chomhroinnt, toisc nach gcuireann siad srian ar chumas an cheannaitheora a phraghas díola a chinneadh. Féach freisin míreanna (64) go (67) na Treoirlínte seo, go háirithe mír (67), pointe (a).

<sup>(108)</sup> Féach, mar shampla, Cinneadh ón gCoimisiún i gCás Uimh. IV/32.737 *Eirpage*, go háirithe mír 6.

<sup>(109)</sup> Tá an treoir seo gan dochar don mheasúnú ar na comhaontuithe cothrománacha idir na miondíoltóirí a bhunaigh agus a fheidhmíonn samhail chomhlíonta den chineál sin faoi Airteagal 101 den Chonradh, agus an treoir a thugtar sna Treoirlínte Cothrománacha á cur san áireamh.

sé sin cosc ar sholáthraí seirbhísí idirghabhála ar líne úsáideoirí na seirbhísí a dhreasú chun a n-earraí nó a seirbhísí a dhíol ar phraghas iomaíoch nó chun a bpraghsanna a laghdú, is diansrian de réir bhrí Airteagal 4, pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720 é an soláthraí seirbhísí idirmheánaithe ar líne do ghearradh praghsanna díola seasta nó íosta le haghaidh na n-idirbheart a dhéanann sé idirmheánach.

- (195) D'eagraigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh roinnt uaireanta go gcuireann RPM srian ar iomaíocht le hagóid de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh <sup>(110)</sup>. Mar sin féin, mar atá luaite i míreanna (179) go (181) de na Treoirlínte seo, ní chiallaíonn teorannú a bheith cáilithe mar shrian crua nó mar shrian trí oibiachtaí gur sárú *per se* ar Airteagal 101 den Chonradh é. I gcás ina measfaidh gnóthais go bhfuil RPM ag cur le héifeachtúlacht i gcás aonair, féadfaidh siad brath ar bhonn cirt éifeachtúlachta faoi Airteagal 101(3) den Chonradh.
- (196) Féadfaidh RPM srian a chur ar an gcomórtas in-bhranda agus/nó idir-bhranda ar bhealaí éagsúla:
- (a) Féadfaidh RPM claonpháirteachas idir soláthraithe a éascú, trí thrédhearcacht na bpraghsanna sa mhargadh a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin é a dhéanamh níos éasca a bhrath an bhfuil soláthróir ag imeacht ón gothromaíocht chlaonpháirteach trína phraghas a ghearradh; Féadfar an claonpháirteachas idir soláthróirí a éascú le RPM, go sonrach i margáí inar mó an seans go dtiocfaidh torthaí claonpháirteacha chun cinn, mar shampla, i gcás ina ndéanfaidh soláthróirí dlúthholagaplacht agus ina gcumhdófar cuid shuntasach den mhargadh le comhaontuithe RPM.
  - (b) Féadfaidh RPM claonpháirteachas idir ceannaitheoirí a éascú ar leibhéal an dáileacháin, go háirithe i gcás inarb iad na ceannaitheoirí a thiomáineann é. Féadfaidh ceannaitheoirí ar ceannaitheoirí láidre nó deaeagraithe iad brú a chur ar sholáthróirí amháin nó níos mó dá gcuid, nó a chur ina luí air nó orthu, a phraghas nó a bpraghas athdhíola a shocrú os cionn an leibhéil iomaíoch, rud lena bhfágfar go gcuidear leis na ceannaitheoirí cothromaíocht chlaonpháirteach a shroicheadh nó a chobhsú. Feidhmíonn RPM mar ghairreas gealltanais le haghaidh miondíoltóirí nach n-imeoidh siad ón gothromaíocht chlaonpháirteach trí phraghsanna a lascainí.
  - (c) i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh RPM iomaíocht idir monaróirí agus/nó idir miondíoltóirí a mhaolú freisin, go háirithe nuair a bhaineann monaróirí úsáid as na dáileoirí céanna chun a gcuid táirgí a dháileadh agus cuireann siad go léir nó cuid mhór díobh RPM i bhfeidhm;
  - (d) Féadfar an brú ar chorrach an tsoláthóra a laghdú le RPM, go háirithe i gcás ina mbeidh fadhb maidir le gealltanais ag an monaróir, is é sin, i gcás ina mbeidh leas aige in íslíú ar an bpraghas a mhuirearaítear ar dháileoirí dá éis sin. I gcás den sórt sin, féadfaidh sé gurb fhearr leis an monaróir aontú le RPM, chun go gcuideofar leis gealltanais a thabhairt gan an praghas a íslíú le haghaidh dáileoirí dá éis sin agus chun an brú ar a chorrach féin a laghdú.
  - (e) Trí iomaíocht praghsanna idir dáileoirí a sheachaint, féadfaidh RPM cosc nó bac a chur ar iontráil agus ar leathadh formáidí dáileacháin níos éifeachtúla nó formáidí nua den sórt sin, rud lena laghdófar an nuálaíocht ar an leibhéal dáileacháin dá bhrí sin.
  - (f) Féadfaidh soláthróir RPM a chur chun feidhme ar soláthróir é ag a bhfuil cumhacht mhargaidh chun iomaitheoirí níos lú a fhoriamh. Féadfaidh an corrlach méadaithe lena bhféadfaidh RPM a thairiscint do dháileoirí chun iad a mhealladh tús áite a thabhairt do bhranda an tsoláthóra seachas brandaí iomaíocha agus an dáileoir ag tabhairt comhairle do chustaiméirí, fiú i gcás nach mbeidh comhairle den sórt sin chun leasa na gcustaiméirí sin, nó dáileoirí a mhealladh gan na brandaí iomaíocha sin a dhíol ar chor ar bith.
  - (g) Is é éifeacht dhíreach RPM deireadh a chur leis an iomaíocht aonbhranda trí chosc a chur ar gach dáileoir nó ar dháileoirí áirithe a bpraghas díola a íslíú le haghaidh an bhranda lena mbaineann, rud as a dtagann méadú ar an bpraghas le haghaidh an bhranda sin, dá bhrí sin.
- (197) Mar sin féin, féadfaidh éifeachtúlachtaí eascairt as RPM freisin, go háirithe i gcás inar soláthróirí atá á spreagadh. I gcás ina mbíonn gnóthais ag brath ar chosaint éifeachtúlachta le haghaidh RPM, ní mór dóibh a bheith in ann bunús a thabhairt leis sin le fianaise nithiúil agus a léiriú go gcomhlíontar coinníollacha uile Airteagal 101(3) sa chás ar leith <sup>(111)</sup>. Tá ceithre shampla d'éifeachtúlachtaí den sórt sin leagtha amach thíos.
- (a) Nuair a thugann monaróir táirge nua isteach, d'fhéadfadh sé gur modh éifeachtach é RPM chun dáileoirí a spreagadh chun leas an mhonaróra i gcur chun cinn an táirge sin a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Ceanglaítear le hAirteagal 101(3) den Chonradh freisin nach mbeidh aon mhodhanna malartacha réadúla agus nach bhfuil chomh sriantach céanna chun dáileoirí a dhreasú chun an táirge a chur chun cinn. Chun an ceanglas sin a chomhlíonadh, féadfaidh soláthróirí, mar shampla, a léiriú nach bhfuil sé indéanta sa

<sup>(110)</sup> Féach breithiúnais an 3 Iúil 1985, *Binon v AMP*, C-243/83, EU:C:1985:284, mír 44; 1 Deireadh Fómhair 1987, *VVR v Sociale Dienst van de Plaatselijke en Gewestelijke Overheidsdiensten*, C-311/85, AE:C:1987:418, mír 17; 19 Aibreán 1988, *Erauw-Jacquery v La Hesbignonne*, C-27/87, EU:C:1988:183, mír 15.

<sup>(111)</sup> De bhun Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, tá sé de dhuilgias ar an ngnóthas a éilíonn tairbhe Airteagal 101(3) den Chonradh a chruthú go bhfuil coinníollacha na míre sin den Chonradh á gcomhlíonadh.

chleachtas ceanglais éifeachtacha um chur chun cinn a fhorchur ar na ceannaitheoirí uile le conradh. In imthosca den sórt sin, féadfar a mheas gur ar mhaithe leis an iomaíocht atá sé, tríd is tríd, praghsanna miondíola seasta nó íosta a fhorchur ar feadh tréimhse theoranta chun tabhairt isteach táirge nua a éascú.

- (b) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le praghsanna athdhíola seasta, agus ní hamháin na huasphraghsanna athdhíola, chun feachtas comhordaithe gearrthéarma le haghaidh praghsanna ísle a eagrú (2 go 6 seachtaine i bhformhór na gcásanna), rud a rachaidh chun tairbhe na dtomhaltóirí freisin. Toisc gur forchur sealadach atá ann, féadfar a mheas gur ar mhaithe leis an iomaíocht atá sé, tríd is tríd, praghsanna miondíola seasta a fhorchur.
- (c) Is féidir íospthagas athdhíola nó MAP a úsáid chun cosc a chur ar dháileoir táirge an tsoláthróra a úsáid mar cheannaire cailteanais. I gcás ina n-athdhíolann dáileoir táirge go rialta faoi bhun an phraghais mórdhíola, is féidir leis sin damáiste a dhéanamh don íomhá branda an táirge agus, le himeacht ama, an t-éileamh foriomlán ar an táirge a laghdú agus an bonn a bhaint de dhreasachtaí an tsoláthraí infheistíocht a dhéanamh i gcáilíocht agus in íomhá branda. Dá bhrí sin, dá gcuirfí cosc ar dháileoir ar leith díol faoi bhun an chostais trí íospthagas athdhíola spriocdhírthe a fhorchur air nó d'fhéadfaí féachaint ar Phlean Ilbhliantúil (MAP) ar bhonn cothromaíochta ar son na hiomaíochta.
- (d) I roinnt cásanna, féadfaidh an corrlach breise a sholáthraítear le RPM ligean do mhiondíoltóirí seirbhísí réamhdhíola (breise) a sholáthar, go háirithe i gcás táirgí eispéiris nó táirgí casta. Má bhaineann go leor custaiméirí leas as na seirbhísí sin chun a rogha a dhéanamh, ach má dhéanann siad an ceannachán ar phraghas níos ísle dá éis sin le miondíoltóirí nach soláthraíonn na seirbhísí sin (agus nach dtabhaíonn na costais sin dá bhrí sin), féadfaidh miondíoltóirí ardseirbhíse na seirbhísí sin a laghdú nó deireadh a chur leo ar seirbhísí iad lena bhfeabhsáitear an t-éileamh ar tháirge an tsoláthróra. Ní mór don soláthróir a léiriú go bhfuil riosca ann saorshochraide ar leibhéal an dáileacháin, go gcuirtear dóthain dreasachtaí ar fáil le haghaidh infheistíochtaí i seirbhísí réamhdhíola ar phraghsanna seasta nó ar phraghsanna athléasta íosta agus nach bhfuil aon bhealach réadúil agus sriantach eile ann chun an ceann is fearr a fháil ar shaorshreabhadh den sórt sin. Sa chás sin, is dócha go suífear go bhfuil RPM ar mhaithe leis an iomaíocht nuair a bhíonn an iomaíocht idir soláthróirí iontach gear agus cumhacht mhargaidh theoranta ag an soláthróir.
- (198) Féadfaidh úsáid praghsanna athdhíola molta nó uasphraghsanna athdhíola tairbhe a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720 ar choinníoll nach sáraíonn sciar an mhargaidh atá ag gach páirtí sa chomhaontú an tairseach 30 % agus ar choinníoll nach ionann é sin agus íospthagas díola nó praghas seasta díola a fhorchur mar thoradh ar bhrú nó ar dhreasachtaí ó aon cheann de na páirtithe, mar a leagtar amach i míreanna (187) agus (188). Soláthraíonn míreanna (199) go (201) treoir chun measúnú a dhéanamh ar na praghsanna athdhíola atá molta nó uasta atá os cionn thairseach sciar an mhargaidh.
- (199) Is iad na rioscaí don iomaíocht a bhaineann le praghsanna athdhíola atá molta agus na huasphraghsanna athdhíola, ar an gcéad dul síos, go bhféadfaidh siad gníomhú mar phointe fócasach d'athdhíoltóirí agus go bhféadfaidh formhór na n-athdhíoltóirí nó iad uile a leanúint. Ar an dara dul síos, féadfaidh siad iomaíocht a laghdú nó claonpháirteachas idir soláthróirí a éascú.
- (200) Toisc thábhachtach maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí frithiomaíochta féideartha a bhaineann le praghsanna athdhíola molta nó uasta is ea staid mhargaidh an tsoláthróra. Dá láidre seasamh an tsoláthróra sa mhargadh, dá airde an riosca go gcuirfidh na hathdhíoltóirí an leibhéal praghsanna sin i bhfeidhm níos mó nó níos lú de réir praghas athdhíola atá molta nó uasta athdhíola, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair orthu imeacht ón bpraghas athdhíola is fearr a mholann soláthróir tábhachtach den sórt sin.
- (201) I gcás ina mbíonn éifeachtaí suntasacha frithiomaíochta ag praghsanna athdhíola nó ag na praghsanna uasta athdhíola atá molta, is gá a mheas an gcomhlíonann siad coinníollacha na heisceachta dá bhforáiltear in Airteagal 101(3) den Chonradh. I gcás praghsanna athdhíola uasta, féadfaidh sé a bheith ábhartha go háirithe go ndéanfar "corrlaigh dhúbailte" <sup>(112)</sup> a sheachaint. D'fhéadfadh uasphraghas athdhíola cabhrú lena áirithiú go rachaidh branda an tsoláthróra in iomaíocht níos fíochúla le brandaí eile a dháileann an dáileoir céanna, lena n-áirítear táirgí lipéid phríobháidigh.

<sup>(112)</sup> Féach míreanna (13) agus (16) maidir leis seo.

6.1.2. Cruashrianta de bhun Airteagal 4, pointí (b), (c), (d) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/720

6.1.2.1. Cáiliú mar chruashrian de bhun Airteagal 4, pointí (b), (c), (d) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/720

(202) In Airteagal 4, pointí (b), (c) agus (d) de Rialachán (AE) 2022/720 tá liosta de na srianta crua agus na heisceachtaí a bhfuil feidhm acu maidir le cineálacha éagsúla córas dáileacháin: dáileadh eisiach, dáileadh roghnaitheach nó dáileadh saor in aisce. Baineann na srianta crua a leagtar amach in Airteagal 4, pointí (b), (c)(i) agus (d) de Rialachán (AE) 2022/720 le comhaontuithe a bhfuil sé mar chuspóir acu, go díreach nó go hindíreach, ina n-aonar nó in éineacht le tosca eile arna rialú ag na páirtithe, an chríoch a shrianadh nó na custaiméirí a bhféadfaidh an ceannaitheoir nó a chustaiméirí earraí nó seirbhísí an chonartha a dhíol léi. Foráiltear le hAirteagal 4, pointí (c)(ii) agus (iii) de Rialachán (AE) 2022/720, i gcóras dáileacháin roghnaitheach, gur cruashrianta iad cros-soláthairtí a shrianadh idir comhaltaí an chórais dáileacháin roghnaitheach atá ag oibriú ar na leibhéil trádála chéanna nó ar leibhéil thrádála dhifriúla mar aon le srian ar dhíolacháin ghníomhacha nó éighníomhacha le húsáideoirí deiridh a dhéanann comhaltaí an chórais dáileacháin roghnaitheach atá ag oibriú ar leibhéal miondíola na trádála. Tá feidhm ag Airteagal 4, pointí (b), (c) agus (d) den Rialachán beag beann ar an gcainéal díolacháin a úsáidtear, mar shampla, cibé acu a dhéantar díolacháin as líne nó ar líne.

(203) Foráiltear le hAirteagal 4, pointe (e) de Rialachán (AE) 2022/720 gur srian crua-lárnach é comhaontú ceartingearach, go díreach nó go hindíreach, ina aonar nó in éineacht le tosca eile atá á rialú ag na páirtithe, cosc a chur ar an gceannaitheoir nó ar a chustaiméirí an t-idirlíon a úsáid go héifeachtach chun earraí nó seirbhísí an chonartha a dhíol le críocha nó le grúpaí custaiméirí ar leith. Comhaontú ingearach ina bhfuil srian amháin nó níos mó ar dhíolacháin ar líne nó ar fhógraíocht ar líne<sup>(113)</sup> agus lena gcuirtear toirmeasc *de facto* ar an gceannaitheoir an t-idirlíon a úsáid chun earraí nó seirbhísí an chonartha a dhíol, tá sé de chuspóir aige, ar a laghad, díolacháin éighníomhacha a shrianadh d'úsáideoirí deiridh ar mian leo iad a cheannach ar líne agus atá lonnaithe lasmuigh de limistéar trádála físiúla an cheannaitheora<sup>(114)</sup>. Dá bhrí sin, tagann comhaontuithe den sórt sin faoi raon feidhme Airteagal 4, pointe (e) de Rialachán (AE) 2022/720. Is amhlaidh atá i gcás comhaontuithe ingearacha nach gcuireann cosc díreach ar cheannaitheoir úsáid éifeachtach an idirlín a chosc chun earraí nó seirbhísí conartha a dhíol le críocha nó le grúpaí custaiméirí ar leith. Mar shampla, is amhlaidh atá i gcás comhaontuithe ingearacha a bhfuil sé mar aidhm leo laghdú suntasach a dhéanamh ar mhéid comhiomlán dhíolacháin na n-earraí nó na seirbhísí conartha ar líne nó an fhéidearthacht atá ag úsáideoirí deiridh earraí nó seirbhísí an chonartha a cheannach ar líne. Ar an gcaoi chéanna, is amhlaidh atá i gcás comhaontuithe ingearacha a bhfuil sé de chuspóir acu cosc ginearálta a chur ar an gceannaitheoir úsáid a bhaint as cainéal fógraíochta iomlán amháin nó níos mó ar líne, amháin innill chuardaigh<sup>(115)</sup> nó seirbhísí comparáide praghsanna, nó cosc a chur ar an gceannaitheoir a stór ar líne féin a bhunú nó a úsáid<sup>(116)</sup>. Srian a chatagóiriú mar shrian docht de réir bhrí Airteagal 4, pointe (e), is rud é lena bhféadfar inneachar agus comhthéacs an tsriain a chur san áireamh, ach níor cheart go mbraithfeadh sé ar imthosca a bhaineann go sonrach leis an margadh ná ar imthosca aonair na páirtithe.

(204) Féadfaidh na srianta crua i gcomhaontú ingearach dá dtagraítear i mír (202) de na Treoirí seo teacht as oibleagáidí díreacha, amháin an oibleagáid gan díol le custaiméirí áirithe nó le grúpaí custaiméirí, nó le custaiméirí i gcríocha áirithe, nó an oibleagáid orduithe ó chustaiméirí den sórt sin a tharchur chuig dáileoirí eile. Féadfaidh siad a bheith mar thoradh freisin ar bhearta indíreacha arb é is aidhm dóibh an ceannaitheoir a spreagadh gan díol leis na custaiméirí sin, amháin:

- (a) ceangal a chur ar an gceannaitheoir formheas an tsoláthróra a iarraidh roimh ré le haghaidh díolacháin leis na custaiméirí sin<sup>(117)</sup>;
- (b) diúltú nó laghdú a dhéanamh ar bhónais nó lascainí má dhíolann an ceannaitheoir leis na custaiméirí sin<sup>(118)</sup> nó má dhéanann sé fócaíochtaí cúitimh leis an gceannaitheoir má stopann sé de bheith ag díol leis na custaiméirí sin;
- (c) soláthar táirgí a fhoirceannadh má dhíolann an ceannaitheoir leis na custaiméirí sin;

<sup>(113)</sup> Féach freisin míreanna (204), (206) agus (210) a bhaineann le cineálacha éagsúla díolacháin ar líne agus srianta fógraíochta ar líne.

<sup>(114)</sup> Féach freisin Cás C-439/09 – *Pierre Fabre Dermo-Cosmétique*, mír 54.

<sup>(115)</sup> Féach freisin an Cinneadh ón gCoimisiún in AT. 40428 – *Guess*, aithrisí 118 go 126.

<sup>(116)</sup> Féach Cás C-439/09 – *Pierre Fabre Dermo-Cosmétique*, míreanna 56 agus 57, agus mír (224) de na Treoirí seo.

<sup>(117)</sup> Féach, mar shampla, Cás T-77/92 – *Parker Pen v An Coimisiún*, mír 37.

<sup>(118)</sup> Féach, mar shampla, breithiúnas an 9 Iúil 2009, *Peugeot agus Peugeot Nederland v An Coimisiún*, Cás T-450/05, EU:T:2009:262, mír 47.

- (d) na méideanna arna soláthar a theorannú nó a laghdú, mar shampla, ionas go bhfreagróidh na méideanna don éileamh ó chustaiméirí i gcríocha áirithe nó don éileamh ó ghrúpaí custaiméirí áirithe;
- (e) bagairt a dhéanamh an comhaontú ingearach <sup>(119)</sup> a fhoirceannadh nó gan é a athnuachan má dhíolann an ceannaitheoir leis na custaiméirí sin;
- (f) praghas níos airde a ghearradh ar an dáileoir as táirgí a dhíolfar leis na custaiméirí sin <sup>(120)</sup>;
- (g) teorainn a chur leis an gcion de dhíolachán a rinne an ceannaitheoir leis na custaiméirí sin;
- (h) cosc a chur ar an gceannaitheoir teangacha breise a úsáid ar phacáistíocht nó ar chur chun cinn na dtáirgí <sup>(121)</sup>;
- (i) táirge eile a sholáthar i gcomaoin ar an gceannaitheoir stop a chur lena dhíol leis na custaiméirí sin;
- (j) an ceannaitheoir a íoc chun scor de bheith ag díol leis na custaiméirí sin;
- (k) an oibleagáid maidir le brabúis ó dhíolacháin den sórt sin a thabhairt ar aghaidh chuig an soláthróir <sup>(122)</sup>.
(253) Baineann an ceathrú heisceacht ón mblocdhíolúine, a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (d) de Rialachán (AE) 2022/720, le hoibleagáidí maidir le paireacht mhiondíola a fhorchuireann soláthróirí seirbhísí idirghabhála ar líne a bhfuil mar thoradh orthu nach ndéanann ceannaitheoir na seirbhísí sin earraí ná seirbhísí a thairiscint d'úsáideoirí deiridh, ná a dhíol ná a athdhíol leo, faoi choinníollacha níos fabhraí ag úsáid seirbhísí iomaíocha idirghabhála ar líne. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh na coinníollacha le praghsanna, fardal, infhaighteacht nó aon téarma nó coinníoll eile ó thaobh tairisceana nó díola de. Féadfaidh an oibleagáid phaireachta miondíola a bheith mar thoradh ar chlásal conarthach nó ar bhearta díreacha nó indíreacha eile, lena n-áirítear úsáid a bhaint as praghsáil dhifreálach nó as dreasachtaí a bhfuil a gcur i bhfeidhm ag brath ar na coinníollacha faoina dtairgeann ceannaitheoir na seirbhísí idirghabhála ar líne earraí nó seirbhísí d'úsáideoirí deiridh trí sheirbhísí idirghabhála iomaíocha ar líne. Mar shampla, i gcás ina ndéanann an soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne infheictheacht níos fearr d'earraí nó seirbhísí an cheannaitheora ar shuíomh gréasáin an tsoláthraí nó ráta coimisiúin níos ísle a chur i bhfeidhm atá ag brath ar an gceannaitheoir a dheonaíonn dó cothrom na gcoinníollacha a bhaineann le soláthraithe seirbhísí den sórt sin atá in iomaíocht lena chéile, is ionann sin agus oibleagáid maidir le paireacht mhiondíola trasna ardáin.

(254) Is féidir le gach cineál eile oibleagáide paireachta leas a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720. Áirítear leis sin, mar shampla:

- (a) oibleagáidí paireachta miondíola a bhaineann le bealaí díolacháin dhíreacha ceannaitheoirí seirbhísí idirghabhála ar líne (clásail phaireacht mhiondíola “caol” mar a thugtar orthu);
- (b) oibleagáidí paireachta a bhaineann leis na coinníollacha faoina ndéantar earraí nó seirbhísí a thairiscint do ghnóthais nach úsáideoirí deiridh iad;
- (c) oibleagáidí cothromaíochta a bhaineann leis na coinníollacha faoina gceannaíonn monaróirí, mórdhíoltóirí nó miondíoltóirí earraí nó seirbhísí mar ionchur (oibleagáidí custaiméara barrfhabhair).

(255) Cuirtear treoir ar fáil i Roinn 8.2.5. de na Treoirí seo maidir le measúnú a dhéanamh ar oibleagáidí comhionannais i gcásanna aonair nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 iontu.

## 7. TARRAINGT SIAR AGUS DÍFHEIDHMIÚ

### 7.1. **Tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a aistarraingt**

(256) Féadfaidh an Coimisiún tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar de bhun Airteagal 29(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, má chinneann sé, i gcás ar leith, go bhfuil éifeachtaí áirithe ag comhaontú ingearach a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir leis, nach luíonn le hAirteagal 101 den Chonradh. Thairis sin, más rud é, i gcás áirithe, mar a luaitear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2022/720, go bhfuil éifeachtaí ag comhaontú ingearach atá ar neamhréir le hAirteagal 101(3) den Chonradh i gcríoch Bhallstáit, nó i gcuid dí sin, a mbaineann saintréithe uile margaidh gheografaigh ar leith léi, féadfaidh údarás iomaíochta náisiúnta an

Bhallstáit sin tairbhe de Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar freisin, de bhun Airteagal 29(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003. Ní luaitear cúirteanna na mBallstát in Airteagal 29 de Rialachán 1/2003, agus dá bhrí sin níl aon chumhacht acu tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar <sup>(150)</sup>, murab údarás iomaíochta ainmnithe de Bhallstát é an chúirt lena mbaineann de bhun Airteagal 35 de Rialachán 1/2003.

- (257) Féadfaidh an Coimisiún agus na húdaráis iomaíochta náisiúnta tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar in dhá chás. Ar an gcéad dul síos, féadfaidh siad tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar más rud é go bhfuil ag comhaontú ingearach a thagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh leis féin éifeachtaí ar an margadh ábhartha atá ar neamhréir le hAirteagal 101(3) den Chonradh. Ar an dara dul síos, mar a thagraítear dó in aithris 20 de Rialachán (AE) 2022/720, féadfaidh siad tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar freisin más rud é go bhfuil na héifeachtaí sin ag an gcomhaontú ingearach in éineacht le comhaontuithe comhchosúla a rinne soláthróirí nó ceannaitheoirí iomaíocha. Is amhlaidh sin mar d'fhéadfadh éifeachtaí carnacha a bheith ag líonraí comhthreomhara comhaontuithe ingearacha comhchosúla atá ar neamhréir le hAirteagal 101(3) den Chonradh. Is samplaí iad an srian ar rochtain ar an margadh ábhartha agus an srian ar an iomaíocht ann d'éifeachtaí carnacha den sórt sin lena féidir údar a thabhairt le tarraingt siar thairbhe Rialachán (AE) 2022/720 <sup>(151)</sup>.
- (258) Measfar líonraí comhthreomhara comhaontuithe ingearacha de bheith comhchosúil más rud é go bhfuil an cineál céanna srianta iontu lena gcruthaítear éifeachtaí comhchosúla ar an margadh. D'fhéadfadh éifeachtaí carnacha den sórt sin teacht chun cinn, mar shampla, i gcás dáileadh roghnaíoch, as oibleagáidí paireachta nó as oibleagáidí neamh-chomhlíontacha.
- (259) Maidir le hoibleagáidí paireachta miondíola a bhaineann le bealaí díolacháin dhíreacha (oibleagáidí paireacht miondíola caol), foráiltear le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/720 gur féidir an Rialachán a tharraingt siar de bhun Airteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, go háirithe i gcás ina bhfuil an margadh ábhartha chun seirbhísí idirghabhála ar líne a sholáthar thar a bheith comhchruinnithe agus ina bhfuil iomaíocht idir soláthraithe seirbhísí den sórt sin srianta ag éifeacht charnach líonraí comhthreomhara de chomhaontuithe comhchosúla lena gcuirtear srian ar cheannaitheoirí na seirbhísí idirghabhála ar líne ó earraí nó seirbhísí a thairiscint, a dhíol nó a athdhíol le húsáideoirí deiridh faoi choinníollacha níos fabhraí ar a ndíolacháin dhíreacha. Tugtar tuilleadh treorach maidir leis an gcás sin i roinn 8.2.5.2.
- (260) Maidir le dáileadh roghnaitheach, d'fhéadfadh cás de líonraí comhthreomhara atá comhchosúil a ndóthain a bheith ann dá ndéanfadh, ar mhargadh ar leith, soláthróirí ábhartha dáileadh roghnaitheach iomlán cáilíochtúil a chur i bhfeidhm agus dá ndéanfadh soláthróirí eile dáileadh roghnaitheach cainníochtúil a chur i bhfeidhm, le héifeachtaí comhchosúla ar an margadh. D'fhéadfadh éifeachtaí carnacha den sórt sin teacht chun cinn freisin i gcás, ar mhargadh ar leith, ina n-úsáideann líonraí dáileacháin roghnaitheacha critéir cháilíochtúla lena ndéantar dáileoirí a fhoriáimh. Sna himthosca sin, ní mór na héifeachtaí frithiomaíocha is inchurtha i leith gach líonra aonair comhaontuithe a chur san áireamh sa mheasúnú. I gcás inarb iomchuí, féadfar tarraingt siar thairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a theorannú do chritéir cháilíochtúla ar leith nó do chritéir chainníochtúla ar leith, rud a chuireann teorainn, mar shampla, leis an líon dáileoirí údraithe.
- (261) Ní féidir an fhreagracht as éifeacht charnach fhrithiomaíoch a chur i leith na ngnóthas sin a rannchuidíonn léi ar bhealach suntasach. Ní thagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh comhaontuithe a dhéanann gnóthais a rannchuidíonn leis an éifeacht charnach ar bhealach neamhshuntasach <sup>(152)</sup>. Dá bhrí sin, níl siad faoi réir an tsásra tarraingthe siar <sup>(153)</sup>.

<sup>(150)</sup> Ní fhéadfaidh cúirteanna na mBallstát raon feidhme Rialachán (AE) 2022/720 a mhodhnú ach an oiread, trína raon feidhme a leathnú chuig comhaontuithe nach gcuimhdáitear le Rialachán (AE) 2022/720. Bheadh tionchar ag aon leathnú den sórt sin, is cuma cén raon feidhme atá aige, ar an mbealach ina bhfeidhmíonn an Coimisiún a inniúlacht reachtach (breithiúnas 28 Febrúary 1991, *Stergios Delimitis v Henninger Bräu AG*, C-234/89, EU:C:1991:91, mír 46 (“Cás C-234/89 - *Delimitis*” anseo feasta).

<sup>(151)</sup> Mar sin féin, ní dócha gurb ann d'éifeacht foriáimh charnach más rud é go gcuimhdáitear leis na líonraí comhthreomhara comhaontuithe ingearacha níos lú ná 30 % den mhargadh ábhartha, féach Fógra De Minimis, mír 10.

<sup>(152)</sup> Maidir le soláthróirí nó dáileoirí aonair ag a bhfuil siar nach mó ná 5 % den mhargadh, ní mheastar tríd is tríd go gcuireann siad go suntasach le héifeacht foriáimh charnach, féach an Fógra De Minimis, mír 10; agus an breithiúnas i gCás C-234/89 *Delimitis v Henninger Bräu*, míreanna 24 go 27.

<sup>(153)</sup> Déanfar an rannchuidiú sin a mheasúnú i gcomhréir leis an critéir a leagtar amach i roinn 8 de na Treoirí seo maidir leis an mbeartas forfheidhmithe i gcásanna aonair.

- (262) De bhun Airteagal 29(1) de Rialachán 1/2003, féadfaidh an Coimisiún tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar a thionscnamh féin nó ar bhonn gearáin. Áirítear leis sin go bhféadfadh údarás iomaíochta náisiúnta iarraidh ar an gCoimisiún tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar i gcás ar leith, gan dochar do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le leithdháileadh cásanna agus cúnaimh laistigh den Ghréasán Eorpach Iomaíochta (“ECN”) <sup>(154)</sup>, agus gan dochar dá gcumhacht tarraingthe siar dhílis de bhun Airteagal 29(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003. Má iarrann trí údarás iomaíochta náisiúnta ar a laghad ar an gCoimisiún Airteagal 29(1) de Rialachán 1/2003 a chur i bhfeidhm maidir le cás ar leith, pléifidh an Coimisiún an cás faoi chuimsiú an Ghréasáin Eorpaigh Iomaíochta. Sa chomhthéacs sin, tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar dhearcthaí na n-údarás iomaíochta náisiúnta a d’iarr ar an gCoimisiún tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar chun teacht ar thabhairt i gcrích thráthúil maidir le cibé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le tarraingt siar sa chás áirithe sin.
- (263) De thoradh Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán 1/2003, tá an inniúlacht eisiach ag an gCoimisiún an tarraingt siar a dhéanamh ar fud na hEorpa sa chaoi go bhféadfaidh sé tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar i leith comhaontuithe ingearacha lena sriantar an iomaíochta ar mhargadh geografach ábhartha atá níos leithne ná críoch aon Bhallstáit amháin, agus ní fhéadfaidh údarás iomaíochta náisiúnta tairbhí den sórt sin a tharraingt siar ach amháin i leith chríoch a mBallstáit faoi seach.
- (264) Dá bhrí sin, baineann cumhacht tarraingthe siar údarás iomaíochta náisiúnta aonair le cásanna ina gcumhdaítear leis an margadh ábhartha aon Bhallstáit amháin, nó réigiún atá lonnaithe go heisiach sa Bhallstáit faoi seach. I gcás den sórt sin, tá sé d’inniúlacht ag údarás iomaíochta náisiúnta an Bhallstáit sin tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar i ndáil leis an gcomhaontú ingearach a bhfuil éifeachtaí aige atá ar neamhréir le hAirteagal 101(3) den Chonradh ar an margadh náisiúnta nó réigiúnach sin. Is inniúlacht chomhreachach í sin ós rud é go gcumhachtaítear an Coimisiún le hAirteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2022/720 chun tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 i ndáil le margadh náisiúnta nó réigiúnach a tharraingt siar, ar choinníoll go bhféadfaidh an comhaontú ingearach i gceist difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit.
- (265) I gcás ina bhfuil roinnt margáí náisiúnta nó réigiúnacha ar leith i gceist, féadfaidh roinnt údarás iomaíochta náisiúnta inniúla tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar i gcomhthreo.
- (266) Leanann sé ó fhocláocht Airteagal 29(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, i gcás ina n-aistarraingíonn an Coimisiún tairbhe Rialachán (AE) 2022/720, go bhfuil sé de dhualgas air a chruthú, ar an gcéad dul síos, go bhfuil éifeachtaí suntasacha frithiomaíochta ag an gcomhaontú ingearach faoi seach, rud a fhágann go dtagann sé faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh <sup>(155)</sup>. Ar an dara dul síos, ní mór dó a chruthú go bhfuil éifeachtaí ag an gcomhaontú nach bhfuil ag luí le hAirteagal 101(3) den Chonradh, rud a chiallaíonn nach gcomhlíonann sé ceann amháin ar a laghad de na ceithre choinníoll atá in Airteagal 101(3) den Chonradh <sup>(156)</sup>. De bhun Airteagal 29(2) de Rialachán 1/2003, tá feidhm ag na ceanglais chéanna i gcás ina ndéanann údarás iomaíochta náisiúnta tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar i ndáil le críoch a Bhallstáit. Go háirithe, maidir leis an dualgas cruthúnais go gcomhlíontar an dara ceanglas, ceanglaítear le hAirteagal 29 ar an údarás iomaíochta inniúil a chruthú nach gcomhlíontar aon cheann amháin ar a laghad de na ceithre choinníoll in Airteagal 101(3) den Chonradh <sup>(157)</sup>.

<sup>(154)</sup> Féach Caibidil IV de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003.

<sup>(155)</sup> Má thagann comhaontú ingearach lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh, mar a leagtar amach i roinn 3 de na Treoirí seo, ní thagann an cheist maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/720 chun cinn toisc go bhfuil Rialachán (AE) 2022/720 ceaptha catagóirí comhaontuithe ingearacha a shainmhíniú a chomhlíonann de ghnáth na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 101(3) den Chonradh, rud a chiallaíonn go dtagann comhaontú ingearach faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh.

<sup>(156)</sup> Is leor don Choimisiún a chruthú nach gcomhlíontar ceann amháin de na ceithre choinníoll d’Airteagal 101(3) den Chonradh. Is amhlaidh sin mar ní mór na ceithre choinníoll go léir a chomhlíonadh le go mbeidh feidhm leis an eisceacht in Airteagal 101(3).

<sup>(157)</sup> Eascaíonn an ceanglas faoi Airteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 maidir leis agus ina ndéanann gnóthas Airteagal 101(3) den Chonradh a agairt i gcás aonair. I gcás den sórt sin, tá an dualgas cruthúnais ar an gnóthas de bhun Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 a léiriú go gcomhlíontar na ceithre choinníoll go léir in Airteagal 101(3) den Chonradh. Chuige sin, ní mór dó údar a thabhairt lena mhaímh, féach mar shampla an Cinneadh ón gCoimisiún in AT.39226 - *Lundbeck*, ar seasadh leis le breithiúnais an 8 Meán Fómhair 2016, *Lundbeck v an Coimisiún*, T-472/13, AE:T:2016:449; agus an 25 Márta 2021, *Lundbeck v An Coimisiún* Cás C-591/16 P, EU:C:2021:243.

- (267) Má chomhlíontar ceanglais Airteagal 29(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, féadfaidh an Coimisiún tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a tharraingt siar i gcás ar leith. Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir tarraingt siar den sórt sin, agus na ceanglais a bhaineann leis mar a leagtar amach sna míreanna thuas, agus na torthaí i gcinneadh ón gCoimisiún de bhun Chaibidil III de Rialachán 1/2003. Mar sin féin, féadfar tarraingt siar a chomhcheangal, mar shampla, le cinneadh maidir le sárú agus forchur birt cheartaithigh, agus fiú le bearta eatramhacha, mar a rinneadh i gcinntí roimhe seo ón gCoimisiún <sup>(158)</sup>.
- (268) Má tharraingíonn an Coimisiún siar tairbhe Rialachán (AE) 2022/720 de bhun Airteagal 29(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, ní mór dó a chur san áireamh nach féidir ach éifeachtaí ex nunc a bheith ag an tarraingt siar, is é sin le rá nach ndéanfar difear do stádas díolmhaithe na gcomhaontuithe lena mbaineann don tréimhse roimh an dáta a mbeidh éifeacht leis an tarraingt siar. I gcás tarraingt siar de bhun Airteagal 29(2) de Rialachán 1/2003, ní mór do na húdaráis iomaíochta náisiúnta lena mbaineann a n-oibleagáidí faoi Airteagal 11(4) de Rialachán 1/2003 a chur san áireamh freisin, go háirithe chun aon chinneadh beartaithe ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

## 7.2. Dífheidhmiú Rialachán (AE) 2022/720

- (269) I gcomhréir le hAirteagal 1a den Rialachán maidir le Cumhachtú, cuirtear ar a chumas don Choimisiún le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/720 líonraí comhthreomhara de shrianta ingearacha comhchosúla a eisiáimh ó raon feidhme Rialachán (AE) 2022/720, trí bhíthin rialacháin, i gcás ina gcumhdaítear leo breis is 50 % de mhargadh ábhartha. Ní ar ghnóthais aonair atá an beart sin dírithe, ach baineann sé le gach gnóthas a gcomhlíonann a gcomhaontuithe na coinníollacha a leagtar amach i rialachán dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/720. Agus measúnú á dhéanamh aige ar an ngá le rialachán den sórt sin a ghlacadh, déanfaidh an Coimisiún a mheas an mbeadh leigheas níos iomchuí i gceist le haistarraingt aonair. Dhá ghné atá an-ábhartha sa mheasúnú sin is ea an líon gnóthas iomaíoch a rannchuidíonn le héifeacht chernach ar mhargadh agus an líon margáí geografacha a ndéantar difear dóibh laistigh den Aontas.
- (270) Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar ghlacadh rialacháin de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/720 más rud é gur dócha go ndéanfadh srianta comhchosúla lena gcumhdaítear breis is 50 % den mhargadh ábhartha rochtain ar an margadh sin nó ar an iomaíocht ann a shrianadh ar bhealach suntasach. D'fhéadfaí gurbh amhlaidh atá go háirithe nuair a bhíonn baol ann go ndéanfadh líonraí comhthreomhara dáileacháin roghnaithigh lena gcumhdaítear breis is 50 % de mhargadh an margadh a fhoriamh i ngeall ar úsáid critéar roghnúcháin nach gceanglaítear le cineál na n-earraí nó na seirbhísí ábhartha iad nó lena ndéantar leithcheal in aghaidh foirmeacha áirithe dáileacháin d'earraí nó seirbhísí den sórt sin. Chun cóimheas cumhdaigh margaidh 50 % a ríomh, ní mór aird a thabhairt ar gach líonra aonair de chomhaontuithe ingearacha ina bhfuil srianta, nó comhcheangail srianta, lena gcruthaítear éifeachtaí comhchosúla ar an margadh. Mar sin féin, ní cheanglaítear le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/720 ar an gCoimisiún gníomhú i gcás ina sáraítear an cóimheas cumhdaigh margaidh 50 %.
- (271) Is é an éifeacht atá le rialachán a ghlactar de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/720 ná go mbíonn Rialachán (AE) 2022/720 infheidhme maidir leis na srianta agus na margáí lena mbaineann, agus dá bhrí sin bíonn feidhm ag Airteagal 101(1) agus (3) den Chonradh ina iomláine.
- (272) Aon rialachán arna ghlacadh de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/720, ní mór a raon feidhme a leagan amach go soiléir. Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún an tairge ábhartha agus an margadh geografach nó na margáí geografacha a shainiú ar dtús, agus an cineál sriain ingearaigh nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag Rialachán (AE) 2022/720 maidir leis a shainiú ansin. Maidir leis an ngné dheiridh sin, féadfaidh an Coimisiún raon feidhme an rialacháin a mhodhnú de réir an ábhair inní iomaíochta a bhfuil sé i gceist dul i ngleic leis. Mar shampla, cé go bhféadfaí gach líonra comhthreomhar socrúithe de chineál ceangail aonbhanda a chur san áireamh d'fhonn an cóimheas cumhdaigh margaidh 50 % a shuí, d'fhéadfadh an Coimisiún mar sin féin raon feidhme rialacháin a ghlactar de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/720 a shrianadh d'oibleagáidí gan dul in iomaíocht ar faide iad ná fad áirithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí nach ndéanfaí difear do chomhaontuithe

<sup>(158)</sup> D'úsáid an Coimisiún a chumhacht chun leas ceann de na rialacháin blocdhíolúine a bhí infheidhme roimhe seo a tharraingt siar i gcinneadh ón gCoimisiún an 25 Márta 1992 (bearta eatramhacha) maidir le himeacht faoi Airteagal 85 de Chonradh CEE i gCás IV/34.072 – *Mars/Langnese agus Schöller*, lenar sheas breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 1998, *Langnese-Iglo v An Coimisiún*, C-279/95 P, AE:C:1998:447, agus an cinneadh ón gCoimisiún an 4 Nollaig 1991 (bearta eatramhacha) maidir le himeacht faoi Airteagal 85 de Chonradh CEE i gCás IV/33.157 – *Eco System/Peugeot*.

d'fhad níos lú nó de chineál nach bhfuil chomh sriantach céanna, i bhfianaise an fhoriamh níos lú is inchurtha i leith srianta den sórt sin. Ar an gcaoi chéanna, más rud é, ar mhargadh ar leith, go mbíonn dáileadh roghnaitheach in úsáid ag gnóthais in éineacht le srianta breise, amhail oibleagáidí gan dul in iomaíocht nó fórsáil chainníochta, d'fhéadfaí nach mbainfeadh rialachán a ghlacfaí de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/720 ach le srianta breise den sórt sin. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún an leibhéal sciar den mhargadh a shonrú freisin, ar leibhéal é a bhféadfaí a mheas ina leith, sa chomhthéacs sonrath margaidh, nach leor é chun rannchuidiú suntasach gnóthais aonair a thabhairt i gcrích go carnach.

- (273) De bhun Airteagal 1d de Rialachán Uimh. 19/65/CEE, ní mór do rialachán arna ghlacadh de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/720 idirthréimhse a shocrú nach lú ná 6 mhí sula dtiocfaidh sé chun bheith infheidhme. Tá sé beartaithe go gcuirfidh an tréimhse sin ar a gcumas do na gnóthais lena mbaineann a gcomhaontuithe ingearacha a oiriúnú dá réir.
- (274) Rialachán a ghlactar de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/720, ní dhéanfaidh sé difear do stádas díolmhaithe na gcomhaontuithe lena mbaineann le haghaidh na tréimhse roimh dháta chur i bhfeidhm an rialacháin sin.

## 8. AN BEARTAS FORFHEIDHMIÚCHÁIN I GCÁSANNA AONAIR

### 8.1. An creat anailíse

- (275) I gcás nach bhfuil feidhm ag an bhforáil tearmainn dá bhforáiltear in Rialachán (AE) 2022/720 maidir le comhaontú ingearach, is ábhartha féachaint cibé acu, sa chás aonair, a thagann nó nach dtagann an comhaontú ingearach faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh agus, má thagann, cibé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh. Ar choinníoll nach bhfuil srianta iontu ar iomaíocht le haghaidh agus go háirithe srianta crua de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/720, níl aon toimhde ann go dtagann comhaontuithe ingearacha nach dtagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/720 faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh nó nach gcomhlíonann siad coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh. Bíonn gá le measúnú aonair le haghaidh comhaontuithe den sórt sin. Maidir le comhaontuithe nach ndéanann an iomaíocht a shrianadh de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh nó a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh, tá siad bailí agus in-fhorfheidhmithe.
- (276) De bhun Airteagal 1(2) de Rialachán 1/2003, ní gá do ghnóthais fógra a thabhairt maidir le comhaontú ingearach chun tairbhiú de dhíolúine aonair faoi Airteagal 101(3) den Chonradh. I gcás iniúchadh aonair ag an gCoimisiún, is ar an gCoimisiún atá an dualgas cruthúnais go gcuireann an comhaontú ingearach i gceist srian ar iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh. Is ar na gnóthais a éilíonn tairbhe Airteagal 101(3) atá an dualgas a chruthú go gcomhlíontar coinníollacha na forála sin. I gcás ina léirítear gur dócha go bhfuil éifeachtaí frithiomaíocha ann, féadfaidh gnóthais bunús a thabhairt d'éilimh éifeachtúlachta agus a mhíniú cén fáth a bhfuil socrú áirithe dáileacháin fíor-riachtanach chun tairbhí a thabhairt do thomhaltóirí gan deireadh a chur leis an iomaíocht. Cinnfidh an Coimisiún ansin an gcomhlíonann an comhaontú coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh.
- (277) Déanfar an measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil sé d'éifeacht ag comhaontú ingearach an iomaíocht a shrianadh trí chomparáid a dhéanamh idir an staid ar an margadh ábhartha ina bhfuil na srianta ingearacha i bhfeidhm agus an staid a bheadh ann in éagmais na srianta ingearacha sa chomhaontú ingearach. Sa mheasúnú ar chásanna aonair, cuirfidh an Coimisiún san áireamh idir éifeachtaí iarbhir agus éifeachtaí dóchála, de réir mar is iomchuí. Le go mbeadh sé d'éifeacht ag comhaontuithe ingearacha an iomaíocht a shrianadh, ní mór dóibh difear a dhéanamh d'iomaíocht iarbhir nó ionchasach an oiread sin go mbeifí ag súil, le leibhéal réasúnta dóchúlachta, le héifeachtaí diúltacha ar phraghsanna, aschur, nuálaíocht, nó éagsúlacht nó cáilíocht na n-earraí nó na seirbhísí ar an margadh ábhartha. Ní mór do na héifeachtaí diúltacha dóchála ar an iomaíocht a bheith suntasach<sup>(159)</sup>. Is dóchála go dtarlódh éifeachtaí frithiomaíocha suntasacha i gcás ina mbíonn nó ina

<sup>(159)</sup> Féach Roinn 3.1.

bhfaigheann aon páirtí amháin ar a laghad leis an gcomhaontú leibhéal áirithe cumhachta margaidh agus ina rannchuidíonn an comhaontú le cruthú, cothabháil nó neartú na cumhachta margaidh sin, nó ina gceadaíonn sé do na páirtithe leis an gcomhaontú leas a bhaint as cumhacht mhargaidh den sórt sin. Is éard is cumhacht mhargaidh ann an cumas praghsanna a choinneáil ar bun os cionn leibhéal iomaíochta nó aschur a choinneáil ar bun i dtéarmaí chainníochtaí an táirge, cháilíocht agus éagsúlacht an táirge nó na nuálaíochta, atá faoi bhun leibhéal iomaíochta ar feadh tréimhse nach tréimhse neamhshuntasach í. Tá an méid cumhachta margaidh is gá de ghnáth chun srianadh iomaíochta de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh a chinneadh níos lú ná an méid cumhachta margaidh is gá chun ceannas a fháil faoi Airteagal 102 den Chonradh.

8.1.1. *Tosca ábhartha don mheasúnú faoi Airteagal 101(1) den Chonradh*

(278) Agus measúnú á dhéanamh ar chomhaontuithe ingearacha aonair idir gnóthais ag a bhfuil sciar den mhargadh os cionn thairseach 30 %, déanfaidh an Coimisiún anailís iomlán ar an iomaíocht. Tá na tosca seo a leanas an-ábhartha chun a shuí an ndéanann comhaontú ingearach an iomaíocht a shrianadh go suntasach faoi Airteagal 101(1) den Chonradh:

- (a) cineál an chomhaontaithe;
- (b) suíomh na bpáirtithe ar an margadh;
- (c) suíomh iomaitheoirí ar an margadh (réamhtheachtach agus iartheachtach);
- (d) suíomh cheannaitheoirí earraí nó sheirbhísí an chonartha ar an margadh;
- (e) bacainní iontrála;
- (f) leibhéal an tslabhra táirgthe nó dáilte lena mbaineann;
- (g) cineál an táirge;
- (h) dinimic an mhargaidh.

(279) Féadfár na tosca seo a leanas a chur san áireamh freisin:

(280) D'fhéadfadh a thábhachtaí atá tosca aonair a thrú ag brath ar imthosca an cháis. Mar shampla, is táscaire maith ar chumhacht an mhargaidh é sciar ard den mhargadh de chuid na bpáirtithe de ghnáth. Mar sin féin, i gcás bacainní ísle ar dhul isteach, d'fhéadfaí srian leordhóthanach a chur ar chumhacht an mhargaidh mar gheall ar iontráil iarbhrí nó iontráil a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní féidir, dá bhrí sin, rialacha dochta infheidhmeachta gearrálta a sholáthar maidir lena thábhachtaí atá tosca aonair.

(281) Is iomaí cineál agus foirm a bhíonn ar chomhaontuithe ingearacha. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, anailís a dhéanamh ar chineál an chomhaontaithe i dtéarmaí na srianta atá ann, fad na srianta sin agus céatadán na ndíolachán iomlán ar an margadh (iartheachtach) dá ndéanann na srianta sin difear. D'fhéadfaí gur ghá dul thar théarmaí sainráite an chomhaontaithe. D'fhéadfadh srianta intuigthe a bheith ann, rud a d'fhéadfaí a dhíorthú ón gcaoi a ndéanann na páirtithe an comhaontú a chur chun feidhme agus na dreasachtaí a bhíonn acu.

(282) Soláthraítear le suíomh na bpáirtithe ar an margadh léiriú ar an leibhéal cumhachta margaidh, más ann di, atá ag an soláthróir, ag an gceannaitheoir, nó acu beirt. Dá airde a sciar den mhargadh, is ea is mó cumhachta margaidh is dócha a bheidh acu. Is amhlaidh sin go háirithe i gcás ina léirítear leis an sciar den mhargadh buntáistí costais nó buntáistí iomaíochta eile i leith iomaitheoirí. D'fhéadfadh buntáistí den sórt sin a bheith ina dtoradh, mar shampla, ar a bheith mar cheannródaí ar an margadh (an suíomh is fearr a bheith ag páirtí, etc.), ar bhunphaitinní nó teicneolaíocht níos fearr a bheith ag páirtí, ar cheannaire branda a bheith ag páirtí nó ar phunann níos fearr a bheith aige. D'fhéadfadh leibhéal na difreála idir táirgí a bheith ina tháscaire ábhartha freisin ar chumhacht mhargaidh a bheith ann. Is gnách go gcuireann brandáil le difreáil táirgí agus go laghdáitear inionadaitheacht an táirge, rud a fhágann go mbeidh laghdú ar leaisteachas an éilimh agus gur mó an deis praghas a ardú.

- (283) Tá suíomh iomaitheoirí ar an margadh tábhachtach freisin. Dá láidre suíomh iomaíoch na n-iomaitheoirí agus dá mhéad a líon, is ea is ísle an riosca atá ann go bhféadfaidh na páirtithe cumhacht mhargaidh a fheidhmiú ina n-aonair agus an margadh a fhoriamh nó an iomaíocht a mhaolú. Tá sé ábhartha freisin féachaint cibé acu an ann nó nach ann do fhrithstraitéisí éifeachtacha tráthúla ar dóigh go mbainfeadh iomaitheoirí leas astu. Mar sin féin, má tá líon cuibheasach beag gnóthas sa mhargadh agus má tá a suíomh ar an margadh (e.g. i dtéarmaí méide, costas agus acmhainneachta T&F) ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh srianta ingearacha cur leis an riosca claonpháirteachais. Sciartha luaineacha den mhargadh nó sciartha den mhargadh a dtagann athrú tapa orthu, is léiriú ar dhian-iomaíocht go hiondúil iad sin.
- (284) Tugann suíomh ar an margadh de chustaiméirí iarteachtacha na bpáirtithe leis an gcomhaontú léiriú ar cibé acu atá nó nach bhfuil cumhacht an cheannaitheora ag aon cheann amháin nó níos mó de na custaiméirí sin. Is é sciar den mhargadh den chustaiméir ar an margadh ceannaigh an chéad táscaire de chumhacht an cheannaitheora. Léiríonn an sciar sin an tábhacht a bhaineann lena héileamh ar sholáthraithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Díríonn táscairí eile ar shuíomh an chustaiméara ar an margadh athdhíola ar a bhfuil sé gníomhach, lena n-áirítear saintréithe amhail raon geografach leathan a asraonta, brandaí dílse lena n-áirítear lipéid phríobháideacha agus íomhá a bhranda i measc custaiméirí deiridh. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh cumhacht an cheannaitheora cosc a chur ar dhíobháil do thomhaltóirí ó chomhaontú ingearach atá achrannach ar bhealaí eile. Is amhlaidh sin go háirithe nuair a bhíonn an acmhainneacht agus an spreagadh ag custaiméirí láidre foinsí soláthair nua a thabhairt chun an mhargaidh i gcás méadú beag buan ar phraghsanna coibhneasta.
- (285) Déantar bacainní iontrála a thomhas lena mhéid is féidir leis na gnólachtaí atá ann faoi láthair a bpraghas a ardú os cionn an leibhéil iomaíoch gan iontráil nua a mhealladh. Mar riail ghinearálta, is féidir a rá go bhfuil bacainní iontrála íseal nuair is dócha go mbeidh teacht isteach éifeachtach, lena bhféadfaí feidhmiú na cumhachta margaidh ag na gnólachtaí reatha a chosc nó a mhaolú, laistigh de 1 nó 2 bliana. D'fhéadfadh bacainní iontrála a bheith ann ar leibhéal an tsoláthóra nó an cheannaitheora amháin, nó ar an dá leibhéal. Féadfaidh bacainní iontrála a bheith ina dtoradh ar réimse leathan tosca amhail barainneachtaí scála agus réimse (lena n-áirítear éifeachtaí líonra de ghnólachtaí iltaobhacha), rialacháin rialtais (go háirithe i gcás ina suitear cearta eisiacha leo), stáitchabhair, taraifí allmhairiúcháin, cearta maoinne intleachtúla, úinéireacht acmhainní i gcás ina bhfuil an soláthar teoranta (e.g. i ngeall ar theorainneacha nádúrtha), saoráidí riachtanacha, buntáistí an cheannródaí agus dílseacht brandaí tomhaltóirí mar thoradh ar fhógraíocht láidir le himeacht aimsire. Maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart bacainní iontrála a thabhairt ar chuid áirithe de na tosca sin, braitheann sé go háirithe ar cibé acu atá nó nach bhfuil costas báite ag baint leo. Is costas é costas báite nach mór a thabhtar chun dul isteach ar mhargadh nó a bheith gníomhach ar mhargadh ach nach féidir é a ghnóthú nuair a fhágtar an margadh. Is costas báite a bhíonn i gceist go hiondúil le costais fógraíochta chun dílseacht custaiméirí a fhorbairt, murar féidir le gnólacht atá ag imeacht ón margadh a hainm branda a dhíol nó a úsáid in áit eile gan chaillteanas. I gcás ina mbíonn gá le costas báite ard le haghaidh na hiontrála, d'fhéadfadh an bhgairt dian-iomaíochta tar éis iontrála ó na gnólachtaí atá ann cheana féin stop a chur leis an iontráil sin, mar ní féidir le hiontrálaithe féideartha údar a thabhairt leis an riosca go gcaillfidís a n-infheistíochtaí báite.
- (286) D'fhéadfadh srianta ingearacha agus comhtháthú ingearach a bheith ina mbacainn iontrála freisin trí bhac a chur ar an rochtain agus trí iomaitheoirí (ionchasacha) a fhoriamh. Cuir i gcás, d'fhéadfaí go mbeadh éifeacht mhór foriamh ag oibleagáid gan dul in iomaíocht lena gceanglaítear dáileoirí le soláthóirí más rud é go gcuirfí costas báite ar an iontrálaí ionchasach trína dháileoirí dílse a bhunú.
- (287) Tá nasc idir an leibhéal trádála agus an t-idirdhealú idir earraí nó seirbhísí idirmheánacha agus deiridh. Díoltar earraí nó seirbhísí idirmheánacha le gnóthais lena n-úsáid mar ionchur chun earraí nó seirbhísí eile a tháirgeadh agus is iondúil nach féidir iad a shainaithint sna hearraí nó seirbhísí deiridh. Is custaiméirí feasacha iad ceannaitheoirí earraí nó seirbhísí idirmheánacha go hiondúil, agus is féidir leo cáilíocht a mheasúnú agus dá bhrí sin ní bhraitheann siad chomh mór sin ar bhranda ná ar íomhá. Díoltar earraí nó seirbhísí deiridh, go díreach nó go hindíreach, le custaiméirí deiridh a bhraitheann níos mó ar bhranda agus ar íomhá go minic.
- (288) Tá ról ag nádúr an táirge chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí diúltacha dóchúla agus na héifeachtaí deimhneacha dóchúla, go háirithe maidir le hearraí nó seirbhísí deiridh. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar na héifeachtaí diúltacha dóchúla, tá tábhacht ag baint le cibé acu atá na hearraí nó seirbhísí a dhíoltar ar an margadh ábhartha aonchineálach nó difreáilte cuid mhór<sup>(160)</sup>, cibé acu atá an táirge costasach agus go mbeadh cuid mhór de bhuiséad an tomhaltóra i gceist leis nó neamhchostasach, agus cibé acu an ceannachán aonuaire atá sa táirge nó an táirge é a cheannaítear arís agus arís eile.

<sup>(160)</sup> Féach freisin mír (282).

- (289) Ní mór dinimic an mhargaidh ábhartha a mheasúnú go cúramach. I roinnt margaí dinimiciúla, d'fhéadfadh na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag srianta áirithe ingearacha a bheith dodhéanta, toisc go bhféadfadh iomaíocht idirbhanda ó iomaitheoirí dinimiciúla agus nuálacha feidhmiú mar shrianta leordhóthanacha. I gcásanna eile, áfach, d'fhéadfadh sé go dtabharfadh srianta ingearacha buntáiste iomaíoch marthanach don sealbhóir i margadh dinimiciúil agus dá bhrí sin d'fhéadfadh éifeachtaí diúltacha fadtéarmacha a bheith ann don iomaíocht. D'fhéadfaí go dtarlódh a leithéid i gcás ina gcuireann srian ingearach cosc ar iomaitheoirí tairbhiú d'éifeachtaí líonra nó i gcás ina mbíonn margadh i mbaol a iompaithe.
- (290) D'fhéadfadh tosca eile a bheith ábhartha don mheasúnú freisin. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh go háirithe leis na tosca sin:
- (a) D'fhéadfadh sé go n-áireofaí orthu sin éifeachtaí carnacha a eascraíonn as cumhdach an mhargaidh le srianta ingearacha comhchosúla arna bhforchur ag soláthraithe nó ceannaitheoirí eile;
  - (b) An bhfuil an comhaontú “i bhfeidhm” (eadhon, níl feidhm ag formhór na srianta nó na n-oibleagáidí ach maidir le páirtí amháin sa chomhaontú) nó “comhaontaithe” (glacann an dá pháirtí le srianta nó oibleagáidí);
  - (c) an timpeallacht rialála;
  - (d) An timpeallacht rialála, agus iompar a d'fhéadfadh claonpháirteachas a léiriú nó a éascú, amhail ceannaireacht praghsanna, athruithe ar phraghsanna réamhfhógraithe agus pléití praghsanna, dolúbthacht praghsanna mar fhreagairt ar ró-acmhainneacht, idirdhealú praghais agus iompar claonpháirteach san am a chuaigh thart.

#### 8.1.2. Tosca ábhartha don mheasúnú faoi Airteagal 101(3) den Chonradh

- (291) D'fhéadfadh comhaontuithe ingearacha a chuireann srian le hiomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh éifeachtaí ar son na hiomaíochta a bhaint amach freisin i bhfoirm éifeachtúlachtaí, ar éifeachtaí iad a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná na héifeachtaí frithiomaíocha. Tarlaíonn an measúnú ar éifeachtúlachtaí in aghaidh éifeachtaí frithiomaíocha faoi chuimsiú Airteagal 101(3) den Chonradh, ina bhfuil eisceacht ón toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 101(1) den Chonradh. Chun go mbeidh feidhm ag an eisceacht sin, ní mór don chomhaontú ingearach na ceithre choinníoll seo a leanas a chomhlíonadh:
- (a) ní mór dó sochair eacnamaíocha oibiachtúla a sholáthar,
  - (b) ní mór do thomhaltóirí cion cothrom den tairbhe uaidh sin a fháil <sup>(161)</sup>,
  - (c) nach foláir go mbeidh srianta iomaíochta fíor-riachtanach chun na sochair sin a bhaint amach, agus
  - (d) nach bhféadfadh na páirtithe deireadh a chur leis an iomaíocht i ndáil le cuid mhór de na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann mar thoradh ar an gcomhaontú ingearach <sup>(162)</sup>.
- (292) Faoi Airteagal 101(3) den Chonradh, déantar an measúnú ar chomhaontuithe ingearacha laistigh den chomhthéacs iarbhír ina ndéantar iad <sup>(163)</sup>, agus ar bhonn na bhfíoras atá ann ag tráth ar bith. Tagann an measúnú faoi réir athruithe ábhartha ar na fíorais. Tá feidhm ag an eisceacht aonair a chumhdaítear in Airteagal 101(3) den Chonradh fad is a chomhlíontar na ceithre choinníoll agus ní bhíonn feidhm leis níos mó nuair nach amhlaidh atá <sup>(164)</sup>. Agus Airteagal 101(3) den Chonradh á chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na príonsabail sin, is gá na hinfeistíochtaí a rinne na páirtithe leis an gcomhaontú a chur san áireamh, chomh maith leis an am is gá agus na srianta is gá chun infheistíocht lena gcuirtear feabhas ar éifeachtúlacht a dhéanamh agus a fhorchúiteamh.

<sup>(161)</sup> Mar a leagtar amach i mír 84 de Threoirlínte Airteagal 101(3), cuimsíonn coincheap na “tomhaltóirí” de réir bhrí Airteagal 101(3) den Chonradh gach úsáideoir díreach nó indíreach de na tairgí a chumhdaítear leis an gcomhaontú, lena n-áirítear tairgeoirí a úsáideann an tairge mar ionchur, mórhdíoltóirí, miondíoltóirí agus tomhaltóirí deiridh, i.e. daoine nádúrtha atá ag gníomhú chun críocha atá lasmuigh dá dtrádáil nó dá ngairm.

<sup>(162)</sup> Féach na Treoirlínte d'Airteagal 101(3).

<sup>(163)</sup> Féach an breithiúnas in *Forð v An Coimisiún*, Cásanna Uamtha 25/84 agus 26/84, AE:C:1985:340 míreanna 24 agus 25; Airteagal 101(3) Treoirlínte, mír 44.

<sup>(164)</sup> Chuige sin, féach mar shampla Cinneadh 1999/242/CE ón gCoimisiún (Cás uimhir IV/36.237 – TPS), IO L 90, 2.4.1999, lch. 6. Ar an gcaoi chéanna, níl feidhm ag an toirmeasc a chumhdaítear in Airteagal 101(1) den Chonradh ach amháin fad is atá cuspóir sriantach nó éifeachtaí sriantacha ag an gcomhaontú. Airteagal 101(3) Treoirlínte, mír 44.

- (293) Ceanglaítear leis an gcéad choinníoll d'Airteagal 101(3) den Chonradh measúnú ar na tairbhí oibiachtúla i dtéarmaí na n-éifeachtúlachtaí a tháirgtear leis an gcomhaontú ingearach. I ndáil leis sin, bíonn sé d'acmhainneacht go minic ag comhaontuithe ingearacha cabhrú chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach, mar a mhínítear i roinn 2.1. de na treoirlínte seo, trí fheabhas a chur ar an gcaoi a ndéanann páirtithe an chonartha a ngníomhaíochtaí comhlántacha.
- (294) Ceanglaítear leis an tríú coinníoll d'Airteagal 101(3) den Chonradh gur gá cion cothrom de na tairbhí a thabhairt do thomhaltóirí. Tugtar le tuiscint leis sin gur gá tomhaltóirí na n-earraí nó na seirbhísí a cheannaítear agus/nó a (ath)dhíoltar faoin gcomhaontú ingearach a chúiteamh as éifeachtaí diúltacha an chomhaontaithe ar a laghad <sup>(165)</sup>. I bhfocail eile, an tionchar diúltach dóchúil ar phraghsanna, ar aschur agus ar thosca ábhartha eile arb é an comhaontú ingearach is cúis leo, ní mór é a fhritháireamh ina iomláine leis na gnóthachain éifeachtúlachta.
- (295) Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar an tástáil maidir le fíor-riachtanas atá sa dara coinníoll d'Airteagal 101(3) den Chonradh, déanfaidh an Coimisiún scrúdú go háirithe ar cibé acu is féidir nó nach féidir táirgeadh, ceannach agus/nó (ath)dhíol tháirgí an chonartha a dhéanamh níos éifeachtúla mar thoradh ar na srianta aonair ná mar a d'fhéadfaí a dhéanamh in éagmais an tsriain lena mbaineann. Ní mór dálaí an mhargaidh agus cúinsí pháirtithe an chonartha a chur san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh. Ní cheanglaítear ar ghnóthais a agraíonn tairbhe Airteagal 101(3) den Chonradh roghanna malartacha hipitéiseacha agus teoiriciúla a mheas. Ní mór dóibh, mar sin féin, an fáth nach mbeadh na héifeachtúlachtaí céanna ina dtoradh ar roghanna malartacha atá réalaíoch agus nach bhfuil chomh sriantach céanna, de réir cosúlachta, a mhíniú agus a léiriú. Dá mbeadh cailteanas mór éifeachtúlachtaí ina thoradh ar chur i bhfeidhm rogha malartaí atá réalaíoch agus nach bhfuil chomh sriantach céanna ó thaobh tráchtála de réir cosúlachta, caitear leis an srian sin mar a bheith fíor-riachtanach.
- (296) Ceanglaítear leis an gceathrú coinníoll d'Airteagal 101(3) den Chonradh nach bhféadfadh na páirtithe deireadh a chur leis an iomaíocht i ndáil le cuid mhór de na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann mar thoradh ar an gcomhaontú ingearach. Glactar leis sin go ndéanfar anailís ar an mbrú iomaíoch atá fágtha ar an margadh agus ar thionchar an chomhaontaithe ar na foinsí eile iomaíochta sin. Agus an coinníoll sin á chur i bhfeidhm, is gá an gaol idir Airteagal 101(3) den Chonradh agus Airteagal 102 den Chonradh a chur san áireamh. De réir an chásdlí shocraithe, ní féidir cur i bhfeidhm Airteagal 102 a chosc le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh <sup>(166)</sup>. Thairis sin, ós rud é gurb é is aidhm le hAirteagail 101 agus 102 den Chonradh iomaíocht éifeachtach ar an margadh a choinneáil ar bun, ar mhaithe leis an gcomhsheasmhacht ní mór a thuiscint le hAirteagal 101(3) nach gcuirtear cosc leis ar aon chur i bhfeidhm den eisceacht sin ar chomhaontuithe ingearacha sriantacha ar mí-úsáid ceannasachta atá iontu <sup>(167)</sup>. Ceanglaítear leis an gcoinníoll sin nach bhféadfaidh comhaontuithe ingearacha deireadh a chur le hiomaíocht éifeachtach trí na foinsí go léir nó formhór na bhfoinsí iomaíochta iarbhír nó ionchasaí a bhaint. Tá iomaíocht idir gnóthais fíor-riachtanach chun an éifeachtúlacht eacnamaíoch a spreagadh, lena n-áirítear éifeachtúlachtaí dinimiciúla i bhfoirm nuálaíochta. Ina éagmais sin, ní bheidh dreasachtaí leordhóthanacha ag an ngnóthas ceannasach chun leanúint de ghnóthachan ó thaobh éifeachtúlachta de a chruthú agus a chur ar aghaidh. Maidir le comhaontú sriantach lena gcoinnítear ar bun, lena gcruthaítear nó lena neartaítear suíomh ar an margadh atá cosúil le monaplacht, ní féidir údar a thabhairt leis de ghnáth ar an mbonn go gcruthaítear leis freisin gnóthachan ó thaobh éifeachtúlachta de.

## 8.2. Anailís ar shrianta ingearacha sonracha

- (297) Cé go n-áirítear sna codanna roimhe seo de na Treoirlínte sin, go háirithe roinn 6, treoir maidir le measúnú ar shrianta ingearacha arb ionann iad agus srianta crua de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/720, nó srianta eisiata de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/720, tugann na míreanna seo a leanas treoir maidir le srianta ingearacha sonracha eile. Maidir le srianta ingearacha nach dtugtar aghaidh orthu go sonracha sna Treoirlínte seo, caithfidh an Coimisiún leis na srianta ingearacha sin de réir na bprionsabal céanna agus cuirfear na tosca ábhartha san áireamh, mar a leagtar amach san ochtú cuid de na Treoirlínte seo.

<sup>(165)</sup> Féach mír 85 de Threoirlínte Airteagal 101(3).

<sup>(166)</sup> Féach breithiúnas an 16 Márta 2000, *Compagnie Maritime Belge*, Cásanna Uamtha C-395/96 P agus C-396/96 P, EU:C:2000:132, mír 130. Ar an gcaoi céanna, ní chuirtear cosc ar chur i bhfeidhm rialacha an Chonartha maidir le saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, daoine agus caipitil le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh. Tá na forálacha sin infheidhme in imthosca áirithe maidir le comhaontuithe, cinní agus cleachtais chomhbheartaithe de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh, chun na críche sin féach breithiúnas an 19 Feabhra 2002, *Wouters agus Eile*, C-309/99, EU:C:2002:98, mír 120.

<sup>(167)</sup> Féach breithiúnas an 10 Iúil 1990, *Tetra Pak v an Coimisiún*, Cás T-51/89, EU:T:1990:41. Féach freisin mír 106 de na Treoirlínte d'Airteagal 101(3).

8.2.1. *Ceangal aonbhranda*

- (298) Faoi cheannteideal “ceangal aonbhranda” a thagann na comhaontuithe sin a bhfuil mar phríomhghné acu go gceanglaítear nó go dtugtar ar an gceannaitheoir a ordúithe le haghaidh cineál áirithe táirge a chomhchruinniú le haon soláthróir amháin. Féadfar an ceanglas sin a aimsiú i measc ceanglais eile i gclásail gan dul in iomaíocht agus i gclásail fórsála cainníochta a fhorchuirtear ar an gceannaitheoir. Bíonn socrú gan dul in iomaíocht bunaithe ar scéim oibleagáide nó dreasachta a bhfuil mar thoradh uirthi go gceannaíonn an ceannaitheoir níos mó ná 80 % dá riachtanais ar mhargadh ar leith ó aon soláthróir amháin. Ní chiallaíonn sé nach féidir leis an gceannaitheoir ceannach go díreach ach ón soláthróir sin amháin, ach nach ndéanfaidh an ceannaitheoir earraí nó seirbhísí iomaíocha a cheannach agus a athdhíol nó a ionchorprú de facto. Is cineál níos laige oibleagáide gan dul in iomaíocht ar an gceannaitheoir é fórsáil chainníochta, faoina mbíonn mar thoradh ar dhreasachtaí nó ar oibleagáidí a chomhaontaítear idir an soláthróir agus an ceannaitheoir go gcomhchruinniú an ceannaitheoir a cheannacháin le haon soláthróir amháin den chuid is mó. Mar shampla, d’fhéadfadh fórsáil chainníochta a bheith i bhfoirm íoscheanglais cheannaigh, ceanglais maidir le stoc nó praghsáil neamhlíneach, amhail scéimeanna lacáiste coinníollacha nó taraif dhá chuid (muirear seasta móide praghas in aghaidh an aonaid). Maidir le clásal Sasanach, mar a thugtar air, faoina gceanglaítear ar an gceannaitheoir aon tairiscint níos fearr a thuairisciú agus faoina bhfuil cosc air glacadh leis an tairiscint sin ach amháin nuair nach gcuireann an soláthróir an tairiscint chéanna ar fáil, d’fhéadfaí a bheith ag súil go mbeadh an éifeacht chéanna leis an gclásal sin is atá ag oibleagáid ceangail aonbhranda, go háirithe nuair a cheanglaítear ar an gceannaitheoir a nochtadh cé a dhéanann an tairiscint is fearr.
- (299) Ar na rioscaí iomaíochta féideartha a bhaineann le ceangal aonbhranda, tá foriamh an mhargaidh do sholáthróirí iomaíocha agus do sholáthróirí ionchasacha, maolú na hiomaíochta agus éascú an chlaonpháirteachais idir soláthróirí i gcás úsáid charnach agus, i gcás inar miondioltóir é an ceannaitheoir a bhíonn ag díol le tomhaltóirí deiridh, cailteanas iomaíochta ar an láthair idir brandaí. Bíonn tionchar díreach ag na héifeachtaí sriantacha sin ar an iomaíocht idir brandaí.
- (300) Is féidir le comhaontuithe brandála aonair leas a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720 i gcás nach mó ná 30 % sciar an tsoláthróra ná an cheannaitheora den mhargadh agus nach faide ná 5 bliana an oibleagáid neamhiomaíochta. Mar a leagtar amach i mír (248) de na Treoirí seo, féadfaidh comhaontuithe brandála aonair atá inathnuaite go hintuigthe thar thréimhse 5 bliana tairbhe a bhaint as blocdhíolúine, ar choinníoll gur féidir leis an gceannaitheoir an comhaontú aonair brandála a athchaibidliú nó a fhoirceannadh trí thréimhse réasúnta fógra a thabhairt agus ar chostas réasúnta, agus ar an gcaoi sin féadfaidh an ceannaitheoir a sholáthróir a athrú go héifeachtach tar éis don thréimhse 5 bliana dul in éag. Mura gcomhlíontar na coinníollacha sin, ní mór measúnú aonair a dhéanamh ar an gcomhaontú branda aonair.
- (301) Maidir leis an acmhainneacht go bhféadfadh foriamh frithiomaíocha a bheith ina thoradh ar oibleagáidí ceangail aonbhranda soláthróra shonraigh, tagann an acmhainneacht sin chun cinn go háirithe i gcás, d’uireasa na n-oibleagáidí, ina ndéanadh iomaitheoirí nach bhfuil sa mhargadh go fóill tráth a thugtar na hoibleagáidí i gcrích, nó nach bhfuil in ann dul san iomaíocht le haghaidh sholáthar iomlán na gcustaiméirí, srian iomaíoch tábhachtach a fheidhmiú. D’fhéadfaí nach mbeadh sé ar a gcumas d’iomaitheoirí dul san iomaíocht le haghaidh éileamh iomlán custaiméara aonair mar gheall gur comhpháirtí trádála dosheachanta é an soláthróir i gceist le haghaidh cuid den éileamh ar an margadh ar a laghad, mar shampla toisc gur “earra nach mór a bheith i stoc” atá sa bhranda ar fearr le go leor tomhaltóirí deiridh é nó toisc nach bhféadfadh ach an soláthróir i gceist cuid den éileamh a sholáthar mar thoradh ar na srianta acmhainneachta ar sholáthróirí eile<sup>(168)</sup>. Dá bhrí sin, tá suíomh an tsoláthróra ar an margadh rithábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí frithiomaíocha féideartha oibleagáidí ceangail aonbhranda.
- (302) Más féidir le hiomaitheoirí dul san iomaíocht ar théarmaí comhionanna maidir le héileamh iomlán gach custaiméara ar leith, is iondúil nach gcuirfidh oibleagáidí brandála aonair a fhorchuireann soláthraí aonair srian mór ar an iomaíocht ach amháin más deacair do chustaiméirí athrú ó sholáthraí amháin go chéile mar gheall ar fhad ama agus cumhdach margaidh na n-oibleagáidí aonair brandála. Dá airde a chuid den sciar den mhargadh a dhíoltar faoi oibleagáid ceangail aonbhranda agus/nó dá fhaide na n-oibleagáidí ceangail aonbhranda, is ea is mó an foriamh is dócha a bheidh ann. Is dóchúla go mbeidh foriamh frithiomaíoch ina thoradh ar oibleagáidí ceangail aonbhranda nuair is iad cuideachtaí ceannasacha a dtugtar i gcrích iad.

<sup>(168)</sup> Féach breithiúnas an 23 Deireadh Fómhair 2003, *Van den Bergh Foods v An Coimisiún*, Cás T-65/98, EU:T:2003:281, míreanna 104 agus 156.

- (303) Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chumhacht mhargaidh an tsoláthróra, baineann tábhacht le suíomh a iomaitheoirí ar an margadh. Fad is atá na hiomaitheoirí iomadúil agus láidir a ndóthain, ní féidir a bheith ag súil le haon éifeacht fhrithiomaíoch shuntasach. Ní dócha go dtarlódh foriamh iomaitheoirí i gcás ina bhfuil suíomh comhchosúil ar an margadh acu agus ina bhféadfaidh siad táirgí atá chomh tarraingteach céanna a thairiscint. I gcás den sórt sin, d'fhéadfadh foriamh a bheith ann, mar sin féin, le haghaidh iontrálaithe ionchasacha nuair a dhéanann roinnt soláthróirí móra conarthaí ceangail aonbhranda le líon mór ceannaitheoirí ar an margadh ábhartha (cás na héifeachta carnaí). Is cáis é sin freisin ina bhféadfadh comhaontuithe ceangail aonbhranda an claonpháirteachas a éascú idir soláthróirí iomaíocha. I gcás ina dtairbhíonn na comhaontuithe sin den díolúine dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2022/720, d'fhéadfadh sé gur ghá sochar na blocdhíolúine a aistarraingt chun déileáil le héifeacht dhiúltach charnach den sórt sin. Tríd is tríd, ní mheastar go gcuireann sciar ceangailte den mhargadh níos lú ná 5 % go mór le héifeacht foriamh carnach.
- (304) I gcásanna ina bhfuil sciar an tsoláthróra is mó den mhargadh faoi bhun 30 % agus ina bhfuil sciar na gcúig sholáthróir is mó den mhargadh faoi bhun 50 %, ní dócha go mbeidh cáis éifeachta frithiomaíche aonair nó carnaí ann. I gcás nach féidir le hiontrálai ionchasach dul i bhfód ar an margadh go brabúsach, is dócha gur i ngeall ar thosca eile seachas oibleagáidí ceangail aonbhranda é sin, amhail na roghanna is fearr leis na tomhaltóirí.
- (305) Chun a chinneadh an dócha go ndéanfar foriamh frithiomaíoch, is gá measúnú a dhéanamh ar scála na mbacainní iontrála. Sna cásanna ina bhfuil sé sách éasca ar sholáthróirí iomaíocha a líonra dáileacháin comhtháite féin a chruthú nó dáileoirí malartacha a aimsiú dá dtáirge, ní dócha go mbeadh an foriamh ina fhadhb mhór.
- (306) Tá tábhacht le cumhacht frithchúitimh, mar ní cheadóidh ceannaitheoirí cumhachtacha go héasca go scoithfear iad ón soláthar earraí nó seirbhísí iomaíocha. Go ginearálta, le cur ina luí ar chustaiméirí glacadh le ceangal aonbhranda, d'fhéadfaí go mbeadh ar an soláthróir iad a chúiteamh, in iomlán nó i bpáirt, as an gcaillteanas san iomaíocht a d'eascair as an eisiachas. I gcás ina dtugtar an cúiteamh sin, d'fhéadfaí go rachadh sé chun tairbhe custaiméara aonair oibleagáidí ceangail aonbhranda a thabhairt i gcrích leis an soláthróir. Bheadh sé mícheart, mar sin féin, a thuiscint uaidh sin go mbíonn gach oibleagáidí ceangail aonbhranda, i dteannta a chéile, tairbheach ar an iomlán le haghaidh custaiméirí ar an margadh sin agus le haghaidh tomhaltóirí deiridh. Go háirithe, ní dócha go rachadh sé chun tairbhe tomhaltóirí ar an iomlán má tá an iomarca custaiméirí ann agus má bhíonn sé d'éifeacht ag na hoibleagáidí ceangail aonbhranda, i dteannta a chéile, cosc a chur ar iontráil nó ar leathnú gnóthas iomaíoch.
- (307) Ar deireadh, tá an leibhéal sa slabhra táirgthe nó dáilte ábhartha. Is lú an dóchúlacht go mbeidh foriamh ann i gcás táirge idirmheánach. I gcás nach bhfuil an soláthróir táirge idirmheánaigh ceannasach, bíonn cuid mhór den éileamh saor ag na soláthróirí iomaíocha. D'fhéadfadh iarmhairtí foriaimh fhrithiomaíoch a bheith mar thoradh ar bhrandaí aonair, áfach, faoi leibhéal na ceannasachta i gcásanna ina bhfuil tionchar carnach ann. Ní dócha go dtiocfadh éifeacht fhrithiomaíoch charnach chun cinn fad is atá níos lú ná 50 % den mhargadh faoi cheangal.
- (308) I gcás ina mbaineann an comhaontú le soláthar táirge deiridh ar leibhéal mórdhíola, braitheann an dóchúlacht go dtiocfadh fadhb iomaíochta chun cinn cuid mhór ar an gcineál mórdhíola agus ar na bacainní iontrála ar an leibhéal mórdhíola. Níl aon riosca dáiríre foriaimh ann más féidir le monaróirí iomaíocha a gcóras mórdhíola féin a bhunú go héasca. Cibé acu atá bacainní iontrála íseal nó nach bhfuil, braitheann sé i bpáirt ar an gcineál córais mórdhíola is féidir leis an soláthróir a bhunú go héifeachtúil. I margadh ina bhféadfaidh mórdhíol feidhmiú go héifeachtúil leis an táirge lena mbaineann an comhaontú agus leis sin amháin (uachtar reoite, mar shampla), tá leas ag an monaróir ina chóras mórdhíola féin a bhunú agus ní dócha go ndéanfaí é a fhoriamh ón margadh sin. Os a choinne sin, i margadh inarb éifeachtúla raon iomlán táirgí a mhórdhíol (earraí bia reoite, mar shampla), níl sé éifeachtúil do mhonaróir nach ndíolann ach aon táirge amháin a oibríocht mhórdhíola féin a bhunú. Gan rochtain ar mhórdhíoltóirí seanbhunaithe, is dócha go ndéanfaí an monaróir a eisiáil ón margadh sin. Sa chás sin, d'fhéadfaí go dtiocfadh éifeachtaí frithiomaíocha chun cinn. Ina theannta sin, d'fhéadfaí go dtiocfadh fadhbanna éifeachta carnaí chun cinn dá ndéanfadh roinnt soláthróirí formhór na mórdhíoltóirí atá ar fáil a chur faoi cheangal.
- (309) Maidir le táirgí deiridh, is dóichí go ginearálta go dtarlódh foriamh ar an leibhéal miondíola, i bhfianaise na mbacainní iontrála móra a bhíonn ar fhorhmór na monaróirí maidir le hasraonta miondíola a bhunú le haghaidh a dtáirgí dílse amháin. Ina theannta sin, is ar an leibhéal miondíola a d'fhéadfadh níos lú iomaíocht idirbhranda ar an láthair a bheith ann mar thoradh ar chomhaontuithe ceangail aonbhranda. Is ar na cúiseanna

sin, le haghaidh táirgí deiridh ar an leibhéal miondíola, go bhféadfaí go dtiocfadh éifeachtaí frithiomaíocha suntasacha chun cinn, agus gach toisc ábhartha eile á cur san áireamh, má chuireann soláthróir neamhcheannasach 30 % nó níos mó den mhargadh ábhartha faoi cheangal. Maidir le cuideachta ceannasach, d'fhéadfaí go dtiocfadh éifeachtaí frithiomaíocha suntasacha chun cinn fiú i gcás sciar réasúnta beag den mhargadh a bheith faoi cheangal.

- (310) D'fhéadfadh éifeacht charnach foriaimh teacht chun cinn freisin ar an leibhéal miondíola. I gcás ina bhfuil sciar den mhargadh faoi bhun 30 % ag gach soláthróir, ní dócha go mbeidh éifeacht foriaimh charnach fhrithiomaíoch ann más lú ná 40 % é an sciar iomlán den mhargadh atá faoi cheangal agus ní dócha dá bhrí sin go dtarraingeofar an bhlocdhíolúine siar. D'fhéadfadh an figiúr sin a bheith níos airde nuair a chuirtear san áireamh tosca eile amhail an líon iomaitheoirí, bacainní ar iontráil, etc. I gcás ina bhfuil scaireanna margaidh ag cuid de na cuideachtaí os cionn na tairisí a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/720 ach nach bhfuil aon chuideachta ceannasach, ní dócha go mbeidh éifeacht foriaimh charnach fhrithiomaíoch aige más rud é go bhfuil an sciar iomlán den mhargadh ceangailte faoi bhun 30 %.
- (311) I gcás ina mbíonn an ceannaitheoir ag oibriú ó áitreabh agus ó thalamh ar leis an soláthróir é nó atá ar léas ag an soláthróir ó thríú páirtí nach bhfuil baint aige leis an gceannaitheoir, ní bheidh ach féidearthacht theoranta ann go bhforchuirfí bearta ceartaitheacha le haghaidh éifeacht foriaimh a d'fhéadfadh a bheith ann. Sa chás sin, ní dócha go ndéanfaidh an Coimisiún idirghabháil faoi bhun an leibhéil ceannasachta.
- (312) In earnálacha áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith deacair níos mó ná branda amháin a dhíol as láithreán aonair agus, sa chás sin, is fearr a fhéadfar fadhb foriaimh a cheartú trí theorainn a chur le fad éifeachtach conarthaí.
- (313) I gcás ina mbíonn éifeachtaí sriantacha suntasacha ag gabháil le brandáil aonair, is gá a mheas an gcruthaíonn an comhaontú éifeachtúlachtaí a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh. Maidir le hoibleagáidí gan dul in iomaíocht, d'fhéadfadh ábharthacht ar leith a bheith ag baint leis na héifeachtúlachtaí a ndéantar cur síos orthu i mír (16), pointe (b) (saorthairbhiú idir soláthróirí), pointí (e) agus (f) (fadhbanna na moille) agus pointe (i) (neamhghoirfeachtaí sa mhargadh caipitil).
- (314) Maidir leis na héifeachtúlachtaí a ndéantar cur síos orthu i mír (16), pointe (b), pointe (e) agus pointe (i), d'fhéadfadh sé gur rogha eile nach mbeadh chomh sriantach sin a bheadh i órsáil chainníochta ar an gceannaitheoir. D'fhéadfadh oibleagáid gan dul in iomaíocht a bheith mar an t-aon bhealach inoibrithe amháin chun éifeachtúlacht a bhaint amach mar a thugtar tuairisc uirthi i mír (16), pointe (f) de na Treoirlínte seo, (fadhb na moille a bhaineann le haistriú fios gnó).
- (315) I gcás infheistíochta a bhaineann go sonrach le caidreamh arna déanamh ag an soláthróir (féach mír (16), pointe (e) de na Treoirlínte seo), déanfaidh comhaontú gan dul in iomaíocht nó comhaontú fórsála cainníochta le haghaidh thréimhse dímheasa na hinfeistíochta coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh a chomhlíonadh go ginearálta. I gás ard-infheistíochtaí a bhaineann go sonrach le caidreamh, d'fhéadfadh údar a bheith le hoibleagáid gan dul in iomaíocht ar feadh níos mó ná 5 bliana. D'fhéadfadh infheistíocht a bhaineann go sonrach le caidreamh a bheith, mar shampla, i dtrealamh arna shuiteáil nó arna oiriúnú ag an soláthróir i gcás nach bhféadfar an trealamh sin a úsáid ina dhiaidh sin ach amháin chun comhchodanna a tháirgeadh do cheannaitheoir áirithe. De ghnáth, ní infheistíochtaí a bhaineann go sonrach le caidreamh iad infheistíochtaí ginearálta nó infheistíochtaí a bhaineann go sonrach le margadh a dhéantar in acmhainneacht (bhreise). I gcás ina gcruthaíonn soláthróir acmhainneacht nua atá nasctha go sonrach le hoibriúcháil ceannaitheora áirithe, áfach, mar shampla cuideachta a tháirgeann cannaí miotail lena gcruthaítear acmhainneacht nua chun cannaí a tháirgeadh ar áitreabh shaoráid stánaithe táirgeora bia nó in aice leis an áitreabh sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an acmhainneacht nua sin inmharthana ar bhealach eacnamaíoch ach amháin le linn táirgthe don chustaiméir áirithe sin agus, sa chás sin, mheasfaí go mbaineann an infheistíocht go sonrach le caidreamh.
- (316) Is féidir oibleagáidí gan dul in iomaíocht a úsáid freisin chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na moille d'infheistíochtaí a bhfuil cuspóirí inbhuanaitheachta á saothrú acu. Mar shampla, d'fhéadfadh fadhb an mhoille teacht chun cinn i gcás ina mian le soláthróir fuinnimh a bhfuil éileamh méadaitheach ar fhuinneamh in-athnuaite <sup>(169)</sup> roimhe infheistíocht a dhéanamh i ngléasa hidreachumhachta nó i bhfeirm ghaoithe. D'fhéadfadh sé nach mbeidh an soláthróir toilteanach glacadh leis an riosca infheistíochta fadtéarmaí sin ach amháin má tá líon leordhóthanach ceannaitheoirí toilteanach gealltanais a thabhairt fuinneamh in-athnuaite breise a cheannach ar feadh tréimhse níos faide. D'fhéadfadh comhaontuithe ingearacha den sórt sin le ceannaitheoirí a bheith ar son na hiomaíochta, mar d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an oibleagáid fhadtéarmach neamh-iomaíoch chun go ndéanfaí an infheistíocht ar chor ar bith, nó chun go ndéanfaí í ar an scála atá beartaithe nó laistigh den am atá beartaithe. Dá bhrí sin, féadfaidh na hoibleagáidí neamh-chomhlíontacha sin coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh a chomhlíonadh má tá tréimhse fhada dímheasa ag infheistíocht an tsoláthróra, tréimhse a théann thar na 5 bliana a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/720 <sup>(170)</sup>.

<sup>(169)</sup> Féach Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

<sup>(170)</sup> Féadfaidh feidhm a bheith ag ceanglas eile de chuid an Aontais maidir le hinfeistíochtaí den sórt sin i bhfuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear na hinfeistíochtaí sin a eascraíonn as Airteagal 106(1) den Chonradh, na rialacha Státchabhrach agus na rialacha maidir leis an margadh inmheánach.

- (317) I gcás ina gcuireann an soláthróir iasacht nó trealamh ar fáil don cheannaitheoir nach mbaineann go sonrach leis an gcaidreamh, tríd is tríd ní dócha go mbeidh sé sin ina éifeachtúlacht a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh i gcás ina mbíonn éifeachtaí foriamh frithiomaíoch mar thoradh ar an gcomhaontú. I gcás neamhghoirfeacht ar an margadh caipitil, d'fhéadfadh sé a bheith níos éifeachtaí do sholáthróir táirge iasacht a chur ar fáil, seachas banc (féach mír (16), pointe (i) de na Treoirí seo). I gcás den sórt sin, áfach, ba cheart an iasacht a thabhairt ar an mbealach is lú srian agus dá réir sin go ginearálta níor cheart an ceannaitheoir a chosc ar an oibleagáid a fhoirceannadh agus an chuid den iasacht atá amuigh a íoc tráth ar bith agus gan aon phionós a íoc.
- (318) De ghnáth, tugann an t-aistriú fios gnó substaintiúil (mír (16), pointe (f) de na Treoirí seo) údar le hoibleagáid gan dul in iomaíocht ar feadh fhad iomlán an chomhaontaithe soláthair, mar shampla i gcomhthéacs saincheadúcháin.
- (319) Seo a leanas sampla d'oibleagáid neamh-chomhlíontach

Déanann ceannaire margaidh i margadh náisiúnta le haghaidh táirge tobthomhaltóra, a bhfuil sciar 40 % den mhargadh aige, an chuid is mó dá chuid táirgí (90 %) a dhíol trí mhiondíoltóirí faoi cheangal (sciar 36 % den mhargadh faoi cheangal). Cuireann na comhaontuithe oibleagáid ar na miondíoltóirí gan táirgí a cheannach ach ón gceannaire margaidh agus uaidh sin amháin ar feadh 4 bliana ar a laghad. Tá ionadaíocht láidir ag an gceannaire margaidh go háirithe sna ceantair a bhfuil daonra mór iontu amháin an phríomhchathair. Tá 10 iomaitheoir ann, ach níl táirgí cuid acu ar fáil ach amháin in áiteanna áirithe agus tá sciar den mhargadh i bhfad níos lú acu, an sciar is mó ag 12 %. Cuimsíonn na 10 n-iomaitheoir sin le chéile 10 % eile de sholáthar an mhargaidh trí asraonta faoi cheangal. Tá difreáil láidir idir brandaí agus táirgí sa mhargadh. Tá na brandaí is láidre ag an gceannaire margaidh. Is é an t-aon cheann amháin le feachtais náisiúnta fógraíochta rialta agus soláthraíonn a mhiondíoltóirí ceangailte le caibinéid stocála speisialta dá tháirge.

Is é a bhíonn dá thoradh sin ar an margadh go bhforiatar 46 % (36 % + 10 %) den mhargadh in aghaidh iontrálaithe féideartha agus gnólachtaí atá ann cheana nach bhfuil asraonta faoi cheangal acu. Is deacra fós d'iontrálaithe féideartha teacht isteach sa mhargadh i gceantair a bhfuil daonra mór iontu, áit a bhfuil níos mó foriainm fós ann, cé gur sna ceantair sin ar fearr leo teacht isteach sa mhargadh. Ina theannta sin, toisc difreáil láidir a bheith idir branda agus táirge agus na costais chuardaigh a bheith ard i gcoibhneas le praghas an táirge, tá easpa iomaíochta idirbhanda ar an láthair agus cailteanas breise leasa do thomhaltóirí ann dá dheasca. Is teoranta iad na héifeachtúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an eisiachas asraon, arb é a mhaíonn an ceannaire margaidh ina leith go bhfuil siad mar thoradh ar chostais laghdaithe iompair agus ar fhadhb na moille a d'fhéadfadh a bheith leis na cófraí stocála, agus ní mó iad ná na héifeachtaí diúltacha a bhíonn ar iomaíocht. Tá na héifeachtúlachtaí teoranta toisc go bhfuil na costais iompair nasctha le cainníocht seachas le heisiachas agus nach bhfuil fios gnó speisialta i gceist leis na cófraí stocála agus nach mbaineann siad go sonrach le branda ar leith. Dá réir sin ní dócha go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh.

- (320) Seo a leanas sampla de forcing cainníocht

Déanann táirgeoir X a bhfuil sciar 40 % den mhargadh aige 80 % dá chuid táirgí a dhíol trí chonarthaí ina sonraítear go gceanglaítear ar an athdhíoltóir 75 % ar a laghad dá chuid ceanglas i dtaca leis an gcineál sin táirge a cheannach ó X. Maireann na conarthaí 5 bliana agus tá an iasacht le haisíoc i dtráthchodanna comhionanna. Tar éis an chéad 2 bhliain, áfach, tá an fhéidearthacht ag ceannaitheoirí an conradh a fhoirceannadh le tréimhse fhógra 6 mhí má aisíocann siad an chuid den iasacht atá amuigh agus má shealbhaíonn siad an trealamh ar a luach sócmhainne margaidh. Ag deireadh na tréimhse 5 bliana is maoin de chuid an cheannaitheora é an trealamh. Is táirgeoirí beaga iad formhór na dtáirgeoirí atá san iomaíocht, 12 san iomlán agus tá sciar den mhargadh is mó acu de 20 %, agus bíonn siad i mbun conarthaí comhchosúla le tréimhsí difriúla. Is minic a bhíonn conarthaí níos faide agus nach bhfuil clásail foircinn chomh flaitiúil céanna iontu ag táirgeoirí a bhfuil a sciar den mhargadh níos lú ná 10 %. Fágann conarthaí tháirgeoir X 25 % de na ceanglais faoi iomaitheoirí a sholáthar. Le 3 bliana anuas, tháinig dhá tháirgeoir nua isteach sa mhargadh agus ghnóthaigh sciar comhroinnte den mhargadh de thart ar 8 %, go páirteach trína bheith ag sealbhú iasachtaí roinnt athdhíoltóirí i gcomaoin ar chonarthaí leis na hathdhíoltóirí sin.

Is é 24 % an sciar den mhargadh atá faoi cheangal ag X ( $0.75 \times 0.80 \times 40\%$ ). Tá an sciar den mhargadh atá faoi cheangal ag na táirgeoirí eile thart ar 25 %. Dá bhrí sin, tá thart ar 49 % den mhargadh san iomlán foriata in aghaidh iontrálaithe féideartha agus gnólachtaí atá ann cheana nach bhfuil asraonta faoi cheangal acu ar feadh an chéad 2 bhliain ar a laghad de na conarthaí soláthair. Léiríonn an margadh gur minic a bhíonn deacracht ag na hathdhíoltóirí iasachtaí a fháil ó bhainc agus go bhfuil siad róbhéag go ginearálta chun caipiteal a fháil ar bhealaí eile amhail eisiúint scaireanna. Ina theannta sin, tá táirgeoir X in ann a léiriú go bhféadann sé a chuid díolachán a phleanáil níos fearr agus costais iompair a choigilt de bharr a dhíolacháin a dhíriú ar líon teoranta athdhíoltóirí. I bhfianaise na n-éifeachtúlachtaí ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, an chuid 25 % nach bhfuil faoi cheangal i gconarthaí tháirgeoir X, foirceannadh luath an chonartha a bheith ina fhéidearthacht i ndáiríre, táirgeoirí nua a bheith tagtha isteach le déanaí agus gan thart ar leath de na hathdhíoltóirí a bheith faoi cheangal, is dócha go gcomhlíonann an fhórsaí chainníochta 75 % arna cur i bhfeidhm ag táirgeoir X coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh.

#### 8.2.2. Soláthar eisiach

- (321) Tagraíonn soláthar eisiach do dhiúscairtí a chuireann oibleagáid ar an soláthróir nó a spreagann an soláthróir chun táirgí an chonartha a dhíol go heisiach nó go príomha le ceannaitheoir amháin, i gcoitinne nó le haghaidh úsáid ar leith. D'fhéadfadh srianta den sórt sin a bheith i bhfoirm oibleagáid eisiach soláthair, lena gcuirtear d'oibleagáid ar an soláthróir gan ach aon cheannaitheoir amháin a dhíol chun críocha athdhiola nó úsáide áirithe. Féadfaidh siad freisin, mar shampla, a bheith i bhfoirm forcaithe cainníochta ar an soláthróir, i gcás ina gcomhaontaítear dreasachtaí idir soláthróir agus ceannaitheoir a dhéanann a chuid díolachán leis an gceannaitheoir sin den chuid is mó. Maidir le hearraí nó seirbhísí idirmheánacha, is minic a thagraítear do sholáthar eisiach mar sholáthar tionsclaíoch.
- (322) Cumhdaítear comhaontú soláthair eisiach leis an mblocdhíolúine i Rialachán (AE) 2022/720, i gcás nach mó ná 30 % sciar an tsoláthóra ná an mhargaidh atá ag an gceannaitheoir, fiú amháin má tá siad in éineacht le srianta ingearacha neamhchrua eile, amhail oibleagáidí neamh-chomhoiriúnacha. Soláthraítear treoraíocht leis an gcuid eile den roinn seo 8.2.2 maidir le measúnú a dhéanamh ar sholáthar eisiach i gcásanna aonair os cionn na tairisí maidir le sciar den mhargadh.
- (323) Is é an príomhriosca iomaíochta a bhaineann le soláthar eisiach é foriamh frithiomaíoch ceannaitheoirí eile. Tá comhchosúlacht ann leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dáileadh eisiach, go háirithe i gcás ina dtagann an dáileoir eisiach chun bheith sa cheannaitheoir eisiach le haghaidh margadh iomlán (féach go háirithe mír (130)). Is léir go bhfuil sciar margaidh an cheannaitheora ar an margadh ceannaigh réamhtheachtach tábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar chumas an cheannaitheora soláthar eisiach a fhorchur lena bhforiatar ceannaitheoirí eile ó rochtain a bheith acu ar sholáthairtí. Ach is é tábhacht an cheannaitheora ar an margadh iartheachtach an toisc is suntasaí chun a chinneadh cé acu a thiocfaidh fadhb iomaíochta chun cinn nó nach dtiocfaidh. Mura bhfuil aon chumhacht ag ceannaitheoir ar an margadh iartheachtach, ní féidir coinne a bheith le móréifeachtaí diúltacha do thomhaltóirí. D'fhéadfadh éifeachtaí diúltacha teacht chun cinn i gcás ina bhfuil sciar margaidh an cheannaitheora níos mó ná 30 % ar an margadh soláthair iartheachtach mar aon leis an margadh ceannaigh réamhtheachtach. I gcás nach bhfuil sciar margaidh an cheannaitheora ar an margadh réamhtheachtach níos mó ná 30 %, d'fhéadfadh éifeachtaí foriaimh suntasacha teacht chun cinn fós, go háirithe i gcás ina bhfuil sciar margaidh an cheannaitheora ar a mhargadh iartheachtach níos mó ná 30 % agus ina mbaineann an soláthar eisiach le húsáid ar leith de tháirgí an chonartha. I gcás ina bhfuil cuideachta ceannasach ar an margadh iartheachtach, is dócha go mbeidh éifeachtaí frithiomaíochta suntasacha ag aon oibleagáid chun na táirgí a sholáthar go heisiach nó go príomha don cheannaitheoir ceannasach.
- (324) Anuas ar staid mhargaidh an cheannaitheora ar an margadh réamhtheachtach agus iartheachtach, tá sé tábhachtach freisin méid agus fad na hoibleagáide maidir le soláthar eisiach a chur san áireamh. Dá airde an sciar den mhargadh atá faoi cheangal, agus dá fhaide an oibleagáid maidir le soláthar eisiach, is ea is suntasaí an éifeacht foriaimh is dócha a bheidh ann. Ceanglaítear cothromaíocht idir éifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta agus éifeachtaí frithiomaíochta go hiondúil le comhaontuithe soláthair eisiach níos giorra ná 5 bliana a dhéanann cuideachtaí neamhcheannasacha, ach ní mheastar go bhfuil comhaontuithe ar faide iad ná 5 bliana riachtanach le haghaidh formhór na gcineálacha infheistíochtaí chun na héifeachtúlachtaí a mhaítear a bhaint amach nó ní leor na héifeachtúlachtaí chun bheith níos mó ná an éifeacht foriaimh a bhíonn ag comhaontuithe soláthair eisiach fadtéarmacha den sórt sin.
- (325) Tá staid mhargaidh na gceannaitheoirí iomaíochta ar an margadh réamhtheachtach tábhachtach freisin mar is dócha go ndéanfaidh comhaontú soláthair eisiach ceannaitheoirí iomaíochta a fhoriamh ar chúiseanna frithiomaíochta, amhail a gcostais a mhéadú, go háirithe má tá siad i bhfad níos lú ná an ceannaitheoir foriata. Ní ródhócha go bhforiatar ceannaitheoirí iomaíochta i gcás ina bhfuil cumhacht na gceannaitheoirí sin agus an cheannaitheora atá ina pháirtí sa chomhaontú comhchosúil agus ina bhfuil ar a chumas dóibh féidearthachtaí

comhchosúla díolachán a thairiscint do na soláthróirí. I gcás den sórt sin, ní fhéadfaí ach iontrálaithe féideartha a fhoriamh nach mbeadh ar a gcumas, b'fhéidir, soláthairtí a fháil i gcás ina ndéanann na mórcheannaitheoirí uile conarthaí soláthair eisiach le formhór na soláthróirí ar an margadh. D'fhéadfadh tarraingt siar thairbhe Rialachán (AE) 2022/720 a bheith mar thoradh ar éifeacht foriarmh chernach den sórt sin.

- (326) Tá bacainní ar iontráil ar leibhéal an tsoláthóra mar aon le méid na mbacainní sin ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar cé acu atá fíor-fhoriarmh ann nó nach bhfuil. A mhéid a bheidh sé éifeachtúil do cheannaitheoirí iomaíocha na hearraí nó na seirbhísí a sholáthar iad féin trí chomhtháthú ingearach réamhtheachtach, ní dócha gur fíorfhadhb a bheidh san fhoriamh.
- (327) Ba cheart cumhacht frithchúitimh soláthróirí a chur san áireamh freisin ós rud é nach go héasca a ligfidh soláthróirí cumhachtacha do cheannaitheoirí amháin iad a scaradh amach ó cheannaitheoirí malartacha. Tá riosca ann dá bhrí sin go dtarlóidh foriamh go príomha i gcás soláthróirí laga agus ceannaitheoirí láidre. I gcás soláthróirí láidre, d'fhéadfadh an soláthar eisiach a bheith le fáil in éineacht le hoibleagáidí gan dul in iomaíocht. Maidir leis na teaglamaí sin, is gá freisin tagairt a dhéanamh don treoir maidir le brandáil aonair. I gcás ina bhfuil infheistíochtaí a bhaineann go sonrach le caidreamh i gceist ar an dá thaobh (fadhb na moille) d'fhéadfadh údar a bheith leis an gcomhcheangal idir soláthar eisiach agus oibleagáidí gan dul in iomaíocht, is é sin eisiachas cómhalmartach i gcomhaontuithe soláthair thionsclaíoch, go háirithe faoi bhun an leibhéil ceannasachta.
- (328) Ar deireadh, tá leibhéal na trádála agus nádúr an táirge ábhartha chun na héifeachtaí foriarmh a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas. Is lú seans go dtarlóidh foriamh frithiomaíoch i gcás táirge idirmheánach nó i gcás ina bhfuil an táirge aonchineálach. Ar an gcéad dul síos, is iondúil go mbíonn níos mó solúbthachta ag monaróir foriata a bhaineann úsáid as ionchur áirithe freastal ar éileamh a chuid custaiméirí ná mar atá ag an mórdhíoltóir nó an miondhíoltóir agus iad ag freastal ar éileamh an tomhaltóra deiridh a bhféadfadh brandaí a bheith tábhachtach dóibh. Ar an dara dul síos, is lú tábhacht do cheannaitheoirí foriata foinshe fhéideartha soláthair a chailleadh i gcás táirgí aonchineálacha ná i gcás táirge ilchineálach a bhfuil gráid agus cáilíochtaí éagsúla de ann. I gcás táirgí brandáilte deiridh nó táirgí difreáilte idirmheánacha mar a bhfuil bacainní ar iontráil ann, d'fhéadfadh éifeachtaí frithiomaíocha suntasacha a bheith ag an soláthar eisiach i gcás ina bhfuil na ceannaitheoirí iomaíocha réasúnta beag i gcomparáid leis an gceannaitheoir a fhoriamh, fiú mura bhfuil an ceannaitheoir sa chás deireanach sin ceannasach ar an margadh iartheachtach.
- (329) Is féidir coinne a bheith le héifeachtúlachtaí i gcás fadhb mhoille (mír (16), pointí (e) agus (f)), agus is dóchúla go mbeidh éifeachtúlachtaí den sórt sin ann i gcás táirgí idirmheánacha ná táirgí deiridh. Is lú an seans go mbeidh éifeachtúlachtaí eile ann. Ní cosúil gur dócha go dtabharfaidh barainneachtaí scála i ndáileadh (mír (16), pointe (g)) údar le soláthar eisiach.
- (330) I gcás ina mbeidh fadhb mhoille ann agus go háirithe i gcás barainneachtaí scála i ndáileadh, d'fhéadfaí go maith gur rogha mhalartach nach mbeadh chomh sriantach céanna a bheadh san fhórsaí chainníochta ar an soláthar, amhail íoscheanglais soláthair.
- (331) Seo a leanas sampla de sholáthar eisiach

Ar mhargadh le haghaidh comhchodanna de chineál áirithe (margadh táirge idirmheánaigh) comhaontaíonn soláthróir A le ceannaitheoir B leagan difriúil den chomhchuid a fhorbairt trína chuid fios gnó féin a úsáid agus infheistíocht shuntasach a dhéanamh i meaisíní nua agus le cabhair sonraíochtaí arna soláthar ag ceannaitheoir B. Beidh ar B infheistíochtaí suntasacha a dhéanamh chun an chomhchuid nua a ghlacadh isteach. Comhaontaítear nach soláthróidh A an táirge nua ach amháin do cheannaitheoir B ar feadh tréimhse 5 bliana ón dáta a thagann an táirge isteach sa mhargadh den chéad uair. Tá oibleagáid ar B gan an táirge nua a cheannach ach amháin ó A ar feadh na tréimhse céanna 5 bliana sin. Féadann A agus B araon leanúint orthu ag díol agus ag ceannach, faoi seach, leaganacha eile den chomhchuid in áiteanna eile. Tá sciar 40 % den mhargadh ag ceannaitheoir B ar an margadh réamhtheachtach comhchodanna agus ar an margadh iartheachtach earraí deiridh. Tá sciar 35 % den mhargadh ag an soláthróir comhchodanna. Tá dhá sholáthróir eile comhchodanna ann a bhfuil sciar de thuairim agus 20-25 % den mhargadh acu agus líon áirithe soláthróirí beaga ann.

Mar gheall ar na hinfeistíochtaí suntasacha, is dócha go gcomhlíonfaidh an comhaontú coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh i bhfianaise na n-éifeachtúlachtaí agus na héifeachta teoranta foriarmh atá ann. Foriatar ceannaitheoirí eile ó leagan áirithe de tháirge soláthóra a bhfuil sciar 35 % den mhargadh aige, ach d'fhéadfadh soláthróirí eile comhchodanna táirgí nua comhchosúla a fhorbairt. Tá foriamh chuid d'éileamh cheannaitheoir B in aghaidh soláthróirí eile teoranta do mhéid uasta 40 % den mhargadh.

8.2.3. *Srianta ar úsáid margaí ar líne*

- (332) Nascann margaí ar líne ceannaithe agus custaiméirí ionchasacha d'fhonn ceannacháin dhíreacha a chumasú agus is soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne iad go ginearálta. Meastar chun críche na dTreoirlínte seo gur ardáin fógraíochta seachas margaí ar líne iad ardáin ar líne nach bhfuil aon fheidhmíocht le haghaidh ceannach díreach acu ach a atreoraíonn custaiméirí chuig suíomhanna gréasáin eile mar a bhféadtar earraí agus seirbhísí a cheannach <sup>(171)</sup>.
- (333) Is bealach tábhachtach díolachán le haghaidh soláthróirí agus miondíoltóirí iad margaí ar líne a thugann rochtain ar líon mór custaiméirí dóibh, agus tá na margaí sin tábhachtach freisin d'úsáideoirí deiridh. D'fhéadfadh margaí ar líne caoi a thabhairt do mhiondíoltóirí infheistíochtaí tosaigh níos lú a dhéanamh chun dul i mbun díolacháin ar líne. D'fhéadfaidís freisin díolacháin thrasteorann a éascú agus méadú a dhéanamh ar infheictheacht miondíoltóirí, beaga agus meánmhéide go háirithe, nach n-oibríonn a siopa féin ar líne nó nach bhfuil aithne mhaith ag úsáideoirí deiridh orthu.
- (334) D'fhéadfadh sé gur mhian le soláthróirí srian a chur leis an úsáid a bhainfeadh a gcuid ceannaitheoirí as margaí ar líne <sup>(172)</sup>, mar shampla chun íomhá agus staid a mbranda a chosaint, chun díol táirgí góchumtha a dhíspreagadh, chun seirbhísí leordhóthanacha réamhdhíolacháin agus iardhíolacháin a áirithiú nó chun a áirithiú go gcoinneoidh an ceannaitheoir caidreamh díreach ar bun le tomhaltóirí. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis na srianta sin toirmeasc iomlán ar mhargaí ar líne a úsáid go srianta ar úsáid margaí ar líne nach gcomhlíonann ceanglais cháilíochtúla áirithe. D'fhéadfadh soláthróirí cosc a chur ar úsáid margaí ina ndíoltar táirgí ar ceant, mar shampla, nó d'fhéadfaidís a cheangal ar cheannaitheoirí margaí speisialaithe a úsáid chun a áirithiú go gcomhlíonfar caighdeáin áirithe cháilíochta maidir leis an gcomhshaol agus go gcloifear le paraiméadair áirithe maidir le díol a gcuid earraí nó seirbhísí. D'fhéadfadh forchur ceanglas cáilíochtúil áirithe toirmeasc *de facto* a chur ar úsáid margaí ar líne, toisc nach bhfuil aon mhargadh ar líne in ann na ceanglais a chomhlíonadh. D'fhéadfadh roinnt ceanglas cáilíochtúil toirmeasc *de facto* a chur ar úsáid margaí ar líne, toisc nach bhfuil aon mhargadh ar líne in ann na ceanglais a chomhlíonadh, mar shampla, i gcás ina n-éilíonn an soláthróir nach mbeidh lógó an mhargaidh ar líne infheicthe nó a éilíonn go mbeidh ainm ghnó an mhiondíoltóra in ainm fearainn aon láithreáin ghréasáin atá in úsáid ag an miondíoltóir.
- (335) Is féidir le comhaontuithe ingearacha a chuireann srian ar úsáid margaí ar líne leas a bhaint as an díolúine a thugtar le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720, ar choinníoll nach bhfuil sé de chuspóir ag an gcomhaontú, go díreach nó go hindíreach, cosc a chur ar an gceannaitheoir úsáid éifeachtach an idirlín a chosc chun earraí nó seirbhísí an chonartha a dhíol le críocha nó le custaiméirí ar leith, de réir bhrí Airteagal 4, pointe (e) den Rialachán agus nach sáraíonn scaireanna an tsoláthraí agus an cheannaitheora araon na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán (AE).
- (336) Mar atá leagtha amach i roinn 6.1.2. de na Treoirlínte seo, baineann srian nó toirmeasc ar dhíolacháin ar mhargaí ar líne leis an gcaoi a bhféadfaidís an ceannaitheoir díol ar líne agus ní chuireann sé srian ar dhíolacháin le críoch ar leith ná le grúpa custaiméirí ar leith. Cé go gcuireann sé srian ar úsáid cainéal sonrath díolacháin ar líne, tá bealaí díolacháin eile ar líne fós ar fáil don cheannaitheoir <sup>(173)</sup>. Go háirithe, d'ainneoin srian nó toirmeasc ar dhíolacháin ar mhargaí ar líne, féadfaidís an ceannaitheoir fós earraí nó seirbhísí conartha a dhíol trína stór ar líne féin nó ar bhealaí eile ar líne, teicnící optamaithe innill chuardaigh a úsáid nó fógraíocht a dhéanamh ar líne, lena n-áirítear ar ardáin tríú páirtí, d'fhonn infheictheachta stór ar líne nó bealaí díolacháin eile a mhéadú. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidís comhaontú ingearach ina bhfuil srian crua den sórt sin leas a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720.
- (337) Soláthraítear treoraíocht leis an gcuid eile den roinn 8.2.3 seo maidir le measúnú a dhéanamh ar shrianta ar úsáid margaí ar líne i gcásanna aonair i gcás ina sárófar tairseacha sciar an mhargaidh a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/720.
- (338) Is minic a chuirtear srianta ar úsáid margaí ar líne i gcórais dáileacháin roghnaithe. Leagtar amach i Roinn 4.6.2. na critéir ar dá réir a fhéadfaidís córas dáileacháin roghnaitheach teacht lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh <sup>(174)</sup>. I gcásanna nach ndéanann an soláthróir comhaontú leis an margadh ar líne, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an soláthróir in ann a fhíorú go gcomhlíonann an margadh ar líne na coinníollacha nach mór dá dháileoirí údaraithe a chomhlíonadh chun earraí nó seirbhísí an chonartha a dhíol. I gcás den sórt sin, d'fhéadfadh srian nó toirmeasc ar úsáid margaí ar líne a bheith iomchuí agus ní théann sé thar

<sup>(171)</sup> Féach freisin mír (343).

<sup>(172)</sup> Tuarascáil Deiridh d'Fhiosrúchán Earnála r-thráchtála, roinn 4.4.

<sup>(173)</sup> Féach Cás C-230/16 – *Coty Germany*, míreanna 64 go 69.

<sup>(174)</sup> Féach Cás C-230/16 – *Coty Germany*, míreanna 24 go 36.

a bhfuil riachtanach chun an cháilíocht a chaomhnú agus chun úsáid chúí na n-earraí nó na seirbhísí conartha a áirithiú. I gcásanna, áfach, ina gcuireann soláthróir oibreoir margaidh ar líne san áireamh ina chóras dáileacháin roghnaitheach mar dháileoir údaraithe, nó i gcás ina gcuireann sé srian ar dháileoirí údaraithe áirithe ach ní ar dháileoirí eile úsáid a bhaint as margáí ar líne, nó i gcás ina gcuireann sé srian ar mhargadh ar líne a úsáid ach go n-úsáideann sé féin an margadh sin chun na hearraí nó na seirbhísí atá faoi chonradh a dháileadh, ní dócha go gcomhlíonadh srianta ar úsáid margáí ar líne den sórt sin na ceanglais maidir le hoiriúnacht agus comhréireacht <sup>(175)</sup>.

- (339) I gcás ina dtagann dáileadh roghnaíoch faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh, ní mór an comhaontú ceartingearach agus aon srianta ar úsáid margáí ar líne a mheasúnú faoi Airteagal 101 den Chonradh.
- (340) Is é an príomhriosca don iomaíocht a eascraíonn as srianta ar úsáid margáí ar líne an iomaíocht laistigh de bhrandaí a laghdú ar leibhéal an dáileacháin. Mar shampla, féadfaidh dáileoirí údaraithe áirithe, amhail ceannaitheoirí beaga nó meánmhéide, brath ar mhargáí ar líne chun custaiméirí a mhealladh. Le srianta ar mhargáí ar líne a úsáid, d'fhéadfaí cainéal díolacháin a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach a bhaint de na ceannaitheoirí sin agus an srian iomaíoch a chuireann siad i bhfeidhm ar dháileoirí údaraithe eile a laghdú.
- (341) Chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí frithiomaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag srianta ar mhargáí ar líne a úsáid, is gá ar dtús measúnú a dhéanamh ar mhéid na hiomaíochta idirbhrandaí, ós rud é nach dócha go mbeidh éifeachtaí diúltacha ar thomhaltóirí mar thoradh ar laghdú ar iomaíocht in-bhranda ann féin má tá iomaíocht idirbhranda láidir ar leibhéal na soláthróirí agus an dáileora <sup>(176)</sup>. Chun na críche sin, ba cheart staid mhargaidh an tsoláthóra agus a chuid iomaitheoirí a chur san áireamh. Ar an dara dul síos, is gá cineál agus raon feidhme na srianta ar úsáid margáí ar líne a chur san áireamh. Mar shampla, tá cosc iomlán ar dhíolacháin trí mhargáí ar líne níos sriantaí ná srian a bheith ar úsáid margáí áirithe ar líne nó ceanglas a bheith ann gan ach margáí a chomhlíonann critéir cháilíochtúla áirithe a úsáid. Ar an tríú dul síos, ba cheart tábhacht choibhneasta na margáí srianta ar líne mar bhealach díolacháin sna margáí ábhartha táirge agus geografacha a chur san áireamh. Ar deireadh, ba cheart éifeacht charnach aon srianta eile ar dhíolacháin ar líne nó ar fhógraíocht a fhorchuireann an soláthróir a chur san áireamh.
- (342) Mar a leagtar amach i mír (334), d'fhéadfadh éifeachtúlachtaí a bheith mar thoradh ar shrianta ar úsáid margáí ar líne, go háirithe i dtaca le branda nó leibhéal áirithe cáilíochta seirbhíse a chosaint nó le deiseanna góchumtha a laghdú. A mhéid nach bhfuil na srianta lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh cheana, ní mór go mbreithneofar sa mheasúnú cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí na héifeachtúlachtaí a bhaint amach ar bhealach nach bhfuil chomh sriantach céanna, i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina gceadaíonn an margadh ar líne do mhiondíoltóirí a siopa branda féin a chruthú laistigh den mhargadh agus rialú níos mó a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar díolacháin sa siopa branda sin ar an margadh. Ní dócha go gcomhlíonfaidh aon bhonn cirt a bhaineann le cáilíocht a bhfuil an soláthróir ag brath air coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh i gcás ina n-úsáideann an soláthraí féin an margadh ar líne a bhfuil cosc ar an gceannaitheoir úsáid a bhaint as;
- (a) úsáideann an soláthraí féin an margadh ar líne a bhfuil cosc ar an gceannaitheoir a úsáid;
- (b) cuireann an soláthróir an srian ar dháileoirí áirithe ach ní fhorchuireann sé ar dháileoirí eile;
- (c) is comhalta údaraithe den chóras dáileacháin roghnaitheach é féin oibreoir an mhargaidh ar líne.

#### 8.2.4. Srianta ar úsáid uirlisí comparáide praghsanna

- (343) Seirbhísí comparáide praghsanna <sup>(177)</sup>, mar shampla, cuireann suíomhanna gréasáin comparáide ar chumas do mhiondíoltóirí cur lena n-infheictheacht agus trácht a ghiniúint dá suíomh gréasáin agus cuireann siad ar chumas do chustaiméirí féideartha miondíoltóirí a aimsiú, comparáid a dhéanamh idir táirgí éagsúla agus tairiscintí don táirge céanna a chur i gcomparáid le chéile. Méadaíonn seirbhísí comparáide praghsanna trédhearcacht praghsanna agus cuireann siad dlús leis an iomaíocht idir bhranda agus d'fhéadfadh iomaíocht idir-bhranda idir miondíoltóirí a bheith ann.

<sup>(175)</sup> Féach míreanna (147) go (150) de na Treoirí seo; agus Cás C-230/16- *Coty Germany*, míreanna 43 go 58.

<sup>(176)</sup> Féach Cás C-306/20 – *Visma Enterprise*, mír 78.

<sup>(177)</sup> Chun críocha na dTreoirí seo, tagraíonn seirbhísí comparáide praghsais do sheirbhísí nach gcuireann ar chumas úsáideoirí idirbhearta ceannaigh a chur i gcrích ar an tseirbhís. Féadfar seirbhísí a chuireann ar chumas úsáideoirí idirbhearta ceannaigh a thabhairt i gcrích trí fheidhmiúlacht díolacháin agus ceannaigh a sholáthar, féadfar iad a aicmiú mar mhargáí ar líne chun críocha na dTreoirí seo. Pléitear le srianta ar úsáid margáí ar líne i roinn 8.2.3. de na Treoirí seo.

- (344) Murab ionann agus margáí ar líne, ní gnách d'uirlisí comparáide praghsanna feidhmiúlacht díola agus ceannaigh a chur ar fáil, ach atreoraíonn siad custaiméirí chuig suíomh gréasáin an mhiondíoltóra, rud a chumasáíonn idirbheart díreach idir an custaiméir agus an miondíoltóir. Dá bhrí sin, ní bealach díolacháin ar líne díreach iad uirlisí comparáide praghsanna, ach bealach fógraíochta ar líne.
- (345) Is féidir gur mian le soláthróirí srian a chur ar an úsáid a bhaintear as seirbhísí comparáide praghsanna <sup>(178)</sup>, mar shampla chun íomhá a mbranda a chosaint, óir is gnách do sheirbhísí comparáide praghsanna díriú ar phraghas agus seans nach ligfidís do mhiondíoltóirí iad féin a idirdhealú ó mhiondíoltóirí eile trí ghnéithe eile amhail raon nó cáilíocht earraí nó seirbhísí an chonartha. Ar chúiseanna eile a bhaineann le srian a chur le húsáid seirbhísí comparáide praghsanna, d'fhéadfaí deiseanna góchumtha a laghdú nó a samhail ghnó a chosaint, mar shampla, nuair a bhíonn an tsamhail sin ag brath ar ghnéithe amhail speisialtóireacht nó cáilíocht seachas ar phraghas.
- (346) Féadfaidh srianta ar an úsáid a bhaintear as seirbhísí comparáide praghsanna a bheith comhdhéanta de thoirmeasc díreach nó indíreach, nó srianta a bhunaítear ar cheanglais cháilíochta nó ar cheanglais chun ábhar sonrach a chur san áireamh sna tairiscintí a fhógraítear ar an tseirbhís chomparáide praghsanna. Mar shampla, d'fhéadfadh cosc ar úsáid a bhaint as uirlisí comparáide praghsanna a bheith i gceist le srianadh ar fhaisnéis faoi phraghsanna a sholáthar do sheirbhísí comparáide praghsanna, nó ceanglas maidir le húdarú an tsoláthóra a fháil sula mbaintear úsáid as uirlisí comparáide praghsanna, nó srianadh ar bhranda an tsoláthóra a úsáid ar uirlisí comparáide praghsanna.
- (347) Féadfaidh srianta ar an úsáid a bhaintear as uirlisí comparáide praghsanna ardú a chur ar chostais chuardaigh an tomhaltóra agus iomaíocht praghsanna miondíola a dhéanamh níos boige dá bharr. D'fhéadfadh cosc a chur ar úsáid seirbhísí comparáide praghsanna i gcomhaontú ingearach srian a chur ar chumas an cheannaitheora teacht ar chustaiméirí ionchasacha, iad a chur ar an eolas faoina thairiscint agus iad a threorú chuig a stór ar líne. Mar a leagtar amach i mír (203), cuireann toirmeasc ar úsáid seirbhísí comparáide praghsanna cosc ar an gceannaitheoir cainéal iomlán fógraíochta ar líne a úsáid, ar srian cru a é de réir bhrí Airteagal 4, pointe (e) de Rialachán (AE) 2022/720. Má chuirtear cosc ar úsáid seirbhísí comparáide praghsanna, cuirtear bac ar an gceannaitheoir díol le custaiméirí atá suite lasmuigh dá réimse gníomhaíochta agus ar mian leo ceannach ar líne. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh deighilt mhargaidh agus laghdú ar iomaíocht laistigh de bhrandaí a bheith mar thoradh air.
- (348) Os a choinne sin, i gcás ina gcoisceann an comhaontú ingearach úsáid na seirbhísí comparáide praghsanna a dhíríonn ar chustaiméirí i gcríoch nó i ngrúpa custaiméirí a leithdháiltear go heisiach ar cheannaitheoirí eile nó a fhorchoimeádtar go heisiach don soláthróir, féadfaidh sé leas a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720, de bhun na heisceachta a leagtar amach in Airteagal 4, pointí (b)(i), (c)(i)(1) agus (d)(i) den Rialachán a bhaineann le dáileadh eisiach. Mar shampla, féadfar a mheas go ndírítear ar chríoch eisiach le seirbhísí comparáide praghsanna ina n-úsáideann an tseirbhís teanga a úsáidtear go coitianta sa chríoch sin seachas i gcríoch an cheannaitheora, nó i gcás ina n-úsáideann an tseirbhís ainm fearainn atá nasctha leis an gcríoch eisiach.
- (349) Comhaontuithe ingearacha a chuireann srian ar úsáid seirbhísí comparáide praghsanna, ach nach gcuireann cosc go díreach nó go hindíreach ar úsáid na seirbhísí comparáide praghsanna uile, mar shampla ceanglas go gcomhlíonann seirbhísí comparáide praghsanna caighdeáin cháilíochta áirithe, féadfaidh siad tairbhiú den díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720, mura bhfuil sé de chuspóir acu díolacháin a shrianadh i gcríoch shonrach nó i ngrúpa custaiméirí ar leith.
- (350) Cuirtear an treoir seo a leanas ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar chomhaontuithe ingearacha lena gcuirtear srian le húsáid seirbhísí comparáide praghsanna nach dtairbhíonn den díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720.
- (351) Is minic go gcuirtear srianta ar an úsáid a bhaintear as uirlisí comparáide praghsanna i gcórais dáileacháin roghnaithe. I roinn 4.6.2. de na Treoirí seo, leagtar amach na critéir faoina bhfuil córas dáileacháin roghnaitheach lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh. Dá bhrí sin, i gcás ina mbaintear úsáid as srianta ar úsáid seirbhísí comparáide praghsanna i gcomhaontú um dháileadh roghnaitheach, is gá a mheas ar dtús an modh iomchuí agus comhréireach iad na srianta chun cáilíocht an chonartha a chaomhnú nó chun úsáid chuí na n-earraí nó na seirbhísí conartha a áirithiú. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-atreoraíonn seirbhísí comparáide praghsanna custaiméirí féideartha chuig stór ar líne an dáileora údaraithe chun an t-idirbheart díolacháin a thabhairt i gcrích agus go bhfuil an soláthróir in ann rialú a dhéanamh de ghnáth ar stóráil ar líne an dáileora údaraithe trí na critéir roghnúcháin agus trí cheanglais a fhorchur sa chomhaontú dáilte roghnaitheach.

(178) Tuarascáil Deiridh d'Fhiosrúchán Earnála r-thráchtála, Roinn B.4.5.

- (352) I gcás ina n-úsáidtear srianta ar úsáid seirbhísí comparáide praghsanna i gcomhaontú roghnaíoch dáileacháin a thagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh nó i gcineálacha eile comhaontuithe dáileacháin, is gá a mheas an bhfuil éifeacht shriantach shuntasach ag an srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh. Maidir le srianta ar úsáid seirbhísí comparáide praghsanna nach dtairbhíonn den díolúine dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/720, féadfaidh siad, go háirithe, iomaíocht i bpraghsanna boga nó margáí deighilte, a mbeadh tionchar acu ar deireadh thiar ar iomaíocht idirbhrendaí agus ar iomaíocht in-bhranda. Mar shampla, d'fhéadfadh srianta den sórt sin iomaíocht praghsanna a laghdú, trí shrian a chur ar an deis atá ag an gceannaitheoir praghsanna níos ísle a chur in iúl do chustaiméirí ionchasacha. D'fhéadfadh tionchar ar leith a bheith ar iomaíocht in-bhranda i gcás nach bhforchuireann soláthróir na srianta ar a dháileoirí ar fad nó i gcás ina n-úsáideann an soláthróir féin na seirbhísí comparáide praghsanna a chumhdaítear leis an srian. A mhéid a chuirtear cosc ar dháileoirí brath ar bhealach fógraíochta ar líne a d'fhéadfadh a bheith suntasach, ní chuirfidís ach brú iomaíochta teoranta ar an soláthróir ná ar aon dáileoirí eile nach raibh an srian sin orthu.
- (353) Tosca ábhartha don mheasúnú faoi Airteagal 101(1) den Chonradh
- (a) Is é 35 % sciar margaidh an tsoláthóra A.
  - (b) tábhacht na n-uirlisí comparáide praghsanna mar bhealach fógraíochta i margadh táirge agus i margadh geografach earraí nó seirbhísí an chonartha;
  - (c) cineál agus raon feidhme na srianta agus tábhacht choibhneasta na seirbhíse ar leith chun praghsanna a chur i gcomparáid a bhfuil a húsáid srianta nó toirmiscthe;
  - (d) an bhforchuireann an soláthraí srianta freisin ar chumas an cheannaitheora cineálacha eile fógraíochta ar líne a úsáid.
- (354) Ba cheart an éifeacht shriantach chomhcheangailte atá ag an srian ar úsáid seirbhísí comparáide praghsanna agus aon srianta eile ar fhógraíocht ar líne arna bhforchur ag an soláthróir a chur san áireamh.
